2024/2987

4.12.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2987 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Samhain 2024

lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rannchuidíonn Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) leis an riosca sistéamach a laghdú trí thrédhearcacht mhargadh na ndíorthach thar an gcuntar a mhéadú agus trí rioscaí creidmheasa an chontrapháirtí agus na rioscaí oibríochtúla a bhaineann le díorthaigh thar an gcuntar a laghdú.

(2) Gné bhunúsach d'aontas na margaí caipitil is ea iad bonneagair iarthrádála agus tá siad freagrach as réimse próiseas iarthrádála, lena n-áirítear imréiteach. Tá córas imréitigh éifeachtúil iomaíoch san Aontas bunriachtanach d'fheidhmiú mhargaí caipitil an Aontais agus is bunchloch de chobhsaíocht airgeadais an Aontais é. Is gá, dá bhrí sin, rialacha breise a leagan síos chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na seirbhísí imréitigh san Aontas i gcoitinne, agus ar éifeachtúlacht contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) go háirithe, trí nósanna imeachta a chuíchóiriú, go háirithe maidir le seirbhísí nó gníomhaíochtaí breise a chur ar fáil agus maidir le samhlacha riosca CPLanna a athrú, trí leachtacht a mhéadú, trí imréiteach ag CPLanna an Aontais a spreagadh, tríd an gcreat faoina n-oibríonn CPLanna a nuachóiriú, agus tríd an tsolúbthacht is gá a chur ar fáil do CPLanna agus do ghníomhaithe airgeadais eile chun dul san iomaíocht laistigh den mhargadh inmheánach.

(3) Is gá do rannpháirtithe margaidh an Aontais níos mó roghanna a bheith acu a mhéid a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí imréitigh sábháilte agus éifeachtúla. Chun gnólachtaí a mhealladh, ní mór do CPLanna a bheith sábháilte agus athléimneach. Le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, leagtar síos bearta chun trédhearcacht mhargaí na ndíorthach a mhéadú agus rioscaí a mhaolú trí imréiteach agus malartú éarlaise. I ndáil leis sin, tá ról tábhachtach ag CPLanna maidir le rioscaí airgeadais a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a leagan síos chun cobhsaíocht CPLanna an Aontais a fheabhsú tuilleadh, go háirithe trí ghnéithe áirithe den chreat rialála a leasú. Ina theannta sin, agus mar aitheantas ar ról CPLanna an Aontais maidir le cobhsaíocht airgeadais an Aontais a chaomhnú, is gá maoirseacht CPLanna an Aontais a neartú tuilleadh, agus aird ar leith á tabhairt ar an ról atá acu laistigh den chóras airgeadais i gcoitinne agus ar an bhfíoras go gcuireann siad seirbhísí trasteorann ar fáil.

([1]) IO C 204, 12.6.2023, lch. 3.
([2]) IO C 184, 25.5.2023, lch. 49.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 19 Samhain 2024.
([4]) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

(4) Gnó domhanda is ea an t-imréiteach lárnach agus tá rannpháirtithe i margadh an Aontais gníomhach go hidirnáisiúnta. Mar sin féin, ó glacadh leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint, tá ábhair imní curtha in iúl arís agus arís eile, lena n-áirítear ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (ESMA) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), maidir leis na rioscaí leanúnacha do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a eascraíonn as comhchruinniú iomarcach an imréitigh i roinnt CPLanna tríú tír, go háirithe mar gheall ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndálaí struis sa mhargadh. Sa ghearrthéarma, chun maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le héifeachtaí aille a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus an cur isteach tobann ina dhiaidh sin ar rochtain rannpháirtithe i margadh an Aontais ar CPLanna na Ríochta Aontaithe, ghlac an Coimisiún sraith cinntí coibhéise chun rochtain ar CPLanna na Ríochta Aontaithe a choinneáil ar bun. Mar sin féin, d'iarr an Coimisiún ar rannpháirtithe margaidh an Aontais a neamhchosaintí iomarcacha ar CPLanna sistéamacha tríú tír a laghdú sa mheántéarma. D'athdhearbhaigh an Coimisiún an glao sin i dteachtaireacht uaidh an 19 Eanáir 2021 dar teideal *The European economic and financial system: fostering openness, strength and resilience* [Córas eacnamaíoch agus airgeadais na hEorpa: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú]. Rinneadh na rioscaí agus na héifeachtaí a bhaineann le neamhchosaintí iomarcacha ar CPLanna sistéamacha tríú tír a mheas sa tuarascáil a d'fhoilsigh ESMA i mí na Nollag 2021 tar éis measúnú a rinneadh de bhun Airteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil sin go raibh a oiread tábhachta sistéamaí substaintiúla le seirbhísí áirithe arna soláthar ag na CPLanna sin de chuid na Ríochta Aontaithe nach raibh na socruithe reatha faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 leordhóthanach chun na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a bhainistiú. Chun na rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais mar gheall ar an spleáchas iomarcach leanúnach ar CPLanna sistéamacha tríú tír, ach freisin chun feabhas a chur ar chomhréireacht na mbeart do CPLanna tríú tír a mbaineann níos lú rioscaí leo do chobhsaíocht airgeadais an Aontais, is gá an creat a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) a oiriúnú tuilleadh do na rioscaí a bhaineann le CPLanna éagsúla tríú tír.

(5) Le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, díolmhaítear idirbhearta laistigh de ghrúpa ón oibleagáid imréitigh agus ó na ceanglais éarlaise. Chun tuilleadh deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthachta a sholáthar maidir leis an gcreat d'idirbhearta laistigh de ghrúpa, ba cheart creat níos simplí a chur in ionad chóras na gcinntí coibhéise in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a leasú chun liosta tríú tíortha nár cheart díolúine a dheonú ina leith a chur in ionad an ghá atá le cinneadh coibhéise. Sa bhreis air sin, ba cheart Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le cinntí coibhéise i ndáil le hAirteagal 11 den Rialachán sin agus i ndáil leis sin amháin. Ós rud é go dtagraítear in Airteagal 382 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) d'idirbhearta laistigh de ghrúpa de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ba cheart Airteagal 382 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir freisin.

(6) Ós rud é go bhfuil eintitis atá bunaithe i dtríú dtíortha a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcóras náisiúnta um fhrithsciúradh airgid agus um maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac ('tríú tíortha ardriosca'), dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), nó i dtríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, faoi réir timpeallacht rialála nach bhfuil chomh dian céanna, d'fhéadfadh a n-oibríochtaí an riosca a mhéadú, lena n-áirítear mar gheall ar riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca dlíthiúil méadaithe, do chobhsaíocht airgeadais an Aontais. Dá réir sin, níor cheart eintitis den sórt sin a bheith incháilithe lena gcur san áireamh i gcreat na n-idirbheart laistigh de ghrúpa.

(7) Ní gá gurb iad easnaimh straitéiseacha sna córais um fhrithsciúradh airgid agus um maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, nó easpa comhair chun críoch cánach an t-aon toisc a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na rioscaí, lena n-áirítear riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca dlíthiúil, a bhaineann le conarthaí díorthach. Tá ról freisin ag tosca eile, amhail an creat maoirseachta. Ba cheart, dá bhrí sin, an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na tríú tíortha a shainaithint nach gceadaítear dá n-eintitis tairbhiú de na

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

([6]) Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint (IO L 322, 12.12.2019, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1)

([8]) Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L, 2024/1624, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1624/oj).

díolúintí sin laistigh de ghrúpa in ainneoin nár sainaithníodh iad mar thríú tíortha ardriosca nó nach liostaítear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach. I bhfianaise an fhíorais go dtairbhíonn idirbhearta laistigh de ghrúpa de cheanglais rialála laghdaithe, ba cheart do rialálaithe agus do mhaoirseoirí faireachán agus measúnú cúramach a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hidirbhearta a bhaineann le heintitis ó thríú tíortha.

(8) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir institiúidí creidmheasa de chuid an Aontais agus institiúidí creidmheasa tríú tír a thairgeann seirbhísí imréitigh do shocruithe scéimeanna pinsin, ba cheart díolúine ón oibleagáid imréitigh faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a thabhairt isteach i gcás ina ndéanann contrapháirtí airgeadais de chuid an Aontais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh nó contrapháirtí neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh idirbheart le socrú scéimeanna pinsin atá bunaithe i dtríú tír agus atá díolmhaithe ón oibleagáid imréitigh faoi dhlí náisiúnta an tríú tír sin.

(9) Le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cuirtear chun cinn úsáid an imréitigh lárnaigh mar an bpríomhtheicníc maolaithe riosca do dhíorthaigh thar an gcuntar. Dá bhrí sin, is fearr na rioscaí a bhaineann le conradh díorthach thar an gcuntar a mhaolú nuair atá an conradh díorthach thar an gcuntar sin imréitithe ag CPL údaraithe nó aitheanta faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (‘CPL údaraithe nó aitheanta’). Dá bhrí sin, agus an suíomh á ríomh i gcomparáid leis na tairseacha imréitigh a shonraítear de bhun Airteagal 10(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, níor cheart ach na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin nach bhfuil imréitithe ag CPL údaraithe nó aitheanta a áireamh sa ríomh sin. Chun a áirithiú nach ndéanfaidh an mhodheolaíocht nua difear do chumhdach stuama reatha na hoibleagáide imréitigh, is iomchuí a thabhairt de chumhacht do ESMA tairseach imréitigh chomhiomlán a shocrú freisin, más gá.

(10) Laghdaíonn seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála (PTRR) rioscaí punann díorthach, amhail riosca creidmheasa agus riosca oibriúcháin, agus, dá bhrí sin, is uirlis luachmhar iad chun athléimneacht mhargadh na ndíorthach thar an gcuntar a fheabhsú. Áirítear orthu sin seirbhísí amhail comhbhrú punainne, optamú punainne agus seirbhísí athchothromaithe. Is minic a úsáideann soláthraithe seirbhíse PTRR ionstraimí casta airgeadais chun a áirithiú nach mbeidh na hidirbhearta a eascraíonn as cleachtaí PTRR faoi réir na hoibleagáide imréitigh. Leis sin, teorannaítear inúsáidteacht agus inrochtaineacht seirbhísí PTRR do rannpháirtithe ardfhorbartha i margaí airgeadais agus laghdaítear na tairbhí a eascraíonn as seirbhísí PTRR a úsáid, toisc go méadaíonn úsáid táirgí casta nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide imréitigh an riosca sa chóras airgeadais. I bhfianaise na dtairbhí a bhaineann le seirbhísí PTRR, ba cheart a n-úsáid a éascú agus a chur ar fáil do ghrúpa níos leithne rannpháirtithe sa mhargadh. Dá bhrí sin, ba cheart idirbhearta a eascraíonn as seirbhísí PTRR a dhíolmhú ón oibleagáid imréitigh. Ag an am céanna, chun úsáid shábháilte agus éifeachtúil seirbhísí PTRR a áirithiú, ba cheart an díolúine a bheith faoi réir coinníollacha iomchuí atá le sonrú tuilleadh agus le comhlánú ag ESMA.

(11) Is gá aghaidh a thabhairt ar na rioscaí cobhsaíochta airgeadais a bhaineann le neamhchosaintí iomarcacha chomhaltaí imréitigh agus chliaint an Aontais ar CPLanna tríú tír (CPLanna Leibhéal 2) a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh atá sainaitheanta ag ESMA mar sheirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo de bhun Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. I mí na Nollag 2021, tháinig ESMA ar an gconclúid go bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit le soláthar seirbhísí imréitigh áirithe arna soláthar ag dhá CPL Leibhéal 2, is é sin le rá do dhíorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú in euro, do dhíorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú i zloty na Polainne, do bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa arna n-ainmniú in euro, agus do dhíorthaigh ráta úis ghearrthéarmaigh arna n-ainmniú in euro. Faoi mar a thug ESMA dá aire ina thuarascáil mheasúnachta i mí na Nollag 2021, dá mbeadh ar na CPLanna sin ar Leibhéal 2 aghaidh a thabhairt ar anás airgeadais, d’fhéadfadh athruithe ar chomhthaobhacht incháilithe, ar éarlaisí nó ar chaolchorrlaigh na CPLanna sin tionchar diúltach a imirt ar mhargaí bannaí ceannasacha Ballstáit amháin nó níos mó, agus ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais i gcoitinne. Ina theannta sin, d’fhéadfadh suaitheadh sna margaí atá ábhartha do chur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta cur isteach ar an sásra tarchurtha atá ríthábhachtach do bhainc cheannais eisiúna. Is iomchuí, dá bhrí sin, ceangal a chur ar chontrapháirtithe airgeadais agus ar chontrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh cuntais a shealbhú, go díreach nó go hindíreach, agus líon ionadaíoch idirbheart a imréiteach ag CPLanna an Aontais. Leis an gceanglas sin, ba cheart rannchuidiú le laghdú a dhéanamh ar na seirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo a bheith á soláthar ag na CPLanna Leibhéal 2 sin. I bhfianaise forbairtí sa mhargadh le déanaí, go háirithe maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa arna n-ainmniú in euro, is iomchuí nach mbeidh feidhm ag an gceanglas ach amháin maidir le díorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú in euro agus i zloty na Polainne agus díorthaigh ráta úis ghearrthéarmaigh arna n-ainmniú in euro, sa bhreis ar aon seirbhís imréitigh eile a mheastar a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil léi i measúnuithe amach anseo de bhun Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(12) Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas maidir le cuntas gníomhach maidir le contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh agus ba cheart é a bheith thar na tairseacha imréitigh in aon cheann de na catagóirí conarthaí díorthach a shainaithníonn ESMA mar chonarthaí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo. Agus fíorú á dhéanamh an bhfuil siad faoi réir an cheanglais maidir le cuntas gníomhach, ba

cheart do chontrapháirtithe atá mar chuid de ghrúpaí a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas na conarthaí díorthach a bhaineann le seirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo agus atá imréitithe ag aon eintiteas laistigh den ghrúpa, lena n-áirítear eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha, a chur san áireamh, ós rud é go bhféadfadh na conarthaí sin rannchuidiú le neamhchosaint iomarcach an ghrúpa ina iomláine. Ba cheart conarthaí díorthach de chuid fochuideachtaí tríú tír de ghrúpaí de chuid an Aontais a chur san áireamh freisin chun cosc a chur ar na grúpaí sin a ngníomhaíochtaí imréitigh a bhogadh amach as an Aontas chun an ceanglas maidir le cuntas gníomhach a sheachaint. Contrapháirtí atá faoi réir an cheanglais maidir le cuntas gníomhach agus a bhaineann le grúpa, ba cheart é a bheith de cheangal air an oibleagáid ionadaíochais bunaithe ar a idirbhearta féin a chomhlíonadh. Eintitis tríú tír nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide imréitigh faoi dhlí an Aontais, níl siad faoi réir na hoibleagáide cuntas gníomhach a choinneáil.

(13) Is ceanglas nua é an ceanglas maidir le cuntas gníomhach. Ba cheart a chur san áireamh i gceart úrnuacht an cheanglais agus an gá atá ann do rannpháirtithe sa mhargadh dul in oiriúint dó de réir a chéile. Sin é an fáth gurb iomchuí do rannpháirtithe sa mhargadh an ceanglas maidir le cuntas gníomhach a chomhlíonadh trí chuntais fheidhmiúla bhuana a bhunú ag CPLanna an Aontais. Ba cheart eilimintí oibríochtúla a áireamh sa cheanglas maidir le cuntas gníomhach. Ba cheart an cuntas a bheith oiriúnach chun líon suntasach trádálacha a bhogtar amach ó CPL Leibhéal 2 a imréiteach go tapa agus chun na trádálacha nua go léir a imréiteach ar trádálacha iad atá i gcatagóirí na gconarthaí díorthach a shainaithnítear mar chonarthaí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo. Ba cheart do na heilimintí oibríochtúla sin rannchuidiú freisin le contrapháirtithe a dhreasú chun trádálacha a bhogadh chuig an Aontas. I ndáil leis sin, is iomchuí go gcuirfí san áireamh cás na gcontrapháirtithe atá ag imréiteach méid suntasach dá n-idirbhearta i ndíorthaigh ráta úis arna n-ainmniú in euro agus i zloty na Polainne, agus i ndíorthaigh ráta úis gearrthéarmacha arna n-ainmniú in euro, ag CPLanna an Aontais. Níor cheart do na contrapháirtithe sin a bheith faoi réir na gceanglas oibriúcháin a bhaineann leis an gceanglas maidir le cuntas gníomhach.

(14) Chun a áirithiú go rannchuideoidh an ceanglas maidir le cuntas gníomhach leis an gcuspóir uileghabhálach maidir le laghdú a dhéanamh ar neamhchosaintí iomarcacha ar sheirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo arna gcur ar fáil ag CPLanna tríú tír agus chun a áirithiú nach bhfuil an cuntas díomhaoin, ba cheart líon íosta conarthaí díorthach a imréiteach sna cuntais ghníomhacha. Ba cheart do na conarthaí sin a bheith ionadaíoch d'fhochatagóirí éagsúla na gconarthaí díorthach a bhaineann le seirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo ('an oibleagáid ionadaíochta'). Ba cheart a léiriú san oibleagáid ionadaíochta éagsúlacht phunanna na gcontrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir an cheanglais maidir le cuntas gníomhach. Ba cheart conarthaí a bhfuil aibíochtaí éagsúla agus méideanna éagsúla acu a imréiteach trí na cuntais ghníomhacha, chomh maith le conarthaí de chineál eacnamaíoch éagsúil, lena n-áirítear gach aicme díorthach ráta úis atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh faoi Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/2205 ([9]) agus (AE) 2016/1178 ón gCoimisiún ([10]) a mhéid a bhaineann leo sin atá ainmnithe i zloty na Polainne. Chun an líon íosta conarthaí díorthach ar cheart iad a imréiteach trí na cuntais ghníomhacha a shainiú, ba cheart do ESMA suas le 3 aicme díorthach a shainaithint i measc na gconarthaí díorthach a bhaineann leis na seirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo. Ina theannta sin, ba cheart do ESMA suas le cúig fhochatagóir trádálacha is ábhartha a shainaithint, in aghaidh aicme díorthach, bunaithe ar mheascán de mhéid agus aibíocht. Ba cheart a cheangal ar chontrapháirtithe ansin 5 thrádáil ar a laghad a imréiteach sa tréimhse thagartha i ngach fochatagóir ábhartha. Ba cheart 5 thrádáil ar a laghad sa tréimhse thagartha a bheith i líon na gconarthaí díorthach a bheidh le himréiteach ar bhonn meán bliantúil, rud a chiallaíonn gur cheart d'údaráis inniúla líon iomlán na dtrádálacha thar thréimhse bliana a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu an gcomhlíonann contrapháirtithe an oibleagáid ionadaíochta. Chun cur chuige comhréireach a áirithiú agus chun nach gcuirfear ualach iomarcach ar chontrapháirtithe a bhfuil gníomhaíocht theoranta acu sna fochatagóirí éagsúla de chonarthaí díorthach arna sainaithint ag ESMA, ba cheart feidhm a bheith ag tairseach de minimis maidir leis an oibleagáid ionadaíochta. Ina theannta sin, is gá an tsamhail shonrach ghnó de shocruithe scéimeanna pinsin an Aontais a chur san áireamh go cuí. I roinnt cásanna, bíonn líon teoranta trádálacha díorthach ráta úis ag socruithe den sórt sin, atá comhchruinnithe, fadtéarmach agus a bhfuil méid barúlach ard acu. Is é sin an fáth gurb iomchuí oibleagáid ionadaíochta laghdaithe a bhunú, lena gceanglófaí go ndéanfaí trádáil amháin a imréiteach in ionad 5 cinn de na fochatagóirí is ábhartha in aghaidh na tréimhse tagartha. Ba cheart do na Ballstáit íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla iomchuí a thabhairt isteach i gcásanna ina mainníonn contrapháirtí atá faoi réir an cheanglais maidir le cuntas gníomhach a oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis na critéir oibríochtúla nó an oibleagáid ionadaíochta.

(15) Tá ról tábhachtach ag ESMA sa mheasúnú ar thábhacht shistéamach shubstaintiúil CPLanna tríú tír agus a seirbhísí imréitigh. Tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó tráth ar bith i gcás riosca cobhsaíochta airgeadais, ba cheart do ESMA measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí an Rialacháin seo maidir le neamhchosaintí ar CPLanna Leibhéal 2 a bhfuil tábhacht shistéamach leo a laghdú agus iad a thuairisciú do

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 314, 1.12.2015, lch. 13).

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 195, 20.7.2016, lch. 3).

Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún. Ba cheart do ESMA aon bhearta a mheasann sé a bheith riachtanach a mholadh, chomh maith le tairseacha cainníochtúla, agus measúnú tionchair agus anailís costais is tairbhe a chur leo. Ba cheart do ESMA comhoibriú leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) agus leis an Sásra Faireacháin Comhpháirteach arna bhunú leis an Rialachán seo agus a mheasúnú agus a thuarascáil á ndréachtú aige. Laistigh de 6 mhí tar éis dó tuarascáil ESMA a fháil, ba cheart don Choimisiún a thuarascáil féin a ullmhú agus féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil léi, i gcás inarb iomchuí.

(16) Agus é mar aidhm leis imréiteach a spreagadh san Aontas, agus cobhsaíocht airgeadais an Aontais a áirithiú, agus chun a áirithiú go mbeidh na cliaint ar an eolas faoina roghanna agus gur féidir leo cinneadh eolasach a dhéanamh maidir leis an áit ar cheart a gconarthaí díorthach a imréiteach, ba cheart do chomhaltaí imréitigh agus do chliaint a chuireann seirbhísí imréitigh ar fáil i CPLanna údaraithe nó aitheanta araon a gcliaint a chur ar an eolas faoin rogha conradh díorthach a imréiteach trí CPL de chuid an Aontais. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis a sholáthraítear faisnéis faoi na costais uile a ghearrann comhaltaí imréitigh agus cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh ar chliaint. An fhaisnéis faoi costais ba cheart do chomhaltaí imréitigh agus do chliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh a nochtadh, ba cheart í a theorannú do CPLanna an Aontais a gcuireann siad seirbhísí imréitigh ar fáil ina leith. Tá an oibleagáid cliaint a chur ar an eolas faoin rogha conradh díorthach a imréiteach trí CPL de chuid an Aontais éagsúil leis an gceanglas maidir le cuntas gníomhach agus tá sé beartaithe í a chur i bhfeidhm ar bhonn níos ginearálta chun feasacht a áirithiú maidir le tairiscint imréitigh CPLanna an Aontais.

(17) Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis is gá ag na húdaráis inniúla faoi na gníomhaíochtaí imréitigh a dhéanann comhaltaí imréitigh nó cliaint i CPLanna tríú tír aitheanta, ba cheart oibleagáid tuairiscithe a thabhairt isteach do na comhaltaí imréitigh sin nó do na cliaint sin. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh san fhaisnéis atá le tuairisciú idir idirbhearta urrús, idirbhearta díorthach ar mhargaí rialáilte agus idirbhearta díorthach thar an gcuntar. Ba cheart do ESMA mionsonraí a sholáthar ar ábhar agus formáid na faisnéise atá le tuairisciú, agus, ar an gcaoi sin, ba cheart dó a áirithiú nach gcruthófar ceanglais tuairiscithe bhreise leis an oibleagáid, mura gá sin, ionas go n-íoslaghdófar an t-ualach riaracháin ar chomhaltaí imréitigh agus ar chliaint.

(18) Faoin gcreat atá ann faoi láthair, faigheann ESMA sonraí idirbheart faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus faoi Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), lena dtugtar léargas uile-Aontais ar mhargaí, ach ní ar bhainistiú riosca CPLanna. Dá bhrí sin, sa bhreis ar na sonraí sin, ba cheart do ESMA faisnéis thráthúil iontaofa a éileamh faoi ghníomhaíochtaí agus cleachtais CPLanna chun a shainordú cobhsaíochta airgeadais a chomhlíonadh. Dá réir sin, ba cheart ceanglas foirmiúil tuairiscithe a thabhairt isteach maidir le sonraí bainistithe riosca CPLanna ó CPLanna an Aontais chuig ESMA. Dá dtabharfaí ceanglas den sórt sin isteach, chuideofaí freisin le caighdeánú agus inchomparáideacht a neartú tuilleadh ar fud na sonraí agus d'áiritheofaí go ndéanfaí sonraí a sheachadadh go tréimhsiúil.

(19) Leis na heachtraí struis a tharla le déanaí i margaí tráchtearraí, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le léargas cuimsitheach a bheith ag na húdaráis ar ghníomhaíochtaí díorthach agus ar neamhchosaintí contrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh. Maidir le contrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh atá mar chuid de ghrúpa a bhfuil a n-idirbhearta laistigh de ghrúpa díolmhaithe ón oibleagáid tuairiscithe, ba cheart dá máthairghnóthas de chuid an Aontais a suíomhanna díorthach a thuairisciú ar bhonn comhiomlán. Ba cheart an tuairisciú a dhéanamh ar bhonn seachtainiúil ar leibhéal an eintitis agus ba cheart é a mhiondealú de réir an chineáil díorthach. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar do ESMA agus d'údarás inniúil ábhartha na n-eintiteas aonair sa ghrúpa. Is iomchuí freisin breathnú ar na hábhair imní a chuir an pobal maoirseachta in iúl maidir le cáilíocht na sonraí arna dtuairisciú ag contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar eintitis atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 sin dícheall cuí a fheidhmiú trí nósanna imeachta agus socruithe iomchuí a bhunú chun cáilíocht na sonraí a áirithiú, sula dtíolacfar na sonraí. Ba cheart do ESMA treoirlínte a eisiúint chun nósanna imeachta agus socruithe den sórt sin a shonrú tuilleadh, agus an fhéidearthacht na ceanglais a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach á cur san áireamh. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le cáilíocht na sonraí, ba cheart do na Ballstáit pionóis iomchuí a ghlacadh i gcás ina bhfuil earráidí follasacha córasacha sna sonraí a thuairiscítear. Ba cheart do ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun a shonrú cad is earráid fhollasach chórasach ann chun na pionóis sin a fhorchur. Cé go bhfuil an deis ag eintitis a dtuairisciú a tharmligean, leanfaidh siad de bheith freagrach i gcás ina bhfuil na sonraí atá á dtuairisciú ag an eintiteas ar tharmlig siad a dtuairisciú dó míchruinn nó dúblach.

([11]) Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1).

(20) Chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla ar an eolas i gcónaí faoi neamhchosaintí ar leibhéal an eintitis agus ar leibhéal an ghrúpa agus go mbeidh siad in ann faireachán a dhéanamh ar neamhchosaintí den sórt sin, ba cheart do na húdaráis inniúla nósanna imeachta comhair éifeachtacha a bhunú chun suíomhanna i gconarthaí nach bhfuil imréitithe ag CPL údaraithe nó aitheanta a ríomh agus chun meastóireacht agus measúnú gníomhach a dhéanamh ar leibhéal na neamhchosanta i gconarthaí díorthach thar an gcuntar ar leibhéal an eintitis agus ar leibhéal an ghrúpa. Ionas go mbeidh léargas foriomlán ag ESMA ar ghníomhaíocht díorthach thar an gcuntar a dhéanann contrapháirtithe neamhairgeadais atá bunaithe san Aontas, chomh maith lena máthairghnóthais, ba cheart do na húdaráis atá freagrach as na contrapháirtithe neamhairgeadais agus na máthairghnóthais sin tuairisciú do ESMA ar bhonn tráthrialta. Le tuairisciú den sórt sin, níor cheart dúbailt a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tíolacadh cheana féin trí bhíthin ceanglais tuairiscithe eile a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ach ina ionad sin, ba cheart faisnéis a sholáthar faoi fhorbairt phunanna na gcontrapháirtithe neamhairgeadais sin idir dhá dháta tuairiscithe, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhféadfadh contrapháirtithe den sórt sin a bheith neamhchosanta orthu. Ba cheart do na húdaráis atá freagrach as contrapháirtithe neamhairgeadais atá mar chuid de ghrúpa comhoibriú chun an t-ualach tuairiscithe a íoslaghdú agus chun measúnú a dhéanamh ar dhéine agus cineál na gníomhaíochta i ndíorthaigh thar an gcuntar de chuid na gcontrapháirtithe neamhairgeadais sin.

(21) Is gá a áirithiú go leanfaidh Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún ([12]) ,a bhaineann leis na critéir chun a shuí cé na conarthaí díorthach thar an gcuntar is féidir a thomhas go hoibiachtúil mar chonarthaí lena laghdaítear riosca, de bheith iomchuí i gcónaí i bhfianaise forbairtí sa mhargadh. Is gá a áirithiú freisin le luachanna na dtairseach imréitigh a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin go léireofar go cuí agus go cruinn na rioscaí agus na saintréithe éagsúla i ndíorthaigh, seachas díorthaigh ráta úis, malairte eachtraí, creidmheasa agus cothromais. Dá bhrí sin, ba cheart do ESMA athbhreithniú agus soiléiriú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar an Rialachán Tarmligthe sin agus leasuithe a mholadh más gá. Moltar do ESMA tuilleadh gráinneachta a mheas agus a sholáthar, *inter alia*, do dhíorthaigh tráchtearraí. D'fhéadfaí an ghráinneacht sin a bhaint amach trí na tairseacha imréitigh a dheighilt de réir earnála agus cineáil, amhail idirdhealú a dhéanamh idir talmhaíocht, fuinneamh nó tráchtearraí a bhaineann le miotail nó idirdhealú a dhéanamh idir na tráchtearraí sin bunaithe ar ghnéithe eile amhail critéir chomhshaoil, shóisialta agus rialachais, infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó gnéithe a bhaineann le criptea-airgeadraí. Le linn an athbhreithnithe, ba cheart do ESMA féachaint le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha a bhfuil eolas sonrach acu ar thráchtearraí ar leith.

(22) Contrapháirtithe neamhairgeadais a dhéanann comhthaobhacht a mhalartú le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach, ba cheart a ndóthain ama a bheith acu chun caibidlíocht a dhéanamh agus chun tástáil a dhéanamh ar na socruithe maidir leis an gcomhthaobhacht sin a mhalartú.

(23) Chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint agus cothrom iomaíochta a áirithiú, agus ag aithint nach bhfuil malartú athrúcháin agus éarlais tosaigh le haghaidh roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais faoi réir ceanglais éarlaise choibhéiseacha i roinnt dlínsí tríú tír, ba cheart láimhseáil na dtáirgí sin a dhíolmhú ón gceanglas nósanna imeachta bainistithe riosca a bheith ann maidir le malartú comhthaobhachta atá tráthúil, beacht agus leithscartha go hiomchuí, a fhad is nach bhfuil cóineasú idirnáisiúnta leordhóthanach ann maidir lena láimhseáil. Ba cheart do ESMA, i gcomhar leis an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (ÚBE) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) agus leis an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) (ÚEÁPC) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) (ar a dtugtar le chéile 'ÚMEnna'), faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí rialála i ndlínsí tríú tír agus ar fhorbairt neamhchosaintí ag contrapháirtithe atá faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais nach bhfuil imréitithe ag CPL, agus ba cheart dó torthaí an fhaireacháin sin a thuairisciú don Choimisiún gach 3 bliana ar a laghad. I gcás ina bhfuil tuarascáil den sórt sin faighte ag an gCoimisiún, ba cheart dó a mheas an bhfuil níos mó cóineasaithe ann mar thoradh ar fhorbairtí idirnáisiúnta maidir le láimhseáil roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais agus an gcuireann an maolú cobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit i mbaol. I gcás den sórt sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún an maolú maidir le láimhseáil roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais a chúlghairm. Ar an gcaoi sin, is féidir a áirithiú go bhfuil ceanglais iomchuí

([12]) Rialachán tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála ar shocruithe imréitigh indírigh, an oibleagáid imréitigh, an clár poiblí, rochtain ar ionad trádála, contrapháirtithe neamhairgeadais, agus teicnící maolaithe riosca le haghaidh conarthaí díorthach OTC nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach (IO L 52, 23.2.2013, lch. 11).

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

i bhfeidhm san Aontas chun riosca creidmheasa contrapháirtí a mhaolú i leith conarthaí den sórt sin, agus aon deis le haghaidh arbatráiste rialála á seachaint ag an am céanna.

(24) Chun na ceanglais éarlaise tosaigh a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a chomhlíonadh, úsáideann líon mór rannpháirtithe i margadh an Aontais samhlacha éarlaise tosaigh uile-thionscail, pro forma. Ós rud é go n-úsáidtear na samhlacha sin ar fud an tionscail, ní dócha go ndéanfar iad a mhodhnú go suntasach le tosaíocht gach úsáideora aonair ná leis na measúnuithe éagsúla a dhéanann gach údarás inniúil a údaraíonn úsáid na samhlacha sin ag na heintitis a ndéanann sé maoirseacht orthu. Go hiarbhír, ós rud é go n-úsáideann líon mór contrapháirtithe de chuid an Aontais an tsamhail chéanna, eascraíonn fadhb chomhordúcháin as an ngá atá ann dá thoradh sin leis an tsamhail sin a bheith á bailíochtú ag an iliomad údarás inniúil. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, ba cheart é a chur de chúram ar ÚBE feidhmiú mar bhailíochtóir lárnach le haghaidh samhlacha pro forma den sórt sin. Ina ról mar bhailíochtóir lárnach, ba cheart do ÚBE eilimintí agus gnéithe ginearálta na samhlacha pro forma sin a bhailíochtú, lena n-áirítear a gcalabrú, a ndearadh agus a mhéid a chumhdaítear ionstraimí, aicmí sócmhainní agus fachtóirí riosca leo. Chun cabhrú le ÚBE ina chuid oibre, ba cheart do ÚBE aiseolas a bhailiú ó údaráis inniúla, ó ESMA agus ó ÚEÁPC, agus a dtuairimí a chomhordú. Ós rud é go leanfadh na húdaráis inniúla de bheith freagrach as úsáid na samhlacha pro forma sin a údarú agus as faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme ar leibhéal an eintitis faoi mhaoirseacht, ba cheart do ÚBE cúnamh a thabhairt do na húdaráis inniúla ina bpróisis formheasa maidir leis na gnéithe ginearálta de chur chun feidhme na samhlacha pro forma sin. Ina theannta sin, ba cheart do ÚBE feidhmiú mar phointe aonair plé leis an tionscal chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh comhordú níos éifeachtaí ag an Aontas ar dhearadh na samhlacha sin. Leanfaidh na húdaráis inniúla de bheith freagrach as úsáid samhlacha den sórt sin a údarú agus as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na samhlacha sin ar leibhéal an eintitis faoi mhaoirseacht.

(25) Tá sé de shaoirse ag bainc cheannais, ag comhlachtaí poiblí a bhfuil sé de chúram orthu an fiachas poiblí a bhainistiú nó idiragairt ann, agus ag eintitis earnála poiblí, rogha a dhéanamh maidir le seirbhísí imréitigh CPLanna a úsáid chun a gconarthaí díorthach a imréiteach. I gcás ina gcinneann siad na seirbhísí sin a úsáid, moltar dóibh imréiteach a dhéanamh, i bprionsabal, trí CPLanna an Aontais ina bhfuil na táirgí atá á lorg ar fáil. Ós rud é go bhfuil éagsúlacht sna módúlachtaí maidir le rannpháirtíocht na n-eintiteas sin i CPLanna ar fud na mBallstát agus i bhfianaise cleachtais éagsúla maidir le neamhchosaintí na n-eintiteas sin ar CPLanna an Aontais a ríomh agus maidir lena ranníocaíocht le hacmhainní airgeadais na CPLanna sin, bheadh sé inmhianaithe na gnéithe sin a chomhchuibhiú tuilleadh, trí bhíthin treoirlínte ESMA.

(26) Ba cheart do ÚBE, i gcomhar le ESMA agus ÚEÁPC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú chun nósanna imeachta maoirseachta a shonrú lena n-áiritheofar bailíochtú tosaigh agus leanúnach na nósanna imeachta bainistithe riosca. Chun comhréireacht a áirithiú, níor cheart ach na contrapháirtithe airgeadais is gníomhaí i ndíorthaigh thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL a bheith faoi réir na nósanna imeachta a shonraítear sna caighdeáin theicniúla rialála sin.

(27) Chun cur chuige comhsheasmhach agus cóineasaithe a áirithiú i measc na n-údarás inniúil ar fud an Aontais, ba cheart do CPLanna údaraithe nó do dhaoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas ar mian leo údarú a fháil faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun seirbhísí imréitigh agus gníomhaíochtaí in ionstraimí airgeadais a chur ar fáil a bheith in ann a bheith údaraithe freisin chun seirbhísí imréitigh agus gníomhaíochtaí eile i ndáil le hionstraimí neamhairgeadais a chur ar fáil. Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le CPLanna mar eintitis, agus ní maidir le seirbhísí sonracha. Nuair a imréitíonn CPL ionstraimí neamhairgeadais, de bhreis ar ionstraimí airgeadais, ba cheart d'údarás inniúil an CPL a bheith in ann a áirithiú go bhfuil an CPL ag comhlíonadh Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 le haghaidh na seirbhísí uile a thairgeann sé.

(28) Tá dúshláin roimh CPLanna an Aontais maidir lena dtairiscint táirgí le haghaidh seirbhísí imréitigh a leathnú agus bíonn deacrachtaí acu seirbhísí imréitigh a thabhairt chun an mhargaidh le haghaidh táirgí nua. I bhfianaise na ndúshlán agus na ndeacrachtaí sin agus i gcomhréir leis an gcuspóir feabhas a chur ar tharraingteacht chóras imréitigh an Aontais, ba cheart simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le CPLanna san Aontas a údarú nó maidir le húdarú CPLanna a leathnú, agus ba cheart amlínte sonracha a bheith san áireamh leis, agus rannpháirtíocht iomchuí ESMA agus an choláiste de CPL an Aontais lena mbaineann á háirithiú ag an am céanna. Ar an gcéad dul síos, chun moilleanna suntasacha, agus moilleanna a d'fhéadfadh a bheith éiginnte, a sheachaint, ba cheart admháil go bhfuarthas an t-iarratas a sholáthar go tapa agus ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh, ina dhiaidh sin, ar iomláine iarratais ar údarú. Daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas agus ar mian leo a bheith údaraithe mar CPLanna agus CPLanna de chuid an Aontais ar mian leo a n-údaruithe a leathnú, chun a áirithiú go ndéanfaidh siad na doiciméid agus an fhaisnéis uile is gá a thíolacadh lena n-iarratais, ba cheart do ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme a fhorbairt ina sonrófar cé na doiciméid atá le soláthar, cén fhaisnéis atá le bheith sna doiciméid sin agus cén fhormáid ina bhfuil siad le tíolacadh. Agus dréachtchaighdeáin theicniúla rialála á n-ullmhú aige, cuirfidh ESMA san áireamh na ceanglais agus na cleachtais doiciméadachta atá ann cheana faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus déanfaidh sé a dtíolacadh a chuíchóiriú i gcás inar féidir chun go seachnófaí am iomarcach chun an mhargaidh agus go n-áiritheofaí go mbeidh an fhaisnéis atá le cur ar fáil ag an CPL

a dhéanann iarratas ar údarú a leathnú comhréireach le hábharthacht an athraithe a bhfuil an CPL ag cur isteach air, gan an próiseas foriomlán a dhéanamh casta, dian agus díréireach ar bhonn míchuí. Ar an dara dul síos, chun measúnú éifeachtúil agus comhthráthach ar iarratais a áirithiú, daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas ar mian leo a bheith údaraithe mar CPLanna agus CPLanna de chuid an Aontais ar mian leo a n-údaruithe a leathnú, ba cheart dóibh a bheith in ann na doiciméid uile a thíolacadh trí bhunachar sonraí lárnach. Ar an tríú dul síos, ba cheart d'údarás inniúil an CPL, le linn na tréimhse measúnúcháin, ceisteanna ón údarás inniúil sin, ó ESMA nó ón gcoláiste a chomhordú agus a chur faoi bhráid an duine dhlítheanaigh atá bunaithe san Aontas ar mian leis a bheith údaraithe mar CPL agus faoi bhráid CPLanna de chuid an Aontais ar mian leo a n-údaruithe a leathnú, chun próiseas tapa, solúbtha agus comhoibritheach a áirithiú le haghaidh athbhreithniú cuimsitheach. Chun dúbláil agus moilleanna nach bhfuil gá leo a sheachaint, ba cheart na ceisteanna agus na soiléirithe uile ina dhiaidh sin a roinnt go comhuaineach idir údarás inniúil an CPL, ESMA agus an coláiste.

(29) Tá éiginnteacht ann faoi láthair maidir le cathain a chumhdaítear seirbhís bhreise nó gníomhaíocht bhreise le húdarú CPL atá ann cheana. Is gá aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht sin agus comhréireacht a áirithiú nuair nach méadaíonn an tseirbhís bhreise nó an ghníomhaíocht bhreise atá beartaithe nach bhfuil cumhdaithe ag údarú atá ag CPL cheana na rioscaí don CPL go suntasach. I gcás den sórt sin, níor cheart an tseirbhís bhreise nó an ghníomhaíocht bhreise a chur faoin nós imeachta measúnaithe iomlán, ach ina ionad sin ba cheart di tairbhe a bhaint as nós imeachta brostaithe. Níor cheart a éileamh leis an nós imeachta brostaithe tuairim ar leithligh ó ESMA agus ón gcoláiste ós rud é go mbeadh ceanglas den sórt sin díréireach, ach ba cheart do ESMA agus do chomhaltaí an choláiste ionchur a sholáthar d'údarás inniúil an CPL maidir leis an measúnú i dtaobh an gcáilíonn an leathnú mar leathnú a thagann faoin nós imeachta brostaithe. Chun cóineasú maoirseachta a áirithiú, ba cheart do ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an nós imeachta brostaithe a shonrú tuilleadh chomh maith leis an nós imeachta chun a ionchur agus ionchur an choláiste a sholáthar.

(30) Chun an t-ualach riaracháin ar CPLanna agus ar na húdaráis inniúla a mhaolú, gan próifíl riosca fhoriomlán CPL a mhodhnú, ba cheart na CPLanna a bheith in ann leathnú ar sheirbhísí a chur chun feidhme le haghaidh athruithe 'gnó mar is gnách' gan údarú, i gcás ina measann CPL nach mbeadh tionchar ábhartha ag an tseirbhís bhreise nó ag an ngníomhaíocht bhreise atá beartaithe ar a phróifíl riosca, go háirithe i gcás ina bhfuil an tseirbhís nó an ghníomhaíocht imréitigh nua an-chosúil leis na seirbhísí a bhfuil an CPL údaraithe cheana féin iad a sholáthar. Chun é a chur ar a gcumas do CPLanna athruithe 'gnó mar is gnách' den sórt sin a chur chun feidhme go tapa, ba cheart CPLanna a dhíolmhú ó na nósanna imeachta chun leathnú gníomhaíochtaí agus seirbhísí a údarú i ndáil le hathruithe den sórt sin. Ba cheart do CPLanna fógra a thabhairt don údarás inniúil agus do ESMA i gcás ina gcinneann siad úsáid a bhaint as díolúine den sórt sin. Ba cheart don údarás inniúil athbhreithniú a dhéanamh ar na hathruithe a chuirtear chun feidhme i gcomhthéacs a phróisis bhliantúil athbhreithnithe agus meastóireachta.

(31) Chun feidhmiú comhsheasmhach na gcoláistí uile a áirithiú agus chun cóineasú maoirseachta a fheabhsú tuilleadh, ba cheart don údarás inniúil náisiúnta agus d'aon duine de chomhaltaí neamhspleácha an Choiste Maoirseachta do CPLanna comhchathaoirleacht a dhéanamh ar an gcoláiste. Chun comhar a chothú idir ESMA agus na húdaráis inniúla, ba cheart do na comhchathaoirligh dátaí chruinnithe an choláiste a chinneadh go comhpháirteach agus clár oibre na gcruinnithe sin a bhunú. Mar sin féin, chun a áirithiú gur ann do chinnteoireacht chomhsheasmhach agus go leanfaidh údarás inniúil an CPL de bheith freagrach ar deireadh thiar, i gcás easaontais idir na comhchathaoirligh, ba cheart don údarás inniúil an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, in aon chás, agus ba cheart dó míniú réasúnaithe a thabhairt do ESMA maidir lena chinneadh.

(32) Ba cheart ESMA a bheith in ann rannchuidiú ar bhealach níos éifeachtaí lena áirithiú go mbeidh CPLanna an Aontais sábháilte, láidir agus iomaíoch maidir lena seirbhísí a chur ar fáil ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart do ESMA, sa bhreis ar na hinniúlachtaí maoirseachta a leagtar síos faoi láthair i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, tuairim a eisiúint d'údarás inniúil an CPL maidir le húdarú a bheith á tharraingt siar ag CPL ach amháin i gcás ina bhfuil gá práinneach le cinneadh, is é sin laistigh de thréimhse atá níos giorra ná an tréimhse a leithdháiltear ar ESMA chun a thuairimí a chur ar fáil. Ba cheart do ESMA tuairimí a eisiúint freisin maidir leis an athbhreithniú agus meastóireacht, ceanglais éarlaise agus ceanglais rannpháirtíochta. Ba cheart d'údaráis inniúla mínithe a thabhairt maidir le haon imeacht suntasach ó thuairimí ó ESMA agus ba cheart do ESMA a Bhord Maoirseoirí a chur ar an eolas i gcás nach gcomhlíonann údarás inniúil tuairim ó ESMA nó nach bhfuil sé beartaithe aige déanamh amhlaidh mar aon le haon choinníollacha nó moltaí a áirítear inti. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis freisin na cúiseanna a sholáthair an t-údarás inniúil i dtaobh nár comhlíonadh tuairim ó ESMA nó aon choinníollacha nó moltaí atá inti.

(33) Chun comhroinnt thapa agus éifeachtúil faisnéise agus doiciméadachta a áirithiú faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, chun comhar níos fearr a chothú i measc údaráis inniúla a bhfuil baint acu le maoirseacht a dhéanamh ar eintitis atá faoi réir an Rialacháin sin agus chun cumarsáid idir údaráis inniúla agus a n-eintitis faoi mhaoirseacht a shimpliú i ndáil le nósanna imeachta atá sainordaithe faoin Rialachán sin, ba cheart do ESMA bunachar sonraí lárnach leictreonach a bhunú agus a choinneáil ar bun. Ba cheart rochtain a bheith ag na húdaráis agus na comhlachtaí inniúla ábhartha uile ar an mbunachar sonraí lárnach sin le haghaidh na faisnéise a bhaineann lena gcúraimí agus lena bhfreagrachtaí. Ar an gcaoi chéanna, eintitis atá faoi réir cheanglais Rialachán (AE)

Uimh. 648/2012, ba cheart rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht a thíolaic siad agus ar aon doiciméadacht atá dírithe chucu. Ba cheart an bunachar sonraí lárnach a úsáid chun a oiread faisnéise agus doiciméadachta agus is féidir a roinnt, lena n-áirítear ar a laghad an fhaisnéis agus an doiciméadacht a bhaineann le húdaruithe, le leathnú ar sheirbhísí agus le bailíochtú samhlacha.

(34) Is gá a áirithiú go gcomhlíonfaidh CPLanna Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ar bhonn leanúnach, go háirithe i ndáil le soláthar seirbhísí imréitigh breise nó gníomhaíochtaí imréitigh breise arna n-údarú tríd an nós imeachta brostaithe nó arna ndíolmhú ó údarú mar thoradh ar athruithe 'gnó mar is gnách' a chur chun feidhme, chomh maith le cur chun feidhme athruithe samhlacha tar éis nós imeachta brostaithe chun athrú den sórt sin ar an tsamhail sin a bhailíochtú, ós rud é, i gcásanna den sórt sin, nach n-eisíonn ESMA ná an coláiste tuairimí ar leithligh. Dá bhrí sin, san athbhreithniú a dhéanfaidh údarás inniúil an CPL, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ba cheart breithniú a dhéanamh go háirithe ar na seirbhísí imréitigh breise sin nó ar na gníomhaíochtaí imréitigh breise sin agus ar na hathruithe samhaltaithe. Chun cóineasú agus comhordú maoirseachta a áirithiú idir na húdaráis inniúla agus ESMA, agus chun a áirithiú go bhfuil CPLanna an Aontais sábháilte, láidir agus iomaíoch agus a gcuid seirbhísí á soláthar acu ar fud an Aontais, ba cheart don údarás inniúil, uair sa bhliain ar a laghad, a thuarascáil i ndáil leis an athbhreithniú agus leis an meastóireacht a dhéanfaidh sé ar CPL a chur faoi bhráid ESMA agus an choláiste chun a dtuairimí a fháil. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa tuairim ó ESMA ar na gnéithe a chumhdaítear le tuarascáil an údaráis inniúil, lena n-áirítear obair leantach ar sholáthar seirbhísí nó gníomhaíochtaí ag an CPL, agus aird ar leith á tabhairt ar nósanna imeachta brostaithe agus ar athruithe 'gnó mar is gnách', chomh maith leis na rioscaí trasteorann a bhféadfadh an CPL a bheith neamhchosanta orthu, agus suíomh foriomlán an CPL mar sholáthraí seirbhísí imréitigh laistigh den Aontas á mheas. Tá ról lárnach ag cigireachtaí ar an láthair maidir le cúraimí maoirseachta a dhéanamh, trí fhaisnéis fhíorluachmhar a chur ar fáil d'údaráis inniúla. Dá bhrí sin, ba cheart iad a dhéanamh uair sa bhliain ar a laghad agus, chun malartú pras faisnéise, comhroinnt eolais agus comhar éifeachtach idir na húdaráis inniúla agus ESMA a áirithiú, ba cheart ESMA a chur ar an eolas faoi chigireachtaí ar an láthair atá pleanáilte agus práinneach araon, ba cheart é a bheith in ann a iarraidh go nglacfaidh sé páirt sna cigireachtaí sin agus ba cheart dó aon fhaisnéis ábhartha a fháil maidir leis na cigireachtaí sin ar an láthair, chomh maith le míniú réasúnaithe ar aon diúltú cead a thabhairt do ESMA páirt a ghlacadh. Ina theannta sin, chun comhordú idir ESMA agus na húdaráis inniúla a fheabhsú tuilleadh, féadfaidh ESMA, faoi imthosca sonracha agus i gcomhthéacs an athbhreithnithe maoirseachta agus na meastóireachta maoirseachta, cruinniú ad hoc a iarraidh leis an gcontrapháirtí lárnach agus leis an údarás inniúil lena mbaineann. Ba cheart an coláiste a chur ar an eolas faoi thoradh an chruinnithe sin. Chun comhroinnt faisnéise idir na húdaráis inniúla agus ESMA a neartú, ba cheart ESMA a bheith in ann an fhaisnéis a theastaíonn uaidh chun a chúraimí a chomhlíonadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe maoirseachta agus na meastóireachta maoirseachta a iarraidh ar na húdaráis inniúla freisin.

(35) Ba cheart na hacmhainní a bheith ag ESMA chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a shainaithint. Dá bhrí sin, ba cheart do ESMA, i gcomhar le BERS, ÚBE, ÚEÁPC, agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE), faoi chuimsiú na gcúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa faoi chuimsiú an tsásra maoirseachta aonair a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ([15]), idirnaisc agus idirthuilleamaíochtaí idir CPLanna éagsúla agus daoine dlítheanacha a shainaithint, lena n-áirítear, a mhéid is féidir, comhaltaí imréitigh comhroinnte, cliaint agus cliaint indíreacha, soláthraithe seirbhíse ábhair comhroinnte, soláthraithe leachtachta ábhartha comhroinnte, socruithe maidir le comhthaobhacht fhrithpháirteach, forálacha trasmhainneachtana agus glanluachála tras-CPL, comhaontuithe trasráthaíochta agus aistrithe riosca agus socruithe trádála droim-le-droim.

(36) Is comhaltaí nach bhfuil vótáil acu den Choiste Maoirseachta do CPLanna iad bainc cheannais eisiúna airgeadraí an Aontais, ar sna hairgeadraí sin atá na hionstraimí airgeadais arna n-imréiteach ag CPLanna údaraithe a bhfuil comhaltas ar an gCoiste Maoirseachta do CPLanna iarrtha acu. Ní ghlacann siad páirt sna cruinnithe a bhíonn ag CPLanna an Aontais ach amháin i gcomhthéacs an phlé faoi mheasúnuithe uile-Aontais ar athléimneacht CPLanna an Aontais i leith forbairtí dochracha sa mhargadh agus forbairtí ábhartha sa mhargadh. Murab ionann agus a rannpháirtíocht i maoirseacht CPLanna tríú tír, ní bhíonn baint leordhóthanach ag bainc cheannais eisiúna i gcúrsaí maoirseachta do CPLanna an Aontais a bhfuil ábharthacht dhíreach acu maidir le feidhmiú an bheartais airgeadaíochta agus oibriú rianúil na gcóras íocaíochta, rud a fhágann nach dtugtar aird leordhóthanach ar rioscaí trasteorann. Is iomchuí, dá bhrí sin, go mbeidh na bainc cheannais eisiúna sin in ann freastal ar chruinnithe uile an Choiste Maoirseachta do CPLanna, mar chomhaltaí nach bhfuil vóta acu, a bhaineann le CPLanna an Aontais.

(37) Chun feabhas a chur ar chumas chomhlachtaí an Aontais forléargas cuimsitheach a fháil ar fhorbairtí sa mhargadh atá ábhartha don imréiteach san Aontas, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ceanglas áirithe a bhaineann le himréiteach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus plé comhchoiteann a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as idirnascthacht gníomhaithe airgeadais éagsúla agus saincheisteanna eile a bhaineann leis an gcobhsaíocht airgeadais, is gá sásra faireacháin trasearnála a bhunú lena dtabharfar le chéile comhlachtaí ábhartha an Aontais a bhfuil baint acu le maoirseacht a dhéanamh ar CPLanna, comhaltaí imréitigh agus cliaint an Aontais (an Sásra Faireacháin Comhpháirteach). Ba cheart do ESMA an Sásra Faireacháin Comhpháirteach sin a bhainistiú agus cathaoirleacht a dhéanamh air mar údarás a bhfuil baint aige le maoirseacht a dhéanamh ar CPLanna an Aontais agus

([15]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

maoirseacht a dhéanamh ar CPLanna tríú tír a bhfuil tábhacht shistéamach leo. Ba cheart a áireamh ar na rannpháirtithe eile ionadaithe ón gCoimisiún, ÚBE, ÚEÁPC, BERS, bainc cheannais eisiúna na n-airgeadraí ina bhfuil na conarthaí a bhaineann le seirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo ainmnithe, údaráis inniúla náisiúnta agus BCE faoi chuimsiú na gcúraimí maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa faoi chuimsiú an tsásra maoirseachta aonair a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

(38) Chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais amach anseo, ba cheart do ESMA, i gcomhar le rannpháirtithe eile sa Sásra Faireacháin Comhpháirteach, tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le torthaí a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir le ESMA nós imeachta um shárú ar dhlí an Aontais a thionscnamh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, más rud é, ar bhonn na faisnéise a fuarthas mar chuid den Sásra Faireacháin Comhpháirteach agus tar éis an phlé a rinneadh ann, go measann ESMA go mainníonn na húdaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonann comhaltaí imréitigh agus cliaint an ceanglas líon sainithe ar a laghad de chonarthaí sainaitheanta a imréiteach i gcuntais CPLanna an Aontais, nó i gcás ina sainaithníonn ESMA riosca do chobhsaíocht airgeadais an Aontais mar gheall ar shárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais nó ar an líomhain nár cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm. Sula dtionscnaítear nós imeachta um shárú ar dhlí an Aontais den sórt sin, féadann ESMA treoirlínte agus moltaí a eisiúint de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. I gcás ina measann ESMA, ar bhonn na faisnéise a fuarthas mar chuid den Sásra Faireacháin Comhpháirteach agus tar éis an phlé a rinneadh ann, nach n-áirithíonn comhlíonadh an cheanglais líon sainithe ar a laghad de chonarthaí sainaitheanta a imréiteach i gcuntais i CPLanna an Aontais laghdú neamhchosaint iomarcach chomhaltaí imréitigh agus chliaint an Aontais ar CPLanna Leibhéal 2, ba cheart dó athbhreithniú a dhéanamh ar an ngníomh tarmligthe ábhartha ón gCoimisiún agus moladh a dhéanamh é a leasú, agus a shonrú chomh maith an ceanglas sin, lena moltar, i gcás inar gá, tréimhse oiriúnaithe iomchuí a shocrú.

(39) Léirigh suaitheadh margaidh 2020 mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus praghsanna arda 2022 ar mhargaí mórdhíola fuinnimh tar éis chogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise faoin Úcráin, cé go bhfuil sé ríthábhachtach go n-oibreoidh na húdaráis inniúla i gcomhar le chéile agus go malartóidh siad faisnéis chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as sin nuair a thagann teagmhais a bhfuil tionchar trasteorann acu chun cinn, nach bhfuil na huirlisí is gá fós ag ESMA chun an comhordú sin agus cur chuige cóineasaithe a áirithiú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt do ESMA gníomhú i staid éigeandála ag CPL amháin nó níos mó a bhfuil nó ar dócha go mbeidh éifeachtaí díchobhsaitheacha aici ar mhargaí trasteorann. I staideanna éigeandála den sórt sin, ba cheart ról comhordúcháin idir na húdaráis inniúla, na coláistí agus na húdaráis réitigh a chur de chúram ar ESMA chun freagairt chomhordaithe a fhorbairt. Ba cheart ESMA a bheith in ann cruinnithe den Choiste Maoirseachta do CPLanna a chomóradh, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin dó, a bhféadfadh comhdhéanamh méadaithe a bheith i gceist leis, chun freagairtí na n-údarás inniúil i staideanna éigeandála a chomhordú go héifeachtach. Ina theannta sin, ba cheart ESMA a bheith in ann faisnéis a iarraidh ó na húdaráis inniúla ábhartha i gcás inar gá do ESMA a fheidhm chomhordúcháin a chomhlíonadh sna cásanna sin agus chun go mbeadh ESMA in ann moltaí a eisiúint chuig an údarás inniúil, agus ba cheart ESMA a bheith in ann an fhaisnéis sin a iarraidh go díreach ón CPL nó ó rannpháirtithe sa mhargadh i gcás nach gcuireann an t-údarás inniúil freagraí ar fáil laistigh den tréimhse ama iomchuí. Ba cheart nár dhochar ról ESMA i staideanna éigeandála don fhreagracht deiridh atá ar údarás inniúil an CPL cinntí maoirseachta a dhéanamh maidir leis an CPL a ndéanann sé maoirseacht air, lena n-áirítear bearta éigeandála. Tá sé ríthábhachtach freisin go mbeidh comhaltaí an choláiste in ann an fhaisnéis a fhaigheann siad i staid éigeandála a chur ar aghaidh chuig na comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear aireachtaí, atá freagrach as cobhsaíocht airgeadais a margaí.

(40) Chun an t-ualach ar CPLanna agus ar ESMA a laghdú, ba cheart a shoiléiriú, i gcás ina ndéanann ESMA athbhreithniú ar aitheantas CPL tríú tír, nár cheart oibleagáid a bheith ar an CPL tríú tír sin iarratas nua ar aitheantas a chur isteach. Ba cheart dó, áfach, an fhaisnéis uile is gá chun athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh a sholáthar do ESMA. Dá bhrí sin, níor cheart caitheamh le hathbhreithniú ESMA ar aitheantas CPL tríú tír mar aitheantas nua don CPL tríú tír sin.

(41) Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, agus cinneadh coibhéise á ghlacadh aige, tarscaoileadh a dhéanamh ar an gceanglas go mbeadh córas coibhéiseach éifeachtach ag an tríú tír sin chun aitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír. Agus breithniú á dhéanamh aige ar an mbeadh cur chuige den sórt sin comhréireach, d'fhéadfadh an Coimisiún réimse tosca éagsúla a mheas, lena n-áirítear comhlíonadh na bprionsabal maidir le bonneagair mhargaidh airgeadais arna bhfoilsiú ag an gCoiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta agus ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús, méid na CPLanna tríú tír atá bunaithe sa dlínse sin agus, i gcás inarb eol sin, an ghníomhaíocht a bhfuiltear ag súil léi sna CPLanna tríú tír sin ag comhaltaí imréitigh agus ag ionaid trádála atá bunaithe san Aontas.

(42) Chun a áirithiú go mbeidh na socruithe comhair idir ESMA agus údaráis inniúla ábhartha tríú tíortha comhréireach, ba cheart raon gnéithe éagsúla a chur san áireamh sna socruithe sin, lena n-áirítear CPLanna tríú tír a chatagóiriú mar CPLanna Leibhéal 1 nó Leibhéal 2, gnéithe sonracha raon feidhme na seirbhísí a sholáthraítear, nó a bhfuil sé beartaithe iad a sholáthar, laistigh den Aontas, an mbaineann rioscaí sonracha don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit leis na seirbhísí sin, chomh maith le CPLanna tríú tír a bheith ag cloí le caighdeáin idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart a léiriú sna socruithe comhair idir ESMA agus údaráis inniúla ábhartha tríú tíortha an méid riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint le CPLanna atá bunaithe i dtríú tír do chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit.

(43) Dá bhrí sin, ba cheart do ESMA a shocruithe comhair a shaincheapadh do dhlínsí éagsúla tríú tír bunaithe ar na CPLanna atá bunaithe i ndlínse ar leith. Go háirithe, cumhdaíonn CPLanna Leibhéal 1 raon leathan próifílí CPL agus mar sin ba cheart do ESMA a áirithiú go bhfuil socrú comhair comhréireach leis na CPLanna atá bunaithe i ngach dlínse tríú tír. Go sonrach, ba cheart do ESMA a mheas, i measc nithe eile, leachtacht na margaí lena mbaineann, a mhéid atá gníomhaíochtaí imréitigh CPLanna ainmnithe in euro nó in airgeadraí eile de chuid an Aontais agus a mhéid a bhaineann eintitis an Aontais úsáid as seirbhísí na CPLanna sin. Ós rud é go gcuireann formhór mór CPLanna Leibhéal 1 seirbhísí imréitigh ar fáil go feadh méid teoranta do chomhaltaí imréitigh agus d'ionaid trádála atá bunaithe san Aontas agus go bhféadfadh sé go n-imréitíonn siad táirgí nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ba cheart raon feidhme measúnaithe agus faisnéise ESMA atá le hiarraidh a theorannú freisin sna dlínsí sin go léir. Chun teorainn a chur le hiarrataí ar fhaisnéis le haghaidh CPLanna Leibhéal 1, ba cheart do ESMA, i bprionsabal, raon réamhshainithe faisnéise a iarraidh go bliantúil. I gcás ina bhféadfadh na rioscaí a bhaineann le CPL Leibhéal 1 nó dlínse a bheith níos mó, bheadh údar maith le níos mó iarrataí, ar bhonn ráithiúil ar a laghad, agus le raon feidhme níos leithne faisnéise iarrtha. Ba cheart socruithe comhair a shaincheapadh chun difreáil den sórt sin a léiriú i bpróifíl riosca CPLanna éagsúla Leibhéal 1 agus ba cheart forálacha a áireamh iontu lena n-eagrófaí creat iomchuí le haghaidh malartú faisnéise. Mar sin féin, níor cheart é a bheith riachtanach aon socrú comhair atá i bhfeidhm nuair a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm a choigeartú mura n-iarrann na húdaráis ábhartha tríú tír amhlaidh.

(44) I gcás ina n-aithnítear CPL mar CPL Leibhéal 2 faoi Airteagal 25(2b) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i bhfianaise go bhfuil tábhacht shistéamach leis na CPLanna sin don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, ba cheart a chumhdach leis na socruithe comhair idir ESMA agus na húdaráis ábhartha tríú tír an malartú faisnéise le haghaidh raon níos leithne faisnéise agus ar bhonn níos minice. Sa chás sin, ba cheart nósanna imeachta a bheith i gceist leis na socruithe comhair chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht ar CPL Leibhéal 2 den sórt sin de bhun Airteagal 25 den Rialachán sin. Ba cheart do ESMA a áirithiú gur féidir leis an fhaisnéis uile a fháil is gá chun a dhualgais a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 25(2b) den Rialachán sin agus chun a áirithiú go roinnfear faisnéis i gcás inar deonaíodh comhlíonadh inchomparáide i bpáirt nó ina iomláine do CPL. Ionas go mbeidh ESMA in ann maoirseacht iomlán éifeachtach a dhéanamh ar CPLanna Leibhéal 2, ba cheart a shoiléiriú go gcuirfidh na CPLanna sin faisnéis ar fáil do ESMA go tréimhsiúil.

(45) I gcás ina ndeonaítear comhlíonadh inchomparáide, ba cheart do ESMA measúnú tráthrialta a dhéanamh féachaint an leanann CPLanna Leibhéal 2 de chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir lena n-aitheantas trí chomhlíonadh inchomparáide, trí fhaireachán a dhéanamh ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16 agus i dTeideal IV agus Teideal V faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1304 ón gCoimisiún ([16]) a bheith á gcomhlíonadh ag CPLanna. Agus an measúnú sin á dhéanamh aige, ba cheart do ESMA, chomh maith leis an bhfaisnéis agus na dearbhuithe ábhartha a fháil ó na CPLanna Leibhéal 2, comhoibriú agus comhaontú leis an údarás tríú tír maidir le nósanna imeachta riaracháin chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ábhartha ag ESMA chun faireachán a dhéanamh go bhfuil na coinníollacha maidir le comhlíonadh inchomparáide á gcomhlíonadh agus, a mhéid is féidir, chun an t-ualach riaracháin agus rialála ar na CPLanna Leibhéal 2 sin a laghdú.

(46) Chun a áirithiú go gcuirfear ESMA ar an eolas freisin faoin gcaoi a n-ullmhaítear CPL Leibhéal 2 d'anás airgeadais, faoin gcaoi ar féidir leis é a mhaolú agus teacht slán as anás airgeadais, ba cheart a áireamh sna socruithe comhair an ceart atá ag ESMA go rachfar i gcomhairle leis maidir le hullmhú agus measúnú pleananna téarnaimh, chomh maith leis an gceart go gcuirfí ESMA ar an eolas i gcás ina mbunaíonn CPL Leibhéal 2 plean téarnaimh nó i gcás ina mbunaíonn údarás tríú tír pleananna réitigh. Ba cheart ESMA a chur ar an eolas freisin faoi na gnéithe is ábhartha do chobhsaíocht airgeadais an Aontais, nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, agus faoin gcaoi a bhféadfadh

([16]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1304 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na heilimintí íosta atá le measúnú ag ÚEUM agus measúnú á dhéanamh aige ar iarrataí CPLanna tríú tír ar chomhlíonadh inchomparáide agus ar mhódúlachtaí agus coinníollacha an mheasúnaithe sin (IO L 305, 21.9.2020, lch. 13)

cur chun feidhme pleananna téarnaimh nó réitigh den sórt sin difear ábhartha a dhéanamh do chomhaltaí imréitigh aonair, agus a mhéid is eol, do chliaint agus cliaint indíreacha. Ba cheart a shonrú sna socruithe comhair freisin go bhfuil ESMA le cur ar an eolas nuair a bheidh sé beartaithe ag CPL Leibhéal 2 a phlean téarnaimh a ghníomhachtú nó i gcás ina gcinneann na húdaráis tríú tír gur cosúil go bhfuil géarchéim ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibríochtaí an CPL, dá chumas seirbhísí imréitigh a sholáthar, nó i gcás ina mbeartaíonn na húdaráis tríú tír gníomhaíocht réitigh a dhéanamh go luath.

(47) Ba cheart ESMA a bheith in ann an t-aitheantas a thugtar do CPL tríú tír a tharraingt siar i gcás ina ndearna an CPL tríú tír sárú tromchúiseach córasach ar aon cheann de na ceanglais is infheidhme a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, lena n-áirítear faisnéis a chur faoi bhráid ESMA a bhaineann le haitheantas a thabhairt don CPL tríú tír sin, táillí a íoc le ESMA nó freagra a thabhairt ar iarrataí ESMA ar fhaisnéis is gá do ESMA chun a dhualgais a dhéanamh i ndáil le CPLanna tríú tír, agus nach ndearna sé an ghníomhaíocht feabhais a d'iarr ESMA laistigh de thréimhse ama a shocraítear go hiomchuí.

(48) Chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais, nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, níor cheart CPLanna ná tithe imréitigh a bheith in ann a bheith ina gcomhaltaí imréitigh de CPLanna eile ná níor cheart CPLanna a bheith in ann glacadh le CPLanna eile nó le tithe imréitigh eile mar chomhaltaí imréitigh nó mar chomhaltaí imréitigh indíreacha. Ba cheart a cheangal ar rannpháirtithe margaidh atá ag oibriú faoi láthair faoi shocruithe den sórt sin bealaí eile a aimsiú chun imréiteach lárnach a dhéanamh. Níor cheart tionchar a bheith ag toirmeasc den sórt sin ar shocruithe idir-inoibritheachta, a rialaítear faoi Theideal V de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ná ar shocruithe a dhéantar chun críche CPL a dhéanann a bheartas infheistíochta i gcomhréir leis an Rialachán sin, amhail ballraíochtaí urraithe nó rochtain dhíreach ar mhargaí athcheannaigh imréitithe idir CPLanna. Chun dóthain ama a thabhairt don oiriúnú, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na socruithe atá ann cheana laistigh de 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart do rannpháirtithe agus d'údaráis sa mhargadh féachaint ar réitigh éagsúla, lena n-áirítear socruithe idir-inoibritheachta a bhunú.

(49) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le socruithe idir-inoibritheachta le haghaidh gach cineáil ionstraime airgeadais agus neamhairgeadais, amhail conarthaí díorthach, sa bhreis ar ionstraimí margaidh airgid agus urrúis inaistrithe mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]). Dá bhrí sin, ba cheart do ESMA, tar éis dó dul i gcomhairle le comhaltaí CEBC agus BERS, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun measúnuithe comhsheasmhacha, éifeachtúla agus éifeachtacha ar shocruithe idir-inoibritheachta a áirithiú.

(50) Chun a áirithiú go mbeidh CPLanna sábháilte agus athléimneacha mar thoradh ar an gcreat maoirseachta do CPLanna an Aontais, agus go mbeidh sé bunaithe ar chomhar idir údarás inniúil an CPL agus ESMA, ba cheart torthaí na n-iniúchtaí neamhspleácha a chur in iúl do bhord an CPL agus iad a chur ar fáil freisin do ESMA agus d'údarás inniúil an CPL. Ina theannta sin, ba cheart ESMA agus údarás inniúil an CPL araon a bheith in ann a iarraidh freastal ar chruinnithe choiste riosca an CPL ach gan vóta a bheith acu agus a bheith ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí agus cinntí an choiste riosca sin. Ba cheart do ESMA aon chinntí a fháil go pras freisin, ar cinntí iad ina gcinneann bord an CPL gan comhairle an choiste riosca a leanúint, chomh maith le míniú an CPL ar chinntí den sórt sin.

(51) Léiríonn teagmhais luaineachta ollmhóire ar mhargaí tráchtearraí a tharla le déanaí nach bhfuil an rochtain chéanna ag contrapháirtithe neamhairgeadais ar leachtacht agus atá ag contrapháirtithe airgeadais. Dá bhrí sin, níor cheart cead a bheith ag contrapháirtithe neamhairgeadais ach seirbhísí imréitigh cliant a thairiscint do chontrapháirtithe neamhairgeadais a bhaineann leis an ngrúpa céanna. I gcás ina bhfuil nglacann CPL le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh nó ina bhfuil sé beartaithe ag CPL glacadh le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh, ba cheart don CPL sin a áirithiú go bhfuil contrapháirtithe neamhairgeadais in ann a léiriú gur féidir leo na ceanglais éarlaise a chomhlíonadh agus na ranníocaíochtaí cistí mainneachtana a chur ar fáil, lena n-áirítear faoi dhálaí struis. Ós rud é nach bhfuil contrapháirtithe neamhairgeadais faoi réir na gceanglas stuamachta agus na gcoimircí leachtachta céanna agus atá contrapháirtithe airgeadais, ba cheart d'údaráis inniúla na CPLanna a ghlacann leo mar chomhaltaí imréitigh faireachán a dhéanamh ar rochtain dhíreach contrapháirtithe neamhairgeadais ar CPLanna. Ba cheart d'údarás inniúil an CPL tuairisciú do ESMA agus don choláiste ar bhonn tráthrialta maidir leis na táirgí arna n-imréiteach ag contrapháirtithe neamhairgeadais, maidir leis an neamhchosaint fhoriomlán agus maidir le haon rioscaí sainaitheanta. Níl sé d'aidhm ag an Rialachán seo srian a chur ar chumas contrapháirtithe neamhairgeadais a bheith ina gcomhaltaí imréitigh díreacha de CPL ar bhealach atá fónta ó thaobh stuamachta de.

([17]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(52) Chun a áirithiú go mbeidh infheictheacht agus intuarthacht níos fearr ag cliaint agus ag cliaint indíreacha maidir le glaonna ar éarlais, agus ar an gcaoi sin a straitéisí bainistithe leachtachta a fhorbairt a thuilleadh, ba cheart do chomhaltaí imréitigh agus do chliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh trédhearcacht i leith a gcliant a áirithiú. Mar gheall ar a soláthar seirbhísí imréitigh agus an taithí ghairmiúil atá acu le bainistiú lárnach imréitigh agus leachtachta, is iad na comhaltaí imréitigh is fearr atá in ann a chur in iúl ar bhealach soiléir agus trédhearcach do chliaint conas a fheidhmíonn samhlacha éarlaise, lena n-áirítear i dteagmhais struis, agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais den sórt sin ar na héarlaisí a iarrtar ar chliaint a bhreacadh, lena n-áirítear aon éarlais bhreise a d'fhéadfadh comhaltaí imréitigh a iarraidh óna gcliaint. Is féidir le tuiscint níos fearr ar shamhlacha éarlaise feabhas a chur ar chumas cliant glaonna ar éarlais a thuar go réasúnta agus iad féin a ullmhú le haghaidh iarrataí ar chomhthaobhacht, go háirithe i dteagmhais struis. Chun a áirithiú go mbeidh comhaltaí imréitigh ábalta na leibhéil trédhearcachta is gá maidir le glaonna ar éarlais agus samhlacha éarlaise CPL a chur ar fáil go héifeachtach dá gcliaint, ba cheart do CPLanna aon fhaisnéis a theastaíonn uathu a chur ar fáil dóibh freisin. Ba cheart do ESMA, i gcomhairle le ÚBE agus CEBC, sonrú sa bhreis a dhéanamh ar raon feidhme agus formáid an mhalartaithe faisnéise idir CPLanna agus comhaltaí imréitigh agus idir comhaltaí imréitigh agus a gcliaint.

(53) Chun a áirithiú go léiríonn samhlacha éarlaise dálaí reatha an mhargaidh, ba cheart do CPLanna ní hamháin athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ach athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar leibhéal a n-éarlaisí agus aon éifeacht chomh-thimthriallach a d'fhéadfadh a bheith ag athbhreithnithe den sórt sin á gcur san áireamh. Agus éarlaisí á nglao agus á mbailiú ar bhonn ionlae, ba cheart do CPLanna tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a mbailiúcháin éarlaisí ionlae agus a n-íocaíochtaí ar shuíomhanna leachtachta a rannpháirtithe.

(54) Chun a áirithiú go saineofar an riosca leachtachta go cruinn, ba cheart na heintitis a ndéanann CPL a mainneachtain a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh gur cheart an riosca sin a leathnú chun ní hamháin an riosca leachtachta a ghineann mainneachtain na gcomhaltaí imréitigh a chumhdach ach soláthraithe leachtachta freisin, cé is moite de bhainc cheannais.

(55) Chun rochtain ar imréiteach a éascú d'eintitis neamhairgeadais nach bhfuil méideanna leordhóthanacha sócmhainní fíorleachtacha ina seilbh acu, go háirithe cuideachtaí fuinnimh, faoi choinníollacha a shonróidh ESMA agus chun a áirithiú go gcuirfidh CPL na coinníollacha sin san áireamh agus a neamhchosaint fhoriomlán ar bhanc ar comhalta imréitigh é freisin á ríomh, ba cheart ráthaíochtaí bainc phoiblí agus ráthaíochtaí bainc tráchtála a mheas mar chomhthaobhacht incháilithe. Agus na coinníollacha á sonrú faoina bhféadfar glacadh leis na ráthaíochtaí sin mar chomhthaobhacht, ba cheart do ESMA cead a thabhairt don CPL cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal soláthair urrúis chomhthaobhaigh na ráthaíochtaí bainc sin bunaithe ar a mheasúnú riosca, lena n-áirítear an fhéidearthacht na ráthaíochtaí sin a bheith neamh-chomhthaobhaithe, faoi réir teorainneacha comhchruinnithe iomchuí, ceanglais maidir le cáilíocht chreidmheasa agus diancheanglais riosca comhghaolmhaireachta. Ina theannta sin, mar gheall ar a bpróifíl riosca creidmheasa íseal, ba cheart a shonrú go bhfuil ráthaíochtaí poiblí incháilithe mar chomhthaobhacht freisin. Ar deireadh, ba cheart do CPL, agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar leibhéal na gcaolchorrlach a chuireann sé i bhfeidhm maidir leis na sócmhainní a nglacann sé leo mar chomhthaobhacht, aon éifeacht chomh-thimthriallach a d'fhéadfadh a bheith ag athbhreithnithe den sórt sin a chur san áireamh.

(56) Chun aistriú suíomhanna cliaint a éascú i gcás ina mainníonn comhalta imréitigh, ba cheart am a thabhairt don chomhalta imréitigh a fhaigheann na suíomhanna sin ceanglais áirithe a chomhlíonadh atá ag dul le soláthar seirbhísí imréitigh cliant. Go háirithe, agus ós rud é go ndéantar suíomhanna an chliaint a aistriú in imthosca urghnácha agus thar thréimhse ghearr, ba cheart 3 mhí a thabhairt don chomhalta imréitigh is faighteoir chun a phróisis díchill chuí a ghabháil de láimh agus a thabhairt chun críche chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais frithsciúrtha airgid faoi dhlí an Aontais. Ina theannta sin, agus más infheidhme, ba cheart don chomhalta imréitigh is faighteoir ceanglais chaipitil a chomhlíonadh maidir le neamhchosaintí comhaltaí imréitigh ar chliaint faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 laistigh de thréimhse arna comhaontú lena údarás inniúil nach mó ná 3 mhí. Is é ba cheart a bheith mar thúsphointe na tréimhse comhaontaithe sin an dáta a aistreofar suíomhanna an chliaint ón gcomhalta imréitigh mainneachtana chuig an gcomhalta imréitigh is faighteoir.

(57) Maidir le bailíochtú athruithe ar shamhlacha agus paraiméadair CPLanna, ba cheart leasuithe a thabhairt isteach chun an próiseas a shimpliú ionas gurb éasca do na CPLanna freagairt go pras ar fhorbairtí margaidh a bhféadfadh leasuithe ar a samhlacha agus paraiméadair riosca a bheith ag teastáil ina leith. Chun cóineasú maoirseachta a áirithiú, ba cheart a shonrú i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 na coinníollacha atá le breithniú agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an athrú suntasach é athrú ar leith agus iarrtar ar ESMA, i ndlúthchomhar le CEBC, na coinníollacha sin a bheachtú tuilleadh trí shainiú a dhéanamh ar thairseacha cainníochtúla agus eilimintí sonracha atá le breithniú. Go háirithe, ba cheart do ESMA na critéir a shonrú le haghaidh athruithe ar cheart a mheas gur athruithe suntasacha iad, lena n-áirítear na heilimintí struchtúracha de shamhlacha riosca ba cheart a áireamh faoi raon feidhme na n-athruithe a mheastar a bheith suntasach. Ba cheart a áireamh ar na heilimintí struchtúracha sin de shamhlacha riosca, mar shampla, na huirlisí frith-chomh-thimthriallachta arna gcur chun feidhme ag CPLanna. Ba cheart bailíochtú iomlán a dhéanamh ar gach athrú suntasach sula nglacfar é. I gcás ina ndéanann CPL samhail

a bailíochtaíodh roimhe sin a chur i bhfeidhm agus a úsáid nó i gcás nach ndéanann sé ach mionathruithe uirthi, amhail na paraiméadair a choigeartú laistigh de raon formheasta ar cuid den tsamhail bhailíochtaithe é mar gheall ar thosca seachtracha amhail athruithe ar phraghsanna sa mhargadh, níor cheart a mheas gur athrú ar an tsamhail é sin agus, dá bhrí sin, ní gá é a bhailíochtú.

(58) Ba cheart a bheith in ann athruithe neamhshuntasacha ar shamhlacha agus ar pharaiméadair nach méadaíonn na rioscaí do CPL de chuid an Aontais a fhormheas go tapa. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcuspóir CPLanna de chuid an Aontais a bheith ann atá sábháilte agus athléimneach agus éiceachóras imréitigh de chuid an Aontais atá nua-aimseartha agus iomaíoch a thógáil a bheidh in ann gnó a mhealladh, ba cheart nós imeachta brostaithe a thabhairt isteach le haghaidh athruithe neamhshuntasacha ar shamhlacha agus ar pharaiméadair chun teorainn a chur leis na dúshláin agus an éiginnteacht atá ann faoi láthair sa nós imeachta um bailíochtú maoirseachta le haghaidh athruithe den sórt sin. I gcás nach athrú suntasach atá i gceist, ba cheart feidhm a bheith ag nós imeachta bailíochtaithe brostaithe. Is é is aidhm do nós imeachta den sórt sin a chur ar chumas na CPLanna freagairt go pras ar fhorbairtí sa mhargadh a bhféadfadh leasuithe ar a samhlacha riosca agus ar a bparaiméadar riosca a bheith ag teastáil ina leith. Dá bhrí sin, ba cheart simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta chun athruithe den sórt sin ar shamhlacha agus paraiméadair riosca a bhailíochtú.

(59) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo, ionas go mbeidh go leor ama ann chun na hathruithe a thugtar isteach leis an Rialachán leasaitheach seo a chur i bhfeidhm. Cé gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ina iomláine, ba cheart don athbhreithniú sin díriú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an Rialacháin sin chun a chuid aidhmeanna a bhaint amach, agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus sábháilteacht mhargaí imréitigh an Aontais agus cobhsaíocht airgeadais an Aontais a chaomhnú. Ba cheart machnamh a dhéanamh san athbhreithniú freisin ar tharraingteacht CPLanna an Aontais, ar thionchar an Rialacháin leasaithigh seo maidir le himréiteach a spreagadh san Aontas, agus ar a mhéid a chuaigh measúnú agus bainistiú feabhsaithe rioscaí trasteorann chun tairbhe an Aontais.

(60) Chun comhsheasmhacht idir Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a áirithiú agus chun sláine agus cobhsaíocht an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú, is gá tacar aonfhoirmeach rialacha a leagan síos i Rialachán (AE) 2017/1131 chun aghaidh a thabhairt ar riosca contrapháirtí in idirbhearta díorthach airgeadais arna ndéanamh ag cistí margaidh airgid, i gcás inar imréitigh CPL údaraithe nó aitheanta na hidirbhearta. Ós rud é go maolaíonn socruithe imréitigh lárnacha an riosca contrapháirtí atá ina dhlúthchuid de chonarthaí díorthach airgeadais, is gá a chur san áireamh an amhlaidh atá díorthach imréitithe go lárnach ag CPL atá údaraithe nó aitheanta, agus na teorainneacha riosca contrapháirtí is infheidhme á gcinneadh. Is gá freisin, chun críoch rialála agus comhchuibhithe, teorainneacha riosca contrapháirtí a bhaint i gcás ina n-úsáideann na contrapháirtithe CPLanna atá údaraithe nó aitheanta chun seirbhísí imréitigh a sholáthar do chomhaltaí imréitigh agus dá gcliaint, agus sa chás sin amháin.

(61) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach na rialacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart caighdeáin theicniúla a fhorbairt. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag ESMA a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas a shonrú tuilleadh: luach na dtairseach imréitigh is infheidhme maidir le suíomhanna comhiomlána; na heilimintí agus na ceanglais a bhaineann le cleachtadh PTRR agus le haghaidh soláthraí seirbhíse PTRR; na critéir oibríochtúla agus ionadaíochais don cheanglas cuntais ghníomhaigh; mionsonraí an tuairiscithe ábhartha; cineál na dtáillí agus na gcostas eile ba cheart a nochtadh do chliaint agus seirbhísí imréitigh á soláthar; ábhar na faisnéise atá le tuairisciú agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise sin le haghaidh CPLanna tríú tír atá aitheanta faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012; mionsonraí agus ábhar na faisnéise atá le soláthar ag CPLanna atá bunaithe san Aontas; raon feidhme agus mionsonraí an tuairiscithe a dhéanann comhaltaí imréitigh an Aontais agus a gcliaint dá n-údaráis inniúla maidir lena ngníomhaíochtaí imréitigh i CPLanna tríú tír, agus na sásraí á soláthar lena spreagtar athbhreithniú ar luachanna na dtairseach imréitigh tar éis luaineachtaí suntasacha praghsanna san aicme fholuiteach díorthach thar an gcuntar chun athbhreithniú a dhéanamh freisin ar raon feidhme na díolúine fálaithe agus tairseacha don oibleagáid imréitigh a chur i bhfeidhm; earráidí follasacha córasacha sa tuairisciú; na doiciméid agus an fhaisnéis nach mór do CPLanna a chur isteach agus iarratas á dhéanamh acu ar údarú nó ar údarú a leathnú; an cineál leathnaithe nach mbeadh tionchar ábhartha aige ar phróifíl riosca CPL agus minicíocht an fhógra maidir le húsáid na díolúine; na coinníollacha chun a chinneadh an bhfuil feidhm ag an nós imeachta brostaithe maidir le húdarú a leathnú agus an nós imeachta chun ionchur a lorg ó ESMA agus ón gcoláiste; na gnéithe atá le breithniú agus critéir iontrála CPL á leagan síos agus measúnú á dhéanamh ar chumas na gcontrapháirtithe neamhairgeadais na ceanglais ábhartha

([18]) Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid (IO L 169, 30.6.2017, lch. 8).

a chomhlíonadh; ceanglais trédhearcachta; ceanglais chomhthaobhachta; gnéithe an bhailíochtaithe samhla; agus na ceanglais atá ar CPLanna bainistiú leormhaith a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as socruithe idir-inoibritheachta. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

(62) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna bhforbairt ag ESMA a ghlacadh i dtaca le formáid an tuairiscithe a dhéanann comhaltaí imréitigh an Aontais agus cliaint dá n-údaráis inniúla maidir lena ngníomhaíocht imréitigh i CPLanna tríú tír a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, na caighdeáin sonraí agus na formáidí sonraí chun faisnéis CPLanna an Aontais a thuairisciú do ESMA, formáid na ndoiciméad is gá le haghaidh iarratais ar údarú, ar an údarú a leathnú agus ar athruithe ar shamhlacha agus paraiméadair a bhailíochtú. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

(63) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([19]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(64) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon sábháilteacht agus éifeachtúlacht CPLanna an Aontais a mhéadú trína dtarraingteacht a fheabhsú, imréiteach san Aontas a spreagadh agus feabhas a chur ar bhreithniú trasteorann rioscaí, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(65) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, scriostar mír 3;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

Idirbhearta laistigh de ghrúpa

1. Maidir le contrapháirtí neamhairgeadais, is é a bheidh in idirbheart laistigh de ghrúpa conradh díorthach thar an gcuntar a dhéantar le contrapháirtí eile atá mar chuid den ghrúpa céanna ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) áirítear an dá chontrapháirtí sa chomhdhlúthú céanna ar bhonn iomlán agus tá siad faoi réir nósanna imeachta iomchuí láraithe maidir le riosca a mheas, a thomhas agus a rialú; agus

(b) tá an contrapháirtí eile sin bunaithe san Aontas nó, má tá sé bunaithe i dtríú tír, ní shainaithnítear an tríú tír sin faoi mhír 4 ná faoi na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 5.

2. I ndáil le contrapháirtí airgeadais, aon cheann de na nithe seo a leanas a bheidh in idirbheart laistigh de ghrúpa:

(a) conradh díorthach thar an gcuntar a dhéantar le contrapháirtí eile atá ina chuid den ghrúpa céanna, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) tá an contrapháirtí airgeadais bunaithe san Aontas nó, má tá sé bunaithe i dtríú tír, ní shainaithnítear an tríú tír sin faoi mhír 4 ná faoi na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 5;

([19]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(ii) is contrapháirtí airgeadais, cuideachta sealbhaíochta airgeadais, institiúid airgeadais nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha atá faoi réir ceanglais stuamachta iomchuí é an contrapháirtí eile;

(iii) áirítear an dá chontrapháirtí sa chomhdhlúthú céanna ar bhonn iomlán; agus

(iv) tá an dá contrapháirtí faoi réir nósanna imeachta iomchuí láraithe maidir le riosca a mheas, a thomhas agus a rialú;

(b) conradh díorthach thar an gcuntar a dhéantar le contrapháirtí eile, i gcás inar cuid den scéim cosanta institiúideach chéanna an dá chontrapháirtí, dá dtagraítear in Airteagal 113(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar choinníoll go gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (a)(ii) den mhír seo;

(c) conradh díorthach thar an gcuntar a dhéantar idir institiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe leis an gcomhlacht lárnach céanna nó idir institiúid creidmheasa den sórt sin agus an comhlacht lárnach, dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(d) conradh díorthach thar an gcuntar a dhéantar le contrapháirtí neamhairgeadais atá mar chuid den ghrúpa céanna, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) áirítear an dá chontrapháirtí sa chonradh díorthach sa chomhdhlúthú céanna ar bhonn iomlán agus tá siad faoi réir nósanna imeachta iomchuí láraithe maidir le riosca a mheas, a thomhas agus a rialú; agus

(ii) tá an contrapháirtí neamhairgeadais bunaithe san Aontas nó, má tá sé bunaithe i dtríú tír, ní shainaithnítear an tríú tír sin faoi mhír 4 ná faoi na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 5.

3. Chun críocha an Airteagail seo, measfar contrapháirtithe a bheith san áireamh sa chomhdhlúthú céanna más rud é gur fíor aon cheann de na nithe seo a leanas maidir leis an dá chontrapháirtí:

(a) tá siad san áireamh i gcomhdhlúthú i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) nó leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 nó, i ndáil le grúpa a bhfuil a cheannoifig ag a mháthairghnóthas i dtríú tír, i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta de chuid tríú tír agus a chinntear a bheith coibhéiseach le IFRS i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1569/2007 ón gCoimisiún (**) (nó caighdeáin chuntasaíochta tríú tír a gceadaítear iad a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán sin); nó

(b) tá siad cumhdaithe ag an maoirseacht chomhdhlúthaithe chéanna i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE nó, i ndáil le grúpa a bhfuil a cheannoifig ag a mháthairghnóthas i dtríú tír, ag an maoirseacht chomhdhlúite chéanna ag údarás inniúil tríú tír atá fíoraithe a bheith coibhéiseach leis an maoirseacht sin atá á rialú ag na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 127 den Treoir sin.

4. Chun críocha an Airteagail seo, ní thairbheoidh idirbhearta le contrapháirtithe atá bunaithe in aon cheann de na tríú tíortha seo a leanas d'aon cheann de na díolúintí d'idirbhearta laistigh de ghrúpa:

(a) i gcás inar tríú tír ardriosca í an tríú tír, dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***);

(b) i gcás ina liostaítear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach sa leagan is cothroime le dáta de.

5. I gcás inarb iomchuí mar gheall ar shaincheisteanna sainaitheanta i socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír agus i gcás ina mbíonn rioscaí méadaithe mar thoradh ar na saincheisteanna sin, lena n-áirítear riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca dlíthiúil, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha

tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na tríú tíortha a shainaithint nach gceadaítear dá n-eintitis tairbhiú d'aon cheann de na díolúintí d'idirbhearta laistigh de ghrúpa in ainneoin nach tríú tíortha dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo iad na tríú tíortha sin.

(*) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 1569/2007 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2007 lena mbunaítear sásra chun comhionannas na gcaighdeán cuntasaíochta a chuireann eisitheoirí urrús i dtríú tíortha i bhfeidhm a chinneadh de bhun Threoracha 2003/71/CE agus 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 340, 22.12.2007, lch. 66)

(***) Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L, 2024/1624, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1624/oj).';

(3) in Airteagal 4(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid chun na conarthaí díorthach thar an gcuntar uile a imréiteach maidir le conarthaí a thugtar i gcrích sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a)(iv), idir, ar thaobh amháin, contrapháirtí airgeadais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4a(1), an dara fomhír, nó contrapháirtí neamhairgeadais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10(1), an dara fomhír, agus, ar an taobh eile, socrú scéimeanna pinsin atá bunaithe i dtríú tír agus a fheidhmíonn ar bhonn náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil sé údaraithe, maoirsithe agus aitheanta faoin dlí náisiúnta, agus i gcás inarb é is príomhchuspóir dó sochair scoir a sholáthar agus go bhfuil sé díolmhaithe ón oibleagáid imréitigh faoin dlí náisiúnta sin.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4a:

'*Airteagal 4a*

Contrapháirtithe atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh

1. Gach 12 mhí, féadfaidh contrapháirtí airgeadais a ghlacann suíomhanna i gconarthaí díorthach thar an gcuntar na suíomhanna seo a leanas a ríomh:

(a) a shuíomhanna neamh-imréitithe i gcomhréir le mír 3, an chéad fhomhír;

(b) a mheánsuíomhanna cinn míosa comhiomlána i gconarthaí díorthach thar an gcuntar imréitithe agus neamh-imréitithe don 12 mhí roimhe sin ("suíomhanna comhiomlána") i gcomhréir le mír 3, an dara fomhír.

I gcás inarb amhlaidh an méid a leanas maidir le contrapháirtí airgeadais:

(a) nach ríomhann sé a shuíomhanna neamh-imréitithe, nó i gcás ina sáraíonn toradh ríomh na suíomhanna neamh-imréitithe sin faoin gcéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo aon cheann de na tairseacha imréitigh a shonraítear de bhun Airteagal 10(4), an chéad fhomhír, pointe (b); nó

(b) nach ríomhann sé a shuíomhanna comhiomlána, nó i gcás ina sáraíonn toradh ríomh na suíomhanna comhiomlána sin aon cheann de na tairseacha imréitigh a shonraítear de bhun mhír 4 den Airteagal seo;

déanfaidh an contrapháirtí airgeadais sin an méid seo a leanas:

(i) fógra a thabhairt láithreach do ESMA agus don údarás inniúil ina leith sin;

(ii) socruithe imréitigh a bhunú laistigh de 4 mhí tar éis an fógra dá dtagraítear i bpointe (i) den fhomhír seo a thabhairt; agus

(iii) teacht faoi réir na hoibleagáide imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4 do na conarthaí díorthach thar an gcuntar ar fad a bhaineann le haon aicme de dhíorthaigh thar an gcuntar atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh a dhéantar nó a nuaitear tráth is déanaí ná 4 mhí tar éis an fógra dá dtagraítear i bpointe (i) den fhomhír seo a thabhairt.

Féadfaidh an contrapháirtí airgeadais an cúram fógra a thabhairt do ESMA faoin dara fomhír, pointe (i), a tharmligean chuig aon eintiteas eile laistigh den ghrúpa lena mbaineann an contrapháirtí airgeadais sin. Leanann an contrapháirtí airgeadais de bheith faoi dhliteanas dlíthiúil as a áirithiú gur tugadh an fógra sin do ESMA.

2. Contrapháirtí airgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4 nó a thagann faoi réir na hoibleagáide imréitigh i gcomhréir le mír 1, an dara fomhír, den Airteagal seo, leanfaidh sé de bheith faoi réir na hoibleagáide imréitigh sin agus leanfaidh sé d'imréiteach a dhéanamh go dtí go léireoidh an contrapháirtí airgeadais sin don údarás inniúil ábhartha nach sáraíonn a shuíomhanna comhiomlána ná a shuíomhanna neamh-imréitithe na tairseacha imréitigh a shonraítear de bhun mhír 4 den Airteagal seo nó de bhun Airteagal 10(4), an chéad fhomhír, pointe (b).

Beidh an contrapháirtí airgeadais in ann a léiriú don údarás inniúil ábhartha nach ndéanfar fomheastachán córasach ar na suíomhanna comhiomlána sin nó ar na suíomhanna neamh-imréitithe sin mar thoradh ar ríomh na suíomhanna comhiomlána nó na suíomhanna neamh-imréitithe, de réir mar is infheidhme.

3. Agus na suíomhanna neamh-imréitithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), den Airteagal seo á ríomh, cuirfidh an contrapháirtí airgeadais san áireamh gach conradh díorthach thar an gcuntar nach n-imréitítear trí CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 nó a dtugtar aitheantas dó faoi Airteagal 25, a rinne an contrapháirtí airgeadais sin nó a rinne eintitis eile laistigh den ghrúpa lena mbaineann an contrapháirtí airgeadais sin.

Agus na suíomhanna comhiomlána á ríomh aige, cuirfidh an contrapháirtí airgeadais san áireamh gach conradh díorthach thar an gcuntar a rinne an contrapháirtí airgeadais sin nó a rinne eintitis eile laistigh den ghrúpa lena mbaineann an contrapháirtí airgeadais sin.

D'ainneoin na chéad fhomhíre agus an dara fomhír, i gcás GCUInna agus CIManna, ríomhfar na suíomhanna neamh-imréitithe agus na suíomhanna comhiomlána ar leibhéal an chiste.

Cuideachtaí bainistíochta GCUI a bhfuil níos mó ná GCUI amháin á bhainistiú acu agus AIFManna a bhfuil níos mó ná CIM amháin á bhainistiú acu, beidh sé ar a gcumas a léiriú don údarás inniúil ábhartha nach dtarlóidh an méid seo a leanas mar thoradh ar ríomh na suíomhanna ar leibhéal an chiste:

(a) fomheastachán córasach ar shuíomhanna cistí ar bith atá á mbainistiú acu nó ar shuíomhanna an bhainisteora; nó

(b) teacht timpeall ar an oibleagáid imréitigh.

Bunóidh údaráis inniúla ábhartha an chontrapháirtí airgeadais agus na n-eintiteas eile laistigh den ghrúpa nósanna imeachta comhair chun a áirithiú go ndéanfar na suíomhanna a ríomh go héifeachtach ar leibhéal an ghrúpa.

4. Déanfaidh ESMA, tar éis dul i gcomhairle le BERS agus le húdaráis ábhartha eile, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun luach na dtairseach imréitigh is infheidhme maidir le suíomhanna comhiomlána a shonrú i gcás inar gá sin chun cumhdach stuama na gcontrapháirtithe airgeadais faoin oibleagáid imréitigh a áirithiú.

I gcás ina ndéanann ESMA, i gcomhréir le hAirteagal 10(4a), athbhreithniú ar na tairseacha imréitigh a shonraítear de bhun Airteagal 10(4), an chéad fhomhír, pointe (b), déanfaidh ESMA athbhreithniú freisin ar an tairseach imréitigh a shonraítear de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin an 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

5. Chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 10, ciallaíonn "suíomh neamh-imréitithe" an meánsuíomh cinn míosa comhiomlán don 12 mhí roimhe sin i gconarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 nó a dtugtar aitheantas dó faoi Airteagal 25.';

(5) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 4b*

Seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála

1. Gan dochar do theicnící maolaithe riosca faoi Airteagal 11, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4(1) maidir le conradh díorthach thar an gcuntar a thionscnaítear agus a thugtar i gcrích mar thoradh ar chleachtadh laghdaithe riosca iarthrádála incháilithe (“PTRR”) (“idirbheart PTRR”) arna dhéanamh de bhun mhíreanna 2 go 4 den Airteagal seo.

2. Ní dhíolmhófar idirbheart PTRR ón oibleagáid imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) comhlíonann an t-eintiteas a dhéanann an cleachtadh PTRR (“soláthraí seirbhíse PTRR”) na ceanglais a leagtar amach faoi mhíreanna 3 agus 4 den Airteagal seo; agus

(b) comhlíonann gach rannpháirtí sa chleachtadh PTRR na ceanglais faoi mhír 3 den Airteagal seo.

3. Maidir le cleachtadh PTRR incháilithe:

(a) is eintiteas a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2014/65/AE atá neamhspleách ar na contrapháirtithe sna conarthaí díorthach thar an gcuntar a áirítear sa chleachtadh PTRR a dhéanfaidh é;

(b) bainfear amach laghdú riosca leis i ngach ceann de na punanna a chuirtear faoi bhráid an chleachtaidh PTRR;

(c) glacfar leis ina iomláine agus, mar thoradh air sin, ní bheidh na rannpháirtithe sa chleachtadh PTRR in ann a roghnú cé na trádálacha nach mór a fhorghníomhú faoin gcleachtadh PTRR;

(d) ní bheidh sé oscailte le haghaidh rannpháirtíochta ach amháin do na heintitis a chuir punann faoi bhráid an chleachtaidh PTRR ar dtús;

(e) beidh sé neodrach ó thaobh riosca don mhargadh de;

(f) ní rannchuideoidh sé le praghasmhúnlú;

(g) beidh sé i bhfoirm cleachtadh comhbhrú, athchothromaithe nó optamaithe nó teaglaim díobh sin;

(h) cuirfear i gcrích é ar bhonn déthaobhach nó iltaobhach.

4. Déanfaidh soláthraí seirbhíse PTRR an méid seo a leanas:

(a) rialacha réamh-chomhaontaithe an chleachtaidh PTRR a chomhlíonadh, lena n-áirítear modhanna agus algartaim i dtimthriallta réamhsceidealaithe, agus gníomhú ar bhealach réasúnta, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach;

(b) a áirithiú nach mbeidh aon tionchar ag eintitis atá rannpháirteach i gcleachtadh PTRR ar thoradh an chleachtaidh PTRR;

(c) tabhairt faoi chleachtaí tráthrialta comhbhrú i gcásanna ina mbíonn idirbhearta PTRR nua mar thoradh ar chleachtaí PTRR;

(d) taifid iomlána agus chruinne a choinneáil ar gach idirbheart a fhorghníomhaítear de bhun cleachtadh PTRR, lena n-áirítear:

(i) faisnéis faoi idirbhearta a rinneadh mar chuid den chleachtadh PTRR;

(ii) idirbhearta a eascraíonn as an gcleachtadh PTRR mar idirbhearta modhnaithe nó mar idirbhearta nua; agus

(iii) an t-athrú foriomlán ar riosca na bpunann éagsúil a áirítear sa chleachtadh PTRR;

(e) arna iarraidh sin, na taifid dá dtagraítear i bpointe (d) a chur ar fáil, gan moill mhíchuí, don údarás inniúil ábhartha agus do ESMA; agus

(f) faireachán a dhéanamh ar na hidirbhearta a eascraíonn as an gcleachtadh PTRR chun a áirithiú, a mhéid is féidir, nach mbeidh aon mhí-úsáid maidir leis an oibleagáid imréitigh nó dul timpeall uirthi mar thoradh ar an gcleachtadh PTRR.

5. An t-údarás inniúil a d'údaraigh an soláthraí seirbhíse PTRR i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2014/65/AE, sular féidir idirbheart PTRR a eascraíonn as cleachtadh PTRR arna dhéanamh ag an soláthraí seirbhíse PTRR sin a dhíolmhú ón oibleagáid imréitigh i gcomhréir le mír 1, déanfaidh sé an méid seo a leanas gan moill mhíchuí:

(a) fógra a thabhairt do ESMA faoi ainm an tsoláthraí seirbhíse PTRR; agus

(b) a mheasúnú a chomhroinnt le ESMA ar an gcaoi a gcomhlíonann an soláthraí seirbhíse PTRR na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4.

Déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dheimhniú do ESMA, ar bhonn bliantúil ar a laghad, go leanann an soláthraí seirbhíse PTRR de na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 a chomhlíonadh nó nach bhfuil seirbhísí PTRR á soláthar a thuilleadh ag an soláthraí seirbhíse PTRR, de réir mar is infheidhme.

Déanfaidh ESMA an fhaisnéis a fhaightear faoin gcéad fhomhír agus faoin dara fomhír den mhír seo a tharchur chuig údaráis gach Ballstáit ag a bhfuil cumhachtaí maoirseachta maidir leis an oibleagáid imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

Déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, gan moill mhíchuí, fógra a thabhairt do ESMA i gcás nach gcomhlíonann soláthraí seirbhíse PTRR a thuilleadh na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4. Ar fhógra den sórt sin a fháil, bainfidh ESMA an soláthraí seirbhíse PTRR den liosta dá dtagraítear sa chúigiú fomhír den mhír seo. Ón dáta a baineadh an soláthraí seirbhíse PTRR den liosta sin, ní dhéanfar idirbhearta PTRR a eascraíonn as cleachtadh PTRR arna dhéanamh ag an soláthraí seirbhíse PTRR sin a dhíolmhú a thuilleadh ón oibleagáid imréitigh i gcomhréir le mír 1.

Foilseoidh ESMA, ar bhonn bliantúil, liosta de na soláthraithe seirbhíse PTRR a dtugtar fógra do ESMA fúthu faoin gcéad fhomhír, pointe (a).

6. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na heilimintí agus na ceanglais a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 agus na coinníollacha nó na saintréithe eile seo a leanas a bhaineann le cleachtaí PTRR a shonrú tuilleadh:

(a) cad is neodracht riosca margaidh ann i gcleachtadh PTRR;

(b) an laghdú riosca is gá i bpunanna arna dtíolacadh;

(c) an fhéidearthacht punanna measctha ina bhfuil idirbhearta imréitithe agus neamh-imréitithe araon a chuimsiú sa chleachtadh PTRR céanna agus na coinníollacha faoina gceadófaí cuimsiú den sórt sin;

(d) ceanglais maidir leis an gcleachtadh PTRR a bhainistiú;

(e) ceanglais le haghaidh cineálacha éagsúla seirbhísí PTRR;

(f) an próiseas chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na díolúine a deonaíodh; agus

(g) na critéir nach mór a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an bhfuiltear ag dul timpeall ar an oibleagáid imréitigh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(6) in Airteagal 6(2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(g) cion na gconarthaí díorthach a imréitítear i CPLanna a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 amhail deireadh na bliana féilire i gcomparáid le conarthaí díorthach a imréitítear i CPLanna tríú tír a dtugtar aitheantas dóibh i gcomhréir le hAirteagal 25, arna dtíolacadh ar bhonn comhiomlán agus in aghaidh na haicme sócmhainní.';

(7) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 7a*

Cuntas gníomhach

1. Contrapháirtithe airgeadais agus contrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh i gcomhréir le hAirteagail 4a agus 10 an 24 Nollaig 2024, nó a thiocfaidh faoi réir na hoibleagáide imréitigh ina dhiaidh sin, agus a sháraíonn an tairseach imréitigh in aon cheann de na catagóirí conarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, i gcatagóir aonair a liostaítear sa mhír sin nó ar bhonn comhiomlán thar na catagóirí uile a liostaítear sa mhír sin, sealbhóidh siad, le haghaidh na gcatagóirí sin de chonarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, cuntas gníomhach amháin ar a laghad ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14, i gcás ina soláthraíonn an CPL sin seirbhísí imréitigh do na díorthaigh lena mbaineann, agus déanfaidh siad líon ionadaíoch trádálacha ar a laghad a imréiteach sa chuntas gníomhach sin.

I gcás ina dtagann contrapháirtí airgeadais nó contrapháirtí neamhairgeadais faoi réir na hoibleagáide cuntas gníomhach a shealbhú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, tabharfaidh an contrapháirtí airgeadais nó an contrapháirtí neamhairgeadais sin fógra faoi do ESMA agus dá údarás inniúil ábhartha agus bunóidh sé cuntas gníomhach den sórt sin laistigh de 6 mhí ón uair a bheidh sé faoi réir na hoibleagáide sin.

2. Agus a oibleagáidí maidir le mír 1 á gcinneadh aige, déanfaidh contrapháirtí a bhaineann le grúpa atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite san Aontas breithniú ar na conarthaí díorthach uile dá dtagraítear i mír 6 a dhéanann an contrapháirtí sin nó na heintitis eile atá laistigh den ghrúpa a imréiteach, ar grúpa é lena mbaineann an contrapháirtí sin cé is moite d'idirbhearta laistigh de ghrúpa.

3. Contrapháirtithe a thagann faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach i mír 1, an chéad fhomhír, áiritheoidh siad go gcomhlíonfar gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) tá an cuntas ag feidhmiú go buan, lena n-áirítear le doiciméadacht dhlíthiúil, nascacht TF agus próisis inmheánacha a bhaineann leis an gcuntas a bheith i bhfeidhm;

(b) tá córais agus acmhainní ar fáil don chontrapháirtí le bheith in ann, go hoibríochtúil, an cuntas a úsáid, fiú ar gearrfhógra, le haghaidh méideanna móra de na conarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo i gcónaí agus le bheith in ann sreabhadh mór idirbheart a fháil, i dtréimhse ghearr ama, ó shuíomhanna arna sealbhú i seirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil léi de bhun Airteagal 25(2c);

(c) is féidir trádálacha nua uile an chontrapháirtí faoi seach sna conarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6 a imréiteach sa chuntas i gcónaí;

(d) déanann an contrapháirtí imréiteach sa chuntas gníomhach trádálacha atá ionadaíoch ar na conarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo a imréitítear ag seirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil léi de bhun Airteagal 25(2c) le linn na tréimhse tagartha.

4. Déanfar measúnú ar an oibleagáid ionadaíochais dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), de réir na gcritéar seo a leanas:

(a) na haicmí éagsúla conarthaí díorthach;

(b) aibíocht na dtrádálacha;

(c) na méideanna trádála.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid ionadaíochais dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), maidir le contrapháirtithe ag a bhfuil méid barúlach imréitigh gan íoc atá níos lú ná EUR 6 bhilliún sna conarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6.

Is ar fhochatagóirí a bhunófar an measúnú ar an oibleagáid ionadaíochais dá dtagraítear i mír 3, pointe (d). I gcás gach aicme conarthaí díorthach, is toradh ar theaglaim de mhéideanna éagsúla na dtrádálacha agus de na raonta aibíochta a bheidh i líon na bhfochatagóirí.

Comhlíonfaidh an contrapháirtí na ceanglais dá dtagraítear i mír 3, pointí (a), (b) agus (c), laistigh de 6 mhí ón uair a thiocfaidh sé faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus tuairisceoidh an contrapháirtí sin go tráthrialta i gcomhréir le hAirteagal 7b. Déanfar tástáil struis go tráthrialta ar na ceanglais uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Chun go gcomhlíonfar an oibleagáid ionadaíochais dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), déanfaidh na contrapháirtithe cúig thrádáil ar a laghad a imréiteach, ar bhonn meán bliantúil, i ngach ceann de na fochatagóirí is ábhartha de réir aicme conarthaí díorthach agus in aghaidh na tréimhse tagartha a shainítear i gcomhréir le mír 8, an tríú fomhír. I gcás inar mó líon na dtrádálacha dá thoradh sin ná leath na dtrádálacha iomlána a bhí ag an gcontrapháirtí sin don 12 mhí roimhe sin, measfar an oibleagáid ionadaíochais dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), a bheith comhlíonta i gcás ina n-imréitíonn an contrapháirtí sin trádáil amháin ar a laghad i ngach ceann de na fochatagóirí is ábhartha in aghaidh na haicme conarthaí díorthach in aghaidh na tréimhse tagartha.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid ionadaíochais dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), maidir le seirbhísí imréitigh cliant a sholáthar. Agus méid barúlach imréitigh contrapháirtí gan íoc dá dtagraítear i mír 8, an ceathrú fomhír, á ríomh, ní áireofar a ghníomhaíochtaí imréitigh cliant.

5. Contrapháirtithe airgeadais agus contrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus a imréitíonn 85 % ar a laghad dá gconarthaí díorthach a bhaineann leis na catagóirí dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14, beidh siad díolmhaithe ó na ceanglais dá dtagraítear i mír 3, pointí (a), (b) agus (c), den Airteagal seo, ón gceanglas dá dtagraítear i mír 4, an ceathrú fomhír, den Airteagal seo agus ón gceanglas tuairiscithe breise dá dtagraítear in Airteagal 7b(2).

6. Is iad seo a leanas na catagóirí conarthaí díorthach a bheidh faoi réir na hoibleagáide dá dtagraítear i mír 1:

(a) díorthaigh ráta úis arna n-ainmniú in euro nó i zloty na Polainne;

(b) díorthaigh ráta úis ghearrthéarmaigh arna n-ainmniú in euro.

7. I gcás ina ndéanann ESMA measúnú de bhun Airteagal 25(2c) agus i gcás ina gcinneann sé go bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil le seirbhísí nó gníomhaíochtaí áirithe arna soláthar ag CPLanna Leibhéal 2 don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, nó nach bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil a thuilleadh le seirbhísí nó gníomhaíochtaí a shainaithin ESMA roimhe sin mar sheirbhísí nó gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, féadfar liosta na gconarthaí atá faoi réir na hoibleagáide cuntais ghníomhaigh a leasú.

Chun liosta na gconarthaí atá faoi réir oibleagáidí cuntais ghníomhaigh a leasú, cuirfidh ESMA faoi bhráid an Choimisiúin, tar éis dó dul i gcomhairle le BERS agus le comhaontú ó na bainc cheannais eisiúna, anailís chríochnúil agus chuimsitheach costais is tairbhe, i gcomhréir leis an measúnú teicniúil cainníochtúil a shonraítear in Airteagal 25(2c), an chéad fhomhír, pointe (c), de réir mar is ábhartha, lena n-áirítear éifeachtaí ar airgeadraí eile de chuid an Aontais, agus ina ndéantar measúnú ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na hoibleagáidí cuntais ghníomhaigh a leathnú chuig na cineálacha nua conarthaí, agus tuairim i dtaca leis an measúnú sin. Ní bhainfidh comhaontú na mbanc ceannais eisiúna ach leis na conarthaí atá ainmnithe san airgeadra a eisíonn siad.

I gcás ina ndéanann ESMA an measúnú agus ina n-eisíonn sé tuairim ina gcinntear gur cheart liosta na gconarthaí a leasú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 chun liosta na gconarthaí díorthach faoin gcéad fhomhír den mhír seo a leasú.

8. Forbróidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, ÚEAPC agus BERS agus tar éis dó dul i gcomhairle le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na ceanglais faoi mhír 3, pointí (a), (b) agus (c), den Airteagal seo, coinníollacha na tástála struis ina leith agus mionsonraí an tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 7b a shonrú tuilleadh. Agus na caighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt, cuirfidh ESMA san áireamh méid phunanna na gcontrapháirtithe éagsúla de réir an tríú fomhír den mhír seo, ionas go mbeidh contrapháirtithe a bhfuil níos mó

trádálacha acu ina bpunanna faoi réir coinníollacha oibríochtúla agus ceanglais tuairiscithe níos déine ná contrapháirtithe a bhfuil níos lú trádálacha acu.

Maidir leis an oibleagáid ionadaíochais dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), sonróidh ESMA na haicmí éagsúla conarthaí díorthach, faoi réir teorainn trí aicme, na raonta aibíochta éagsúla, faoi réir teorainn ceithre raon aibíochta, agus na raonta éagsúla méide trádála, faoi réir teorainn trí raon méide trádála, chun ionadaíochas na gconarthaí díorthach atá le himréiteach trí na cuntais ghníomhacha a áirithiú.

Socróidh ESMA líon na bhfochatagóirí is ábhartha in aghaidh na haicme conarthaí díorthach, nach mbeidh níos airde ná 5 cinn, atá le léiriú sa chuntas gníomhach. Is iad a bheidh sna fochatagóirí is ábhartha na fochatagóirí sin ina bhfuil an líon is airde trádálacha le linn na tréimhse tagartha.

Socróidh ESMA freisin fad na tréimhse tagartha, nach mbeidh níos lú ná 6 mhí i gcás contrapháirtithe ag a bhfuil méid barúlach imréitigh gan íoc atá níos lú ná EUR 100 billiún sna conarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6 agus nach lú ná mí amháin i gcás contrapháirtithe a bhfuil méid barúlach imréitigh gan íoc atá níos mó ná EUR 100 billiún acu sna conarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Meitheamh 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

9. Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán, ar bhonn eintitis, grúpa agus meánluach comhiomlán, ar leibhéal na gníomhaíochta sna conarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, agus déanfaidh siad an leibhéal sin a ríomh ar an mbonn céanna, agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis sin chuig an Sásra Faireacháin Comhpháirteach.

Gan dochar do cheart na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le pionóis agus pionóis a fhorchur, i gcás ina bhfaightear go bhfuil a oibleagáidí faoin Airteagal seo á sárú ag contrapháirtí airgeadais nó neamhairgeadais, déanfaidh a údarás inniúil, le cinneadh, pionóis riaracháin nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, nó iarrfaidh sé ar údaráis bhreithiúnacha inniúla pionóis nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, chun iallach a chur ar an gcontrapháirtí sin deireadh a chur lena shárú.

Beidh an íocaíocht phionósach thréimhsiúil dá dtagraítear sa dara fomhír éifeachtach agus comhréireach agus ní bheidh sí níos mó ná 3 % ar a mhéad den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin. Déanfar í a fhorchur ar gach lá moille, agus déanfar í a ríomh ón dáta a shonraítear sa chinneadh lena bhforchuirtear an íocaíocht phionósach thréimhsiúil.

Déanfar an íocaíocht phionósach thréimhsiúil dá dtagraítear sa dara fomhír a fhorchur ar feadh uastréimhse 6 mhí tar éis an fógra faoi chinneadh an údaráis inniúil a fháil. Tar éis dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an t-údarás inniúil athbhreithniú ar an mbeart agus cuirfidh sé síneadh leis más gá.

10. Faoin 25 Meitheamh 2026, i ndlúthchomhar le CEBC agus BERS, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an Sásra Faireacháin Comhpháirteach, déanfaidh ESMA measúnú ar éifeachtacht an Airteagail seo maidir le maolú a dhéanamh ar na rioscaí cobhsaíochta airgeadais don Aontas arb ionann iad agus neamhchosaintí contrapháirtithe de chuid an Aontais ar CPLanna Leibhéal 2 a thairgeann seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo de bhun Airteagal 25(2c).

Cuirfidh ESMA tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún i dteannta an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, lena n-áirítear measúnú tionchair lánréasúnaithe ar bhearta comhlántacha, lena n-áirítear tairseacha cainníochtúla.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, tíolacfaidh ESMA a mheasúnú agus a mholtaí tráth ar bith tar éis dó fógra foirmiúil a fháil ón Sásra Faireacháin Comhpháirteach, ina léirítear gur dócha go dtiocfaidh rioscaí cobhsaíochta airgeadais don Aontas chun cinn mar thoradh ar imthosca sonracha a spreag teagmhas a bhfuil impleachtaí sistéamacha aige.

Laistigh de 6 mhí ón tuarascáil ó ESMA dá dtagraítear sa dara fomhír a fháil, ullmhóidh an Coimisiún a thuarascáil féin agus féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil léi, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 7b

Faireachán ar an oibleagáid cuntais ghníomhaigh

1. Déanfaidh contrapháirtí airgeadais nó contrapháirtí neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide dá dtagraítear in Airteagal 7a a ghníomhaíochtaí agus a neamhchosaintí ar riosca a ríomh i gcatagóirí na gconarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal sin, agus tuairisceoidh sé gach 6 mhí dá údarás inniúil an fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide sin. Tarchuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis sin chuig ESMA gan moill mhíchuí.

Úsáidfidh na contrapháirtithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo an fhaisnéis arna tuairisciú faoi Airteagal 9 i gcás inarb ábhartha. Áireofar sa tuairisciú freisin léiriú don údarás inniúil go bhfuil an doiciméadacht dhlíthiúil, an nascacht TF agus na próisis inmheánacha a bhaineann leis na cuntais ghníomhacha i bhfeidhm.

2. Na contrapháirtithe airgeadais agus na contrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a shealbhaíonn, le haghaidh na gconarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6), cuntais ag CPL Leibhéal 2 sa bhreis ar chuntais ghníomhacha, tuairisceoidh siad freisin gach 6 mhí dá n-údarás inniúil faisnéis faoi na hacmhainní agus na córais atá i bhfeidhm acu chun a áirithiú go gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 7a(3), pointe (b). Tarchuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis sin chuig ESMA gan moill mhíchuí.

3. Áiritheoidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo go ndéanfaidh na contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide dá dtagraítear in Airteagal 7a na bearta iomchuí chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear a gcumhachtaí maoirseachta a úsáid faoina reachtaíocht earnálach, i gcás inarb iomchuí, nó pionóis dá dtagraítear in Airteagal 12 a fhorchur i gcás inar gá. Féadfaidh údaráis inniúla tuairisciú níos minice a éileamh go háirithe i gcás, bunaithe ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh, nach ndearnadh dóthain beart chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh maidir le cuntais ghníomhacha.

Airteagal 7c

Faisnéis faoi sholáthar seirbhísí imréitigh

1. Comhaltaí imréitigh agus cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 agus ag CPL a dtugtar aitheantas dó faoi Airteagal 25, cuirfidh siad a gcliaint ar an eolas, i gcás ina bhfuil an tairiscint ar fáil, faoin bhféidearthacht a gconarthaí a imréiteach trí CPL a údaraítear faoi Airteagal 14.

2. D'ainneoin Airteagal 4(3a), nochtfaidh comhaltaí imréitigh agus cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh do chliaint, ar bhealach soiléir agus intuigthe, do gach CPL ag a soláthraíonn siad seirbhísí imréitigh, na táillí atá le gearradh ar chliaint den sórt sin as seirbhísí imréitigh a sholáthar agus aon táillí eile a ghearrtar lena n-áirítear táillí a ghearrtar ar chliaint a chuireann costais ar aghaidh, agus costais ghaolmhara eile a bhaineann le seirbhísí imréitigh a sholáthar.

3. Déanfaidh comhaltaí imréitigh agus cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar:

(a) nuair a bhunaíonn siad caidreamh imréitigh cliant le cliant; agus

(b) ar bhonn ráithiúil ar a laghad.

4. Forbróidh ESMA, i gcomhairle le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an cineál faisnéise dá dtagraítear i mír 2 a shonrú tuilleadh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 7d

Faisnéis faoi ghníomhaíocht imréitigh i CPLanna a dtugtar aitheantas dóibh faoi Airteagal 25

1. Déanfaidh comhaltaí imréitigh agus cliaint a imréitíonn conarthaí trí CPL a dtugtar aitheantas dó faoi Airteagal 25 gníomhaíocht imréitigh den sórt sin a thuairisciú mar a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil siad bunaithe san Aontas ach nach bhfuil siad mar chuid de ghrúpa atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite san Aontas, tuairisceoidh siad dá n-údaráis inniúla;

(b) i gcás inar cuid de ghrúpa iad atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite san Aontas, tuairisceoidh máthairghnóthas an Aontais den ghrúpa sin gníomhaíocht imréitigh den sórt sin ar bhonn comhdhlúite dá údarás inniúil.

Beidh faisnéis faoi raon feidhme na gníomhaíochta imréitigh sa CPL aitheanta a dhéantar ar bhonn bliantúil sna tuarascálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír lena sonraítear an méid seo a leanas:

(a) cineál na n-ionstraimí airgeadais nó na n-ionstraimí neamhairgeadais a imréitíodh;

(b) na meánluachanna a imréitíodh i gcaitheamh 1 bhliain amháin in aghaidh an airgeadra de chuid an Aontais agus in aghaidh na haicme sócmhainne;

(c) méid na héarlaise a bailíodh;

(d) na ranníocaíochtaí leis an gciste mainneachtana; agus

(e) an oibleagáid íocaíochta is mó.

Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír a tharchur go pras chuig ESMA agus chuig an Sásra Faireacháin Comhpháirteach.

2. Déanfaidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, ÚEÁPC agus BERS agus tar éis dó dul i gcomhairle le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun inneachar na faisnéise atá le tuairisciú agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le soláthar i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo a shonrú tuilleadh, agus na bealaí tuairiscithe atá ann cheana agus an fhaisnéis atá ar fáil cheana do ESMA faoin gcreat tuairiscithe atá ann cheana á gcur san áireamh, lena n-áirítear an oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 9.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

3. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun formáid na faisnéise atá le cur faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear i mír 1 a shonrú, agus bealaí tuairiscithe atá ann cheana á gcur san áireamh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 7e

Faisnéis faoi CPLanna de chuid an Aontais

1. Déanfaidh CPLanna a údaraítear faoi Airteagal 14 an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a thuairisciú do ESMA ar bhonn míosúil tríd an mbunachar sonraí lárnach arna bhunú ag ESMA de bhun Airteagal 17c ("an bunachar sonraí lárnach"):

(a) na luachanna agus na méideanna a imréitítear in aghaidh an airgeadra agus in aghaidh na haicme sócmhainne, lena n-áirítear luach na suíomhanna arna sealbhú ag rannpháirtithe imréitigh;

(b) infheistíochtaí an CPL;

(c) caipiteal an CPL, lena n-áirítear acmhainní dílse tiomnaithe a úsáidtear sa mhainneachtain i bhfoirm cascáide amhail dá dtagraítear in Airteagal 45(4) den Rialachán seo agus in Airteagal 9(14) de Rialachán (AE) 2021/23;

(d) ceanglais éarlaise na gcomhaltaí imréitigh, ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana, agus acmhainní atá geallta go conarthach sa bhainistiú mainneachtana nó sna pleananna téarnaimh dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/23;

(e) leormhaitheas na héarlaise agus na ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana agus na n-acmhainní cascáide i ndáil le hAirteagail 41, 42 agus 45;

(f) acmhainní leachtacha an CPL atá ar fáil agus torthaí na tástála struis leachtachta;

(g) mionsonraí na gcomhaltaí imréitigh, na gcliant a shealbhaíonn cuntais leithscartha aonair, tríú páirtithe a sholáthraíonn mórghníomhaíochtaí atá nasctha le bainistiú riosca an CPL, soláthraithe leachtachta ábhartha atá nasctha leis an CPL, chomh maith le CPLanna idir-inoibritheacha agus nasctha;

(h) aon athrú atá curtha chun feidhme go díreach ag an CPL i gcomhréir le hAirteagal 15a.

Beidh rochtain ag comhaltaí choláiste an CPL dá dtagraítear in Airteagal 18 ar an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir leis an Airteagal seo tríd an mbunachar sonraí lárnach.

2. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE agus CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun mionsonraí agus ábhar na faisnéise atá le soláthar faoi mhír 1 a shonrú tuilleadh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

3. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na caighdeáin sonraí agus na formáidí sonraí a shonrú don fhaisnéis atá le tuairisciú i gcomhréir le mír 1.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(8) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

'Déanfaidh contrapháirtithe airgeadais, contrapháirtithe neamhairgeadais agus CPLanna atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe nósanna imeachta agus socruithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun cáilíocht na sonraí a thuairiscíonn siad i gcomhréir leis an Airteagal seo a áirithiú.

I gcás ina gcomhlíonann contrapháirtí neamhairgeadais atá mar chuid de ghrúpa na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10(1), an dara fomhír, agus ina dtairbhíonn sé den díolúine a leagtar amach sa chúigiú fomhír den mhír seo, tuairisceoidh máthairghnóthas an Aontais den chontrapháirtí neamhairgeadais sin na glansuíomhanna comhiomlána de réir aicme díorthach an chontrapháirtí neamhairgeadais sin dá údarás inniúil ar bhonn seachtainiúil. I gcás contrapháirtí atá bunaithe san Aontas, roinnfidh údarás inniúil an mháthairghnóthais an fhaisnéis le ESMA agus le húdarás inniúil an chontrapháirtí sin.';

(b) i mír 1a, leasaítear an ceathrú fomhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) go mbeadh an t-eintiteas tríú tír sin cáilithe mar chontrapháirtí airgeadais dá mbunófaí san Aontas é; agus’;

(ii) scriostar pointe (b);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1e:

‘1e. Contrapháirtithe agus CPLanna a bhfuil sé de cheangal orthu mionsonraí na gconarthaí díorthach a thuairisciú, áiritheoidh siad go ndéanfar na mionsonraí sin a thuairisciú i gceart agus gan dúbailt, lena n-áirítear i gcás inar tarmligeadh an oibleagáid tuairiscithe i gcomhréir le mír 1f.’;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4a. Faoin 25 Nollaig 2025, dréachtóidh ESMA, i gcomhar le ÚBE agus ÚEÁPC, treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 chun na nósanna imeachta agus na socruithe dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, a shonrú tuilleadh.’;

(9) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1. Gach 12 mhí, féadfaidh contrapháirtí neamhairgeadais a ghlacann suíomhanna i gconarthaí díorthach thar an gcuntar a shuíomhanna neamh-imréitithe a ríomh i gcomhréir le mír 3.’;

(ii) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘I gcás nach ndéanann contrapháirtí neamhairgeadais a shuíomhanna neamh-imréitithe a ríomh, nó i gcás ina sáraíonn toradh ríomh na suíomhanna neamh-imréitithe sin i leith aicme amháin nó níos mó de dhíorthaigh thar an gcuntar na tairseacha imréitigh a shonraítear de bhun mhír 4, an chéad fhomhír, pointe (b), déanfaidh an contrapháirtí neamhairgeadais sin an méid seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 go 5:

‘2. Contrapháirtí neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4 nó a thagann faoi réir na hoibleagáide imréitigh i gcomhréir le mír 1, an dara fomhír, den Airteagal seo, leanfaidh sé de bheith faoi réir na hoibleagáide sin agus leanfaidh sé d’imréiteach a dhéanamh go dtí go léireoidh an contrapháirtí neamhairgeadais sin don údarás inniúil ábhartha nach sáraíonn a shuíomh neamh-imréitithe an tairseach imréitigh a shonraítear de bhun mhír 4, an chéad fhomhír, pointe (b), den Airteagal seo.

Beidh an contrapháirtí neamhairgeadais in ann a léiriú don údarás inniúil ábhartha nach ndéanfar fomheastachán córasach ar an suíomh sin mar thoradh ar ríomh an tsuímh neamh-imréitithe.

3. Agus na suíomhanna neamh-imréitithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á ríomh aige, cuirfidh an contrapháirtí neamhairgeadais san áireamh na conarthaí díorthach thar an gcuntar uile nach bhfuil imréitithe trí CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 nó a dtugtar aitheantas dó faoi Airteagal 25 a rinne an contrapháirtí neamhairgeadais, ar conarthaí iad nach féidir a thomhas go hoibiachtúil mar chonarthaí lena laghdaítear rioscaí a bhaineann go díreach le gníomhaíocht tráchtála nó le gníomhaíocht maoinithe cisteáin an chontrapháirtí neamhairgeadais nó an ghrúpa lena mbaineann an contrapháirtí neamhairgeadais sin.

4. Déanfaidh ESMA, tar éis dó dul i gcomhairle le BERS agus le húdaráis ábhartha eile, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an méid seo a leanas a shonrú:

(a) na critéir chun a shuí cé na conarthaí díorthach thar an gcuntar is féidir a thomhas go hoibiachtúil mar chonarthaí lena laghdaítear rioscaí a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht tráchtála nó leis an ngníomhaíocht maoinithe cisteáin dá dtagraítear i mír 3;

(b) luachanna na dtairseach imréitigh i gcomhair suíomhanna neamh-imréitithe, a chinntear agus an mhodheolaíocht ríofa a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo agus in Airteagal 4a(3) á cur san áireamh, ábharthacht shistéamach shuim na nglansuíomhanna agus na neamhchosaintí in aghaidh an chontrapháirtí agus in aghaidh na haicme díorthach thar an gcuntar; agus

(c) na sásraí lena spreagtar athbhreithniú ar luachanna na dtairseach imréitigh tar éis luaineachtaí suntasacha praghsanna san aicme fholuiteach de dhíorthaigh thar an gcuntar nó tar éis méadú suntasach ar rioscaí don chobhsaíocht airgeadais.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

4a. Déanfaidh ESMA, i gcomhairle le BERS, athbhreithniú ar na tairseacha imréitigh dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (b), den Airteagal seo agus in Airteagal 4a(4), agus aird á tabhairt, go háirithe, ar idirnascthacht na gcontrapháirtithe airgeadais agus ar an ngá atá ann cumhdach stuama na gcontrapháirtithe airgeadais a áirithiú faoin oibleagáid imréitigh. Déanfar an t-athbhreithniú sin gach 2 bhliain ar a laghad, nó níos luaithe i gcás inar gá nó i gcás ina gceanglaítear sin faoi na sásraí a bhunaítear faoi mhír 4, an chéad fhomhír, pointe (c). Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, féadfaidh ESMA, sna caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun mhír 4, athruithe a mholadh ar na tairseacha a shonraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), den mhír sin. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag ESMA ar na tairseacha imréitigh, déanfaidh sé a mheas an iad na haicmí díorthach thar an gcuntar, ar socraíodh tairseach imréitigh ina leith, na haicmí ábhartha díorthach thar an gcuntar fós nó ar cheart aicmí nua a thabhairt isteach.

Beidh tuarascáil ó ESMA ar an ábhar ag gabháil leis an athbhreithniú tréimhsiúil sin.

4b. Bunóidh údaráis inniúla ábhartha an chontrapháirtí neamhairgeadais agus na n-eintiteas eile laistigh den ghrúpa nósanna imeachta comhair chun a áirithiú go ndéanfar na suíomhanna a ríomh go héifeachtach agus chun meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar leibhéal na neamhchosanta i gconarthaí díorthach thar an gcuntar ar leibhéal an ghrúpa.

5. Ainmneoidh gach Ballstát údarás a bheidh freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí na gcontrapháirtithe neamhairgeadais faoin Rialachán seo. Tuairisceoidh an t-údarás sin, i gcomhar leis na húdaráis atá freagrach as eintitis eile an ghrúpa, do ESMA gach 2 bhliain ar a laghad, agus níos minice i gcás ina sainaithnítear staid éigeandála faoi Airteagal 24, maidir le toradh an mheasúnaithe ar leibhéal na neamhchosanta i ndíorthaigh thar an gcuntar de chuid na gcontrapháirtithe neamhairgeadais a bhfuil sé freagrach astu. Tuairisceoidh an t-údarás atá freagrach as máthairghnóthas an Aontais den ghrúpa lena mbaineann an contrapháirtí neamhairgeadais do ESMA, gach 2 bhliain ar a laghad, maidir le toradh an mheasúnaithe ar leibhéal na neamhchosanta i ndíorthaigh thar an gcuntar de chuid an ghrúpa.

Gach 2 bhliain ar a laghad ón 24 Nollaig 2024, tíolacfaidh ESMA tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún ar ghníomhaíochtaí contrapháirtithe neamhairgeadais de chuid an Aontais i ndíorthaigh thar an gcuntar, ina sainaithnítear réimsí ina bhfuil easpa cóineasaithe agus comhsheasmhachta i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo chomh maith leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais.';

(10) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'Contrapháirtí neamhairgeadais a thagann faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo, bunóidh sé na socruithe is gá chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh laistigh de 4 mhí tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an dara fomhír, pointe (a). Beidh contrapháirtí neamhairgeadais díolmhaithe ó na hoibleagáidí sin i gcás conarthaí a dhéantar le linn na 4 mhí tar éis an fhógra sin';

(b) i mír 3, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

‘Contrapháirtí neamhairgeadais a thagann faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo, bunóidh sé na socruithe is gá chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh laistigh de 4 mhí tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an dara fomhír, pointe (a). Beidh contrapháirtí neamhairgeadais díolmhaithe ó na hoibleagáidí sin i gcás conarthaí a dhéantar le linn na 4 mhí tar éis an fhógra sin.

Déanfaidh contrapháirtithe airgeadais agus contrapháirtithe neamhairgeadais dá dtagraítear in Airteagal 10(1) iarratas ar údarú óna n-údaráis inniúla sula n-úsáidfidh siad samhail le haghaidh ríomh éarlaise tosaigh, nó sula nglacfaidh siad athrú uirthi, maidir leis na nósanna imeachta bainistithe riosca a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo. Agus iarratas ar údarú á dhéanamh acu, déanfaidh na contrapháirtithe sin, tríd an mbunachar sonraí lárnach, an fhaisnéis ábhartha uile faoi na nósanna imeachta bainistithe riosca sin a sholáthar dá n-údaráis inniúla. Déanfaidh na húdaráis inniúla sin údarú den sórt sin a dheonú nó diúltóidh siad é a dheonú laistigh de 6 mhí tar éis dóibh an t-iarratas ar shamhail nua a fháil nó laistigh de 3 mhí ón iarratas ar athrú ar shamhail atá údaraithe cheana a fháil.

I gcás ina bhfuil an tsamhail dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo bunaithe ar shamhail *pro forma*, déanfaidh an contrapháirtí iarratas ar bhailíochtú na samhla sin a chur chuig ÚBE agus déanfaidh sé an fhaisnéis ábhartha uile dá dtagraítear san fhomhír sin a sholáthar do ÚBE tríd an mbunachar sonraí lárnach. Ina theannta sin, déanfaidh an contrapháirtí an fhaisnéis faoin méid barúlach gan íoc dá dtagraítear i mír 12a den Airteagal seo a sholáthar do ÚBE tríd an mbunachar sonraí lárnach.

I gcás ina bhfuil an tsamhail dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo bunaithe ar shamhail pro forma, ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla an t-údarú a dheonú ach amháin i gcás ina bhfuil an tsamhail pro forma bailíochtaithe ag ÚBE.

Féadfaidh ÚBE, i gcomhar le ESMA agus ÚEÁPC, treoirlínte nó moltaí a eisiúint d’fhonn próiseas aonfhoirmeach cur i bhfeidhm agus údarúcháin na nósanna imeachta bainistithe riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a áirithiú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘3a. De mhaolú ar mhír 3, ní bheidh roghanna aonstoic ná roghanna innéacs cothromais nach bhfuil imréitithe ag CPL faoi réir nósanna imeachta bainistithe riosca lena n-éilítear malartú comhthaobhachta atá tráthúil, beacht agus leithscartha go hiomchuí.

Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, déanfaidh ESMA, i gcomhar le ÚBE agus ÚEÁPC, faireachán ar an méid seo a leanas:

(a) forbairtí rialála i ndlínsí tríú tír maidir le láimhseáil roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais;

(b) tionchar an mhaolaithe a leagtar síos sa chéad fhomhír ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ar chobhsaíocht airgeadais ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit; agus

(c) forbairt neamhchosaintí i roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais nach bhfuil imréitithe ag CPL.

Gach 3 bliana ar a laghad ón 24 Nollaig 2024, déanfaidh ESMA, i gcomhar le ÚBE agus ÚEÁPC, na fionnachtana a eascraíonn as a fhaireachán dá dtagraítear sa dara fomhír a thuairisciú don Choimisiún.

Laistigh de bhliain amháin tar éis dó an tuarascáil dá dtagraítear sa tríú fomhír a fháil, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na nithe seo a leanas:

(a) an amhlaidh atá níos mó cóineasaithe ann maidir le láimhseáil roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais mar thoradh ar fhorbairtí idirnáisiúnta; agus

(b) an amhlaidh a chuireann an maolú a leagtar síos sa chéad fhomhír cobhsaíocht airgeadais an Aontais nó cobhsaíocht airgeadais ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit i mbaol;

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 chun an Rialachán seo a leasú tríd an maolú a leagtar síos sa chéad fhomhír a chúlghairm tar éis tréimhse oiriúnaithe. Ní rachaidh an tréimhse oiriúnaithe thar 2 bhliain.’;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘12a. Cuirfidh ÚBE feidhm bailíochtaithe lárnaigh ar bun le haghaidh eilimintí agus gnéithe ginearálta na samhlacha pro forma, agus na n-athruithe orthu, atá á-úsáid nó atá le bheith á n-úsáid ag contrapháirtithe airgeadais agus ag contrapháirtithe neamhairgeadais dá dtagraítear in Airteagal 10 chun na ceanglais a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo a chomhlíonadh. Baileoidh ÚBE aiseolas ó ESMA, ó ÚEÁPC agus ó na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chontrapháirtithe a úsáideann na samhlacha pro forma atá faoi réir a mbailíochtaithe, lena n-áirítear maidir le feidhmíocht na samhlacha pro forma sin, agus comhordóidh sé a dtuairimí agus é mar aidhm aige comhthoil a fhorbairt maidir le heilimintí agus gnéithe ginearálta na samhlacha pro forma. Feidhmeoidh ÚBE mar phríomhphointe teagmhála maidir le pléití le rannpháirtithe sa mhargadh agus forbróirí na samhlacha *pro forma* sin.

Ina ról mar bhailíochtóir lárnach, déanfaidh ÚBE eilimintí agus gnéithe ginearálta na samhlacha pro forma sin a bhailíochtú, lena n-áirítear a gcalabrú, a ndearadh agus a mhéid a chumhdaítear ionstraimí, aicmí sócmhainní agus fachtóirí riosca leo. Deonóidh ÚBE an bailíochtú sin nó diúltóidh sé é a dheonú laistigh de 6 mhí ón iarratas ar bhailíochtú dá dtagraítear i mír 3, an ceathrú fomhír, a fháil, le haghaidh samhail nua pro forma agus laistigh de 3 mhí ón iarratas ar athrú ar shamhail atá bailíochtaithe cheana a fháil. Chun obair bhailíochtaithe ÚBE a éascú, déanfaidh forbróirí samhlacha pro forma, arna iarraidh sin do ÚBE, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur faoi bhráid ÚBE.

Tabharfaidh ÚBE cúnamh do na húdaráis inniúla ina bpróisis údarúcháin maidir leis na gnéithe ginearálta de chur chun feidhme na samhlacha faoi mhír 3. Chuige sin, ullmhóidh ÚBE tuarascáil bhliantúil ar ghnéithe ábhartha a chuid oibre bailíochtaithe, lena n-áirítear fíorú ar chalabrú na samhlacha faoin dara fomhír den mhír seo agus anailís ar na saincheisteanna arna dtuairisciú. I gcás ina measann sé gur gá sin, eiseoidh ÚBE, i gcomhar le ESMA agus ÚEÁPC, moltaí i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus iad dírithe chuig na húdaráis inniúla sin. Chun cuidiú le ÚBE na tuarascálacha agus na moltaí a dhréachtú, cuirfidh na húdaráis inniúla ar fáil do ÚBE, arna iarraidh sin dó, an fhaisnéis a bailíodh le linn a bpróisis údarúcháin tosaigh agus leanúnaigh ar leibhéal an eintitis i leith na samhlacha faoi mhír 3, nó le linn na n-athruithe a rinneadh orthu.

Is iad na húdaráis inniúla amháin a bheidh freagrach as úsáid na samhlacha faoi mhír 3, nó athruithe orthu, a údarú ar leibhéal an eintitis faoi mhaoirseacht.

Gearrfaidh ÚBE táille bhliantúil, in aghaidh na samhla pro forma, ar chontrapháirtithe airgeadais agus ar chontrapháirtithe neamhairgeadais dá dtagraítear in Airteagal 10(1) a úsáideann na samhlacha pro forma arna mbailíochtú ag ÚBE faoin dara fomhír den mhír seo. Tuairisceoidh na húdaráis inniúla do ÚBE maidir leis na contrapháirtithe airgeadais agus na contrapháirtithe neamhairgeadais a chuireann samhlacha chun feidhme faoi réir an phróisis bailíochtaithe faoin gcéad fhomhír. Beidh an táille comhréireach le meánmhéid barúlach míosúil gan íoc na ndíorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach le 12 mhí anuas de chuid na gcontrapháirtithe lena mbaineann a úsáideann na samhlacha pro forma arna mbailíochtú ag ÚBE agus sannfar í chun na costais go léir arna dtabhú ag ÚBE as a chúraimí a dhéanamh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír a chumhdach.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn “samhail *pro forma*” samhail éarlaise tosaigh arna bunú, arna foilsiú, agus arna hathbhreithniú trí thionscnaimh faoi stiúir an mhargaidh.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas a leagan amach:

(a) an modh chun méid na dtáillí a chinneadh; agus

(b) na módúlachtaí a bhaineann le híocaíocht na dtáillí.’;

(e) leasaítear mír 15 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (aa):

‘(aa) na nósanna imeachta maoirseachta, chun bailíochtú tosaigh agus leanúnach na nósanna imeachta bainistithe riosca dá dtagraítear i mír 3 a áirithiú arna gcur i bhfeidhm ag institiúidí creidmheasa a údaraítear i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE agus ag gnólachtaí infheistíochta a údaraítear i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ag a bhfuil, nó a bhaineann le grúpa ag a bhfuil, meánmhéid barúlach míosúil gan íoc de dhíorthaigh thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach dar luach EUR 750 billiún ar a laghad, arna ríomh i gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla rialála atá le forbairt ag na ÚMEnna i gcomhréir leis an mír seo.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

'Cuirfidh ÚBE, i gcomhar le ESMA, na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (aa), faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.';

(11) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo ná do cheart na mBallstát foráil a dhéanamh do phionóis choiriúla agus iad a fhorchur, déanfaidh an t-údarás inniúil, le cinneadh, pionóis riaracháin nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, nó a iarraidh ar údaráis bhreithiúnacha inniúla pionóis nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, ar na heintitis atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe de bhun Airteagal 9 i gcás ina bhfuil earráidí follasacha córasacha arís agus arís eile sna mionsonraí a thuairiscítear.

Ní bheidh an íocaíocht phionósach thréimhsiúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos mó ná 1 % ar a mhéad den mheánláimhdeachas laethúil don bhliain ghnó roimhe sin, a mbeidh sé d'oibleagáid ar an eintiteas, i gcás sárú leanúnach, a íoc as gach lá a leantar den sárú, go dtí go mbunófar nó go n-athbhunófar comhlíonadh na hoibleagáide. Féadfar an íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur ar feadh tréimhse 6 mhí ar a mhéad ón dáta a leagtar amach sa chinneadh ón údarás inniúil lena gceanglaítear deireadh a chur le sárú agus lena bhforchuirtear an íocaíocht phionósach thréimhsiúil.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, i gcás nach ndéantar foráil i gcóras dlí Ballstáit do phionóis riaracháin, féadfar an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm ar bhealach go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an pionós a thionscnamh agus go ndéanfaidh na húdaráis bhreithiúnacha an pionós a fhorchur, agus é á áirithiú go mbeidh na leigheasanna dlí sin éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu leis na pionóis riaracháin arna bhforchur ag na húdaráis inniúla. In aon chás, beidh na pionóis a fhorchuirtear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit sin fógra don Choimisiún faoi fhorálacha a ndlíthe a ghlacann siad de bhun na míre seo faoin 24 Nollaig 2024 agus, gan mhoill, faoi aon dlí leasaitheach nó aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanann difear dóibh.

5. Forbróidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, ÚEAPC agus BERS, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun a shonrú cad is earráidí follasacha córasacha ann amhail dá dtagraítear i mír 1a.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

'*Airteagal 13*

Sásra chun rialacha dúblacha nó contrártha a sheachaint a mhéid a bhaineann le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL

1. Tabharfaidh na ÚMEnna cúnamh don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm idirnáisiúnta na bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 11, go háirithe maidir le ceanglais a d'fhéadfadh a bheith dúblach nó contrártha ar rannpháirtithe sa mhargadh, agus molfaidh sé gníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina ndearbhaítear an méid seo a leanas i dtaobh socruithe dlíthiúla, maoirseachta agus forfheidhmithe tríú tír:

(a) tá siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11;

(b) áirithítear leo rúndacht ghairmiúil atá coibhéiseach leis an rúndacht ghairmiúil a leagtar amach in Airteagal 83; agus

(c) tá siad á gcur i bhfeidhm go héifeachtach agus á bhforfheidhmiú ar mhodh cothromasach agus neamhshaobhach ionas go ndéantar maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú sa tríú tír sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 86(2).

3. Le gníomh cur chun feidhme maidir le coibhéis amhail dá dtagraítear i mír 2, tabharfar le tuiscint go measfar go mbeidh na hoibleagáidí atá in Airteagal 11 comhlíonta ag contrapháirtithe a dhéanann conradh díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL atá faoi réir an Rialacháin seo i gcás ina bhfuil ar a laghad ceann amháin de na contrapháirtithe faoi réir na gceanglas a mheastar a bheith coibhéiseach faoin ngníomh cur chun feidhme sin maidir le coibhéis.';

(13) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Deonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh seirbhísí agus gníomhaíochtaí atá nasctha le himréiteach agus sonrófar ann na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí a bhfuil an CPL údaraithe seirbhísí imréitigh a sholáthar nó a chomhlíonadh ina leith, lena n-áirítear na haicmí díorthach, urrús, ionstraimí airgeadais eile nó ionstraimí neamhairgeadais a chumhdaítear le húdarú den sórt sin.

Eintiteas a dhéanann iarratas ar údarú mar CPL chun ionstraimí airgeadais a imréiteach, áireoidh sé ina iarratas na haicmí ionstraimí neamhairgeadais atá oiriúnach lena n-imréiteach agus atá beartaithe ag CPL den sórt sin a imréiteach.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'6. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú a dhéanamh ar an liosta de na doiciméid a cheanglaítear agus atá le bheith ag gabháil le hiarratas ar údarú amhail dá dtagraítear i mír 1 agus chun sonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le bheith sna doiciméid sin d'fhonn a léiriú go gcomhlíonann an CPL is iarratasóir ceanglais ábhartha uile an Rialacháin seo.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nolaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

7. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun sonrú a dhéanamh ar fhormáid leictreonach an iarratais ar údarú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo atá le tíolacadh chuig an mbunachar sonraí lárnach.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(14) leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh CPL a bhfuil sé beartaithe aige a ghnó a leathnú chuig seirbhísí nó gníomhaíochtaí breise, lena n-áirítear chuig ionstraimí neamhairgeadais atá oiriúnach le bheith imréitithe go lárnach ag CPL údaraithe, nach gcumhdaítear leis an údarú atá ann cheana, iarratas ar an údarú sin a leathnú chuig seirbhísí nó gníomhaíochtaí imréitigh breise in aicme amháin nó níos mó de dhíorthaigh, d'urrúis, d'ionstraimí airgeadais eile nó d'ionstraimí neamhairgeadais, a chur faoi bhráid údarás inniúil an CPL, mura bhfuil leathnú den sórt sin ar ghníomhaíochtaí nó seirbhísí díolmhaithe ó údarú faoi Airteagal 15a.

Déanfar údarú a leathnú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17 nó leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17a, de réir mar is infheidhme.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú a dhéanamh ar na liostaí de na doiciméid a cheanglaítear agus atá le bheith ag gabháil le hiarratas ar údarú a leathnú de bhun mhír 1 agus chun sonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le bheith sna doiciméid sin. Beidh na liostaí de na doiciméid agus den fhaisnéis a cheanglaítear ábhartha agus comhréireach le cineál an leathnaithe ar na nósanna imeachta údarúcháin dá dtagraítear i mír 1, d'fhonn a léiriú go gcomhlíonann an CPL ceanglais ábhartha uile an Rialacháin seo.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun sonrú a dhéanamh ar fhormáid leictreonach an iarratais ar an údarú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leathnú, ar iarratas é atá le tíolacadh tríd an mbunachar sonraí lárnach.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(15) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 15a*

Díolmhú ó údarú i ndáil le seirbhísí imréitigh nó gníomhaíochtaí imréitigh a leathnú

1. D'ainneoin Airteagal 15, maidir le CPL a bhfuil sé beartaithe aige a ghnó a leathnú chun seirbhís bhreise nó gníomhaíocht bhreise a áireamh nach gcumhdaítear leis an údarú atá aige cheana féin, ní cheanglófar air a bheith údaraithe le haghaidh leathnú den sórt sin i gcás nach mbeadh tionchar ábhartha ag an tseirbhís bhreise sin ná ag an ngníomhaíocht bhreise sin ar phróifíl riosca an CPL.

Tabharfaidh an CPL fógra do na faighteoirí cláraithe tríd an mbunachar sonraí lárnach i gcás ina gcinneann sé úsáid a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, lena n-áirítear an tseirbhís nó an ghníomhaíocht atá beartaithe aige a sholáthar.

Beidh na hathruithe a chuireann CPL chun feidhme i gcomhréir leis an Airteagal seo faoi réir athbhreithniú agus meastóireachta i gcomhréir le hAirteagal 21.

Féadfaidh ESMA athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí imréitigh agus tuairisciú don choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 agus don Choimisiún ar na rioscaí a eascraíonn as seirbhísí agus gníomhaíochtaí a sholáthraíonn CPLanna de bhun an Airteagail seo agus ar a n-oiriúnacht.

2. Déanfaidh ESMA, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an méid seo a leanas a shonrú tuilleadh:

(a) an cineál leathnaithe ar sheirbhísí imréitigh nó ar ghníomhaíochtaí imréitigh nach mbeadh tionchar ábhartha acu ar phróifíl riosca CPL; agus

(b) a mhinice a thabharfaidh CPL fógra faoi úsáid na díolúine dá dtagraítear i mír 1, nach n-úsáidfear níos mó ná uair amháin gach 3 mhí.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(16) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 4:

'1. Tíolacfaidh an CPL is iarratasóir iarratas ar údarú dá dtagraítear in Airteagal 14(1) nó iarratas ar údarú atá cheana ann a leathnú dá dtagraítear in Airteagal 15(1) i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach. Déanfar an t-iarratas a chomhroinnt láithreach tríd an mbunachar lárnach sin le húdarás inniúil an CPL, le ESMA agus leis an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18.

Soláthróidh an CPL is iarratasóir an fhaisnéis uile is gá chun a léiriú go bhfuil na socruithe uile is gá bunaithe aige, tráth an údaraithe tosaigh, chun na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. I gcás ina bhfuil iarratas ar údarú atá cheana ann a leathnú de bhun Airteagal 15 á dhéanamh ag CPL, soláthróidh sé an fhaisnéis uile is gá chun a léiriú, tráth deonaithe leathnaithe den sórt sin, go bhfuil gach socrú breise bunaithe aige chun aon cheanglas a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh i leith leathnú den sórt sin.

I gcomhréir le hAirteagal 17c, seolfar admháil tríd an mbunachar sonraí lárnach go bhfuarthas an t-iarratas laistigh de 2 lá oibre ón iarratas sin a thíolacadh faoin gcéad fhomhír den mhír seo.

2. Tar éis an admháil dá dtagraítear i mír 1, an tríú fomhír, a fháil, tabharfaidh údarás inniúil an CPL fógra don CPL is iarratasóir i dtaobh an bhfuil na doiciméid agus an fhaisnéis is gá san iarratas.

Déanfar an fógra a sheoladh laistigh de:

(a) 20 lá oibre ón admháil a fháil, i gcás ina ndearna an CPL is iarratasóir iarratas ar údarú de bhun Airteagal 14(1) ; nó

(b) 10 lá oibre ón admháil a fháil, i gcás ina ndearna an CPL is iarratasóir iarratas ar údarú atá ann cheana a leathnú de bhun Airteagal 15(1).

I gcás ina gcinneann údarás inniúil an CPL, le linn na tréimhse is infheidhme a shonraítear faoin dara fomhír den mhír seo, nár tíolacadh na doiciméid ná an fhaisnéis uile a cheanglaítear de bhun Airteagal 14(6) agus (7) nó Airteagal 15(3) agus (4), iarrfaidh sé ar an CPL is iarratasóir na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise sin a thíolacadh tríd an mbunachar sonraí lárnach. Diúltófar don iarratas ar údarú nó don iarratas ar údarú a leathnú i gcás ina gcinneann údarás inniúil an CPL gur mhainnigh an CPL is iarratasóir aon iarraidh den sórt sin a chomhlíonadh. Cuirfidh údarás inniúil an CPL an CPL ar an eolas faoin méid sin tríd an mbunachar sonraí lárnach.

3. Déanfaidh údarás inniúil an CPL measúnú riosca ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo ag an CPL laistigh den tréimhse a shonraítear faoin dara fomhír ("an tréimhse measúnaithe riosca").

Déanfar an measúnú riosca laistigh de:

(a) 80 lá oibre ón dearbhú a leagtar amach i mír 2, an dara fomhír, pointe (a), i gcás ina ndéantar iarratas faoi Airteagal 14(1); nó

(b) 40 lá oibre ón dearbhú a leagtar amach i mír 2, an dara fomhír, pointe (b), i gcás ina ndéantar iarratas faoi Airteagal 15(1).

Faoi dheireadh na tréimhse measúnaithe riosca, cuirfidh údarás inniúil an CPL a dhréachtchinneadh agus a thuarascáil faoi bhráid ESMA agus an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 tríd an mbunachar sonraí lárnach.

Tar éis an dréachtchinneadh agus an tuarascáil dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo a fháil, agus ar bhonn na bhfionnachtana a thugtar iontu, déanfaidh an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, laistigh de 15 lá oibre, tuairim a ghlacadh de bhun Airteagal 19 lena gcinntear an gcomhlíonann an CPL is iarratasóir na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus tarchuirfidh sé chuig údarás inniúil an CPL agus chuig ESMA í i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach.

Féadfaidh an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 aon choinníoll nó aon mholadh a mheasann sé a bheith riachtanach a áireamh ina thuairim chun aon easnaimh i mbainistiú riosca an CPL a mhaolú.

Tar éis an dréachtchinneadh agus an tuarascáil dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo a fháil, glacfaidh ESMA tuairim laistigh de 15 lá oibre lena gcinntear an gcomhlíonann an CPL is iarratasóir na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 23a(1), pointe (e), Airteagal 23a(2), agus Airteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), agus tarchuirfidh sé chuig údarás inniúil an CPL agus chuig an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 í.

Féadfaidh ESMA aon choinníoll nó aon mholadh a áireamh ina thuairim a mheasann sé a bheith riachtanach chun aon easnamh i mbainistiú riosca an CPL a mhaolú i ndáil le rioscaí trasteorann sainaitheanta nó rioscaí do chobhsaíocht airgeadais an Aontais.

3a. Gan dochar don tuairim dá dtagraítear i mír 3, an séú fomhír, den Airteagal seo, tar éis an dréachtchinneadh agus an tuarascáil dá dtagraítear i mír 3, an tríú fomhír, den Airteagal seo a fháil, féadfaidh ESMA, i gcomhréir le hAirteagal 23a agus le hAirteagal 24a(7), tuairim a thabhairt freisin ar an dréachtchinneadh sin don údarás inniúil i gcás inar gá sin chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus comhleanúnach airteagail ábhartha a chur chun cinn, laistigh de 15 lá oibre ón dréachtchinneadh a fháil.

I gcás ina léirítear easpa cóineasaithe nó comhsheasmhachta i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo leis an dréachtchinneadh a chuirtear faoi bhráid ESMA i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, eiseoidh ESMA treoirlínte nó moltaí chun an chomhsheasmhacht nó an comhleanúnachas is gá a chur chun cinn i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Déanfar na tuairimí arna nglacadh ó ESMA agus ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 a chur faoi bhráid na bhfaighteoirí faoi seach i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach.

3b. Le linn na tréimhse measúnaithe riosca, déanfaidh údarás inniúil an CPL an méid seo a leanas, tríd an mbunachar sonraí lárnach:

(a) féadfaidh sé ceisteanna a chur ar an CPL is iarratasóir agus faisnéis chomhlántach a iarraidh air;

(b) déanfaidh sé ceisteanna ó ESMA nó ó aon chomhalta den choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 a chomhordú agus a chur faoi bhráid an CPL is iarratasóir; agus

(c) comhroinnfidh sé le ESMA agus le comhaltaí an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 na freagraí uile a thugann an CPL is iarratasóir.

I gcás nach bhfuil an fhaisnéis a iarrtar curtha ag údarás inniúil an CPL faoi bhráid ESMA ná faoi bhráid aon chomhalta den choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh a thíolacadh, féadfaidh ESMA nó aon chomhalta den choláiste sin dá dtagraítear in Airteagal 18 a iarraidh a chur go díreach faoi bhráid an CPL tríd an mbunachar sonraí lárnach.

I gcás nár fhreagair an CPL is iarratasóir na ceisteanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír laistigh den sprioc-am a leag an t-údarás a d'iarr an fhaisnéis síos, féadfaidh údarás inniúil an CPL, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás iarrthach, a chinneadh síneadh 10 lá ar a mhéad a chur leis an tréimhse ábhartha measúnaithe riosca aon uair amháin ar an iomlán más rud é, dar leis nó dar leis an údarás iarrthach, go bhfuil aon cheann de na ceisteanna ábhartha don mheasúnú. Cuirfidh an t-údarás inniúil an CPL is iarratasóir ar an eolas, tríd an mbunachar sonraí lárnach, faoin síneadh ar an tréimhse a sholáthraítear. Féadfaidh an t-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh i dtaobh an iarratais in éagmais fhreagra an CPL.

3c. Laistigh de 10 lá oibre ó na tuairimí ó ESMA agus ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, arna nglacadh faoi mhír 3, an ceathrú fomhír agus an séú fomhír, faoi seach, den Airteagal seo a fháil, agus, i gcás ina n-eisítear í, ón tuairim ó ESMA arna glacadh faoi mhír 3a, an chéad fhomhír, den Airteagal seo a fháil, glacfaidh údarás inniúil an CPL a chinneadh agus tarchuirfidh sé chuig ESMA agus chuig an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 é tríd an mbunachar sonraí lárnach.

I gcás nach léirítear tuairim an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 leis an gcinneadh ó údarás inniúil an CPL, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh atá inti, beidh míniú lánréasúnaithe ann ar aon imeacht suntasach ón tuairim sin nó ó na coinníollacha nó moltaí sin.

I gcás nach gcomhlíonann údarás inniúil an CPL tuairim ó ESMA ná aon choinníoll ná aon mholadh a áirítear inti, nó nach bhfuil sé beartaithe aige déanamh amhlaidh, cuirfidh ESMA an Bord Maoirseoirí ar an eolas faoi sin i gcomhréir le hAirteagal 24a. Áireofar san fhaisnéis freisin an réasúnaíocht ó údarás inniúil an CPL maidir leis an neamhchomhlíonadh nó maidir leis an rún atá aige gan comhlíonadh a dhéanamh.

4. Déanfaidh údarás inniúil an CPL, tar éis dó na tuairimí ó ESMA agus ón gcoláiste dá bhforáiltear i míreanna 3 agus 3a den Airteagal seo a bhreithniú go cuí, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh atá iontu, a chinneadh údarú dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 15(1), an dara fomhír, a dheonú, i gcás ina bhfuil sé lánsásta gur fíor an méid seo a leanas i gcás an CPL is iarratasóir agus sa chás sin amháin:

(a) comhlíonann sé na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, maidir le seirbhísí nó gníomhaíochtaí imréitigh a sholáthar le haghaidh ionstraimí neamhairgeadais; agus

(b) tugtar fógra ina leith mar chóras de bhun Threoir 98/26/CE.

I gcás ina ndéanann CPL iarratas ar údarú atá cheana ann a leathnú de bhun Airteagal 15, féadfaidh ESMA, an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 agus údarás inniúil an CPL dul i muinín cuid den mheasúnú a rinneadh roimhe sin de bhun an Airteagail seo a mhéid nach n-athrófar an measúnú a rinneadh roimhe sin nó nach ndéanfar difear ar shlí eile don mheasúnú a rinneadh roimhe sin de thoradh an iarratais ar leathnú i gcás na coda sin. Dearbhóidh an CPL d'údarás inniúil an CPL nach bhfuil aon athrú ar fhíorais bhunúsacha na coda sin den mheasúnú.

Ní údarófar an CPL is iarratasóir sna cásanna seo a leanas:

(a) chinn údarás inniúil an CPL gan an t-údarú a dheonú; nó

(b) tagann comhaltaí uile an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, cé is moite d'údaráis an Bhallstáit ina bhfuil an CPL is iarratasóir bunaithe, ar thuairim chomhpháirteach trí chomhaontú frithpháirteach, de bhun Airteagal 19(1), nach bhfuil an CPL is iarratasóir le húdarú.

Luafar i scríbhinn sa tuairim chomhpháirteach dá dtagraítear sa tríú fomhír, pointe (b), den mhír seo na cúiseanna iomlána agus mionsonraithe a mheasann an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo ná i ndlí eile de chuid an Aontais.

I gcás nach dtagtar ar thuairim chomhpháirteach den sórt sin trí chomhaontú frithpháirteach agus ina dtugann tromlach dhá thrian de chomhaltaí an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 tuairim dhiúltach uathu, féadfaidh aon cheann de na húdaráis inniúla lena mbaineann, bunaithe ar an tromlach sin, an t-ábhar a tharchur chuig ESMA, laistigh de 30 lá féilire ón tuairim dhiúltach sin a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Sa chinneadh i dtaobh an t-ábhar a tharchur chuig ESMA, luafar i scríbhinn na cúiseanna iomlána agus mionsonraithe a mheasann an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo ná i ndlí eile de chuid an Aontais. Sa chás sin, déanfaidh údarás inniúil an CPL a chinneadh maidir le húdarú a chur siar agus fanfaidh sé le haon chinneadh maidir le húdarú a d'fhéadfadh ESMA a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. Déanfaidh údarás inniúil an CPL a chinneadh i gcomhréir le cinneadh ESMA. Ní dhéanfar an t-ábhar a tharchur chuig ESMA tar éis dheireadh na tréimhse 30 lá dá dtagraítear sa chúigiú fomhír den mhír seo.

I gcás ina dtagann comhaltaí uile an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, cé is moite d'údaráis an Bhallstáit ina bhfuil an CPL is iarratasóir bunaithe, ar thuairim chomhpháirteach trí chomhaontú frithpháirteach, de bhun Airteagal 19(1), nach bhfuil an CPL is iarratasóir le húdarú, féadfaidh údarás inniúil an CPL an t-ábhar a tharchur chuig ESMA i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an CPL bunaithe an cinneadh a tharchur chuig na húdaráis inniúla eile lena mbaineann.

Déanfaidh an t-údarás inniúil, gan moill mhíchuí tar éis cinneadh a dhéanamh i dtaobh údarú a dheonú nó a dhiúltú faoi mhír 3c, an CPL is iarratasóir a chur ar an eolas i scríbhinn maidir lena chinneadh tríd an mbunachar sonraí lárnach, mar aon le míniú lánréasúnaithe.';

(b) scriostar mír 7;

(17) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 17a*

Nós imeachta brostaithe le haghaidh údarú a thabhairt d'údarú a leathnú

1. Beidh feidhm ag nós imeachta brostaithe le haghaidh údarú a thabhairt d'údarú a leathnú i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag CPL a ghnó a leathnú chuig seirbhísí nó gníomhaíochtaí breise dá dtagraítear in Airteagal 15 agus i gcás ina gcomhlíonann leathnú den sórt sin na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) ní bhíonn sé mar thoradh air sin gur gá don CPL a struchtúr oibríochtúil a oiriúnú go suntasach ag aon tráth le linn thimthriall an chonartha;

(b) ní áirítear leis tairiscint chun conarthaí a imréiteach nach féidir a leachtú ar an mbealach céanna le conarthaí atá imréitithe cheana féin ag an CPL nó in éineacht leis na conarthaí sin;

(c) ní bhíonn sé mar thoradh air sin gur gá don CPL sonraíochtaí ábhartha conartha nua a chur i gcuntas;

(d) ní bhíonn sé mar thoradh air sin rioscaí ábhartha nua a thabhairt isteach ná go ndéantar próifíl riosca an CPL a mhéadú go suntasach;

(e) ní áirítear leis sásra nó seirbhís nua socraíochta nó seachadta a thairiscint a bhaineann le naisc a bhunú le córas éagsúil socraíochta urrús, le taisclann lárnach urrús éagsúil nó córas íocaíochta éagsúil nár bhain an CPL úsáid astu roimhe sin.

2. CPL a dhéanann iarratas a thíolacadh ar an údarú atá aige cheana a leathnú chuig seirbhísí nó gníomhaíochtaí imréitigh breise de bhun an nós imeachta brostaithe a leagtar amach san Airteagal seo, léireoidh sé go bhfuil an leathnú atá beartaithe ar a ghnó chuig seirbhísí nó gníomhaíochtaí imréitigh breise incháilithe chun measúnú a dhéanamh air faoi nós imeachta den sórt sin.

Déanfaidh an CPL a iarratas ar leathnú a thíolacadh i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach agus soláthróidh sé an fhaisnéis uile, de bhun Airteagal 15(3) agus (4), atá riachtanach chun a léiriú go bhfuil na socruithe uile is gá bunaithe aige, tráth an údaraithe, chun na ceanglais ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. I gcomhréir le hAirteagal 17c, seolfar admháil tríd an mbunachar sonraí lárnach go bhfuarthas an t-iarratas, laistigh de 2 lá oibre ón iarratas sin a thíolacadh.

3. Laistigh de 15 lá oibre ó admháil go bhfuarthas iarratas de bhun mhír 2 den Airteagal seo, déanfaidh údarás inniúil an CPL, tar éis dó an t-ionchur ó ESMA agus ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 a mheas, cinneadh i dtaobh an mhéid seo a leanas:

(a) an bhfuil an t-iarratas incháilithe chun measúnú a dhéanamh air faoin nós imeachta brostaithe a leagtar amach san Airteagal seo; agus

(b) i gcás ina bhfuil t-iarratas incháilithe le go ndéanfaí measúnú air faoin nós imeachta brostaithe a leagtar amach san Airteagal seo, i dtaobh an ndéanfar an méid seo a leanas:

(i) an leathnú ar an údarú a dheonú i gcás ina gcomhlíonann an CPL an Rialachán seo; nó

(ii) diúltú don leathnú ar an údarú i gcás nach gcomhlíonann an CPL an Rialachán seo.

I gcás ina ndéanann CPL iarratas ar údarú a leathnú de bhun Airteagal 15, féadfaidh údarás inniúil an CPL dul i muinín cuid den mheasúnú a rinneadh roimhe sin de bhun an Airteagail seo a mhéid nach n-athrófar an measúnú a rinneadh roimhe sin nó nach ndéanfar difear ar shlí eile don mheasúnú a rinneadh roimhe sin de thoradh an iarratais ar leathnú i gcás na coda sin. Dearbhóidh an CPL d'údarás inniúil an CPL nach bhfuil aon athrú ar fhíorais bhunúsacha na coda sin den mheasúnú.

I gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil nach bhfuil an leathnú ar údarú incháilithe chun measúnú a dhéanamh air faoin nós imeachta brostaithe, diúltófar d'iarratas an CPL.

I gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil gan an leathnú ar údarú a dheonú, diúltófar don leathnú ar an údarú.

4. Tabharfaidh údarás inniúil an CPL fógra i scríbhinn don CPL is iarratasóir, tríd an mbunachar sonraí lárnach, laistigh den tréimhse ama a luaitear i mír 3, faoina chinneadh faoin mír sin.

5. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (e), den Airteagal seo a shonrú tuilleadh, agus chun sonrú a dhéanamh ar an nós imeachta chun dul i gcomhairle le ESMA agus leis an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha sin comhlíonta.

Agus na coinníollacha de bhun na chéad fhomhíre á sonrú tuilleadh, socróidh ESMA an mhodheolaíocht atá le húsáid agus na paraiméadair atá le cur i bhfeidhm chun a chinneadh cathain a mheastar coinníoll a bheith comhlíonta. Déanfaidh ESMA freisin liostú agus sonrú i dtaobh an bhfuil gnáth-leathnú ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí ann a d'fhéadfaí a mheas i bprionsabal go dtagann sé faoin nós imeachta brostaithe a leagtar amach san Airteagal seo.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 17b

Nós imeachta le haghaidh cinntí, tuarascálacha nó bearta eile a ghlacadh

1. Déanfaidh údarás inniúil an CPL iarraidh ar thuairim a thíolacadh i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach:

(a) ó ESMA, de bhun Airteagal 23a(2), i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás inniúil an CPL cinneadh, tuarascáil nó beart eile a ghlacadh i ndáil le hAirteagail 7, 8, 20, 21, 29 go 33, 35, 36, 37, 41 agus 54;

(b) ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, de bhun Airteagal 19, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás inniúil an CPL cinneadh, tuarascáil nó beart eile a ghlacadh i ndáil le hAirteagail 20, 21, 30, 31, 32, 35, 37, 41, 49, 51 agus 54.

Déanfar an iarraidh ar thuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, mar aon leis na doiciméid ábhartha uile, a chomhroinnt láithreach le ESMA agus leis an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18.

2. Mura sonraítear a mhalairt faoi airteagal ábhartha, déanfaidh údarás inniúil an CPL, laistigh de 30 lá oibre ón iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh, measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha ag CPL. Faoi dheireadh na tréimhse measúnúcháin sin, déanfaidh údarás inniúil an CPL a dhréachtchinneadh, a thuarascáil nó a bheart eile faoi seach a tharchur chuig ESMA agus chuig an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18.

3. Mura sonraítear a mhalairt faoi airteagal ábhartha, tar éis an iarraidh ar thuairim dá dtagraítear i mír 1 agus na dréachtchinntí, na tuarascálacha nó na bearta eile dá dtagraítear i mír 2 araon a fháil:

(a) maidir le hAirteagal 20, glacfaidh ESMA tuairim lena ndéantar measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha ag an CPL i gcomhréir le hAirteagal 23a(1), pointe (e), Airteagal 23a(2) agus Airteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc); tarchuirfidh ESMA a thuairim chuig údarás inniúil an CPL agus chuig an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18; féadfaidh ESMA a áireamh ina thuairim aon choinníoll nó aon mholadh a mheasann sé a bheith riachtanach chun aon easnamh i mbainistiú riosca an CPL a mhaolú, i ndáil le rioscaí trasteorann sainaitheanta nó rioscaí do chobhsaíocht airgeadais an Aontais; maidir le hAirteagail 21 agus 37, déanfaidh ESMA freisin tuairim a ghlacadh i gcomhréir leis na hAirteagail sin agus i gcomhréir le hAirteagal 23a(2) agus le hAirteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), agus féadfaidh ESMA aon choinníoll nó aon mholadh a mheasann sé a bheith riachtanach a áireamh ina thuairim;

(b) maidir le hAirteagail 7, 8, 29 go 33, 35, 36, 41, agus 54, féadfaidh ESMA tuairim a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23a agus Airteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), maidir leis an dréachtchinneadh sin, tuarascáil nó beart eile i gcás inar gá chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus comhleanúnach airteagail ábhartha a chur chun cinn; agus

(c) glacfaidh an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 tuairim de bhun Airteagal 19 ina ndéantar measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha ag an CPL agus tarchuirfidh sé an tuairim sin chuig údarás inniúil an CPL agus chuig ESMA; féadfar coinníollacha nó moltaí a áireamh i dtuairim an choláiste sin a mheasann sé a bheith riachtanach chun aon easnaimh i mbainistiú riosca an CPL a mhaolú.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), den mhír seo, i gcás ina léirítear easpa cóineasaithe nó comhsheasmhachta i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo sa dréachtchinneadh, sa tuarascáil nó sa bheart eile a chuirtear faoi bhráid ESMA i gcomhréir leis an bpointe sin, eiseoidh ESMA treoirlínte nó moltaí chun an chomhsheasmhacht nó an comhleanúnachas is gá a chur chun cinn i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. I gcás ina nglacann ESMA tuairim i gcomhréir le pointe (b), tabharfaidh an t-údarás inniúil aird chuí uirthi agus cuirfidh sé ESMA ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht a dhéantar ina leith ina dhiaidh sin.

Glacfaidh ESMA agus an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 araon a dtuairimí faoin sprioc-am a chuireann údarás inniúil an CPL ar fáil, sprioc-am a bheidh ann 15 lá oibre ar a laghad tar éis na doiciméid ábhartha faoi mhír 2 den Airteagal seo a fháil.

4. Laistigh de 10 lá oibre ó thuairimí ó ESMA agus ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 a fháil agus, i gcás ina n-eisítear í, ón tuairim ó ESMA arna glacadh faoi mhír 3, an chéad fhomhír, pointe (b), den Airteagal seo a fháil, nó laistigh den tréimhse ábhartha i gcás ina sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo, déanfaidh údarás inniúil an CPL, tar éis dó na tuairimí ó ESMA agus ón gcoláiste a bhreithniú go cuí, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh atá iontu, a chinneadh, a thuarascáil nó a bheart eile a ghlacadh de réir mar a cheanglaítear faoi airteagal ábhartha agus tarchuirfidh sé chuig ESMA agus chuig an gcoláiste é.

I gcás nach léirítear tuairim ó ESMA ná ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 leis an gcinneadh, tuarascáil nó beart eile, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh atá inti, beidh cúiseanna iomlána agus míniú iontu ar aon imeacht suntasach ón tuairim sin nó ó na coinníollacha nó na moltaí sin.

Chun críocha mhír 3, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), den Airteagal seo, i gcás nach gcomhlíonann údarás inniúil an CPL an tuairim ó ESMA ná aon choinníoll ná aon mholadh a áirítear inti, nó i gcás nach bhfuil sé beartaithe aige déanamh amhlaidh, cuirfidh ESMA a Bhord Maoirseoirí ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 24a. Áireofar san fhaisnéis freisin an réasúnaíocht ó údarás inniúil an CPL maidir leis an neamhchomhlíonadh nó maidir leis an rún atá aige gan comhlíonadh a dhéanamh.

Glacfaidh údarás inniúil an CPL a chinntí, a thuarascálacha nó a bhearta eile i gcomhréir leis na hAirteagail ábhartha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 17c

An bunachar sonraí lárnach

1. Déanfaidh ESMA bunachar sonraí lárnach a bhunú agus a choinneáil ar bun lena dtugtar rochtain d'údarás inniúil an CPL agus do ESMA ("faighteoirí cláraithe"), agus do chomhaltaí an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 don CPL ábhartha i gcás ina gceanglaítear sin faoi airteagal ábhartha, ar na doiciméid uile atá cláraithe sa bhunachar sonraí don CPL, agus do na faighteoirí eile a shainaithnítear faoin Rialachán seo. Áiritheoidh ESMA go gcomhlíonfaidh an bunachar sonraí lárnach na feidhmeanna faoin Airteagal seo.

Fógróidh ESMA bunú an bhunachair sonraí lárnaigh ar a shuíomh gréasáin.

2. Déanfaidh CPL na hiarratais dá dtagraítear in Airteagal 14, Airteagal 15(1), an dara fomhír, Airteagal 49 agus Airteagal 49a a thíolacadh tríd an mbunachar sonraí lárnach. Seolfar admháil fála tríd an mbunachar sonraí lárnach laistigh de 2 lá oibre ón iarratas a thíolacadh.

Déanfaidh CPL na doiciméid uile a cheanglaítear air a sholáthar faoi na próisis údarúcháin dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 15 nó faoi na próisis bhailíochtúcháin dá dtagraítear in Airteagail 49 agus 49a, de réir mar is infheidhme, a uaslódáil go pras ar an mbunachar sonraí lárnach. Déanfaidh na faighteoirí cláraithe na doiciméid uile a fhaigheann siad ón CPL i ndáil le hiarratas dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a uaslódáil go pras mura bhfuil na doiciméid sin uaslódáilte ag an CPL cheana féin.

Beidh rochtain ag CPL ar an mbunachar sonraí lárnach a mhéid a bhaineann leis na doiciméid a thíolaic sé chuig an mbunachar sonraí lárnach sin nó leis na doiciméid a tharchuireann aon cheann de na faighteoirí cláraithe nó an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 chuig an CPL tríd an mbunachar sonraí lárnach sin.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil a iarraidh ar thuairim dá dtagraítear in Airteagal 17b a thíolacadh tríd an mbunachar sonraí lárnach.

4. Déanfaidh an CPL ceisteanna a chuireann ESMA, údarás inniúil an CPL nó comhaltaí an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 faoina bhráid nó faisnéis a iarrann siad air le linn tréimhsí measúnúcháin faoi Airteagail 17, 17a, 17b, 49 agus 49a a thíolacadh agus a fhreagairt tríd an mbunachar sonraí lárnach.

5. Tabharfaidh údarás inniúil an CPL fógra don CPL lena mbaineann tríd an mbunachar sonraí lárnach i gcás ina ndearnadh cinneadh, tuarascáil nó beart eile, de réir mar is infheidhme, de bhun Airteagail 14, 15, 15a, 17, 17a, 17b, 20, 21, 30 go 33, 35, 37, 41, 49, 49a, 51 agus 54 agus faoi aon chinneadh a chinneann údarás inniúil an CPL go deonach a chomhroinnt leis an CPL tríd an mbunachar sonraí lárnach.

6. Beidh an bunachar sonraí lárnach ceaptha chun na faighteoirí cláraithe a chur ar an eolas go huathoibríoch nuair a dhéantar athruithe ar a inneachar, lena n-áirítear doiciméid a uaslódáiltear nó a scriostar, doiciméid a dhéantar a ionadú, ceisteanna a thíolactar agus iarrataí ar fhaisnéis.

7. Beidh rochtain ag comhaltaí an Choiste Maoirseachta do CPLanna ar an mbunachar sonraí lárnach chun a gcúraimí a chomhlíonadh de bhun Airteagal 24a(7). Féadfaidh an Cathaoirleach ar an gCoiste Maoirseachta do CPLanna rochtain ar chuid de na doiciméid a theorannú i gcás chomhaltaí an Choiste Maoirseachta do CPLanna dá dtagraítear in Airteagal 24a(2), pointe (c) agus pointe (d)(ii), i gcás ina bhfuil údar leis sin bunaithe ar údar imní rúndachta.';

(18) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Laistigh de 30 lá féilire ón bhfógra dá dtagraítear in Airteagal 17(2), an dara fomhír, pointe (a), a thíolacadh, bunóidh údarás inniúil an CPL coláiste chun feidhmiú na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagail 15, 17, 17a, 20, 21, 30, 31, 32, 35, 37, 41, 49, 51 agus 54 a éascú. Déanfaidh an t-údarás inniúil agus aon duine de chomhaltaí neamhspleácha an Choiste Maoirseachta do CPLanna dá dtagraítear in Airteagal 24a(2), pointe (b), ("na comhchathaoirligh") comhchathaoirleacht agus bainistiú ar an gcoláiste sin.';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Déanfaidh na comhchathaoirligh dátaí chruinnithe an choláiste a chinneadh agus déanfaidh siad clár oibre cruinnithe den sórt sin a leagan síos.

Chun feidhmiú na gcúraimí a shanntar do choláistí de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo a éascú, beidh comhaltaí an choláiste dá dtagraítear i mír 2 i dteideal rannchuidiú le clár oibre chruinnithe an choláiste a shocrú, go háirithe trí phointí a chur le clár oibre cruinnithe agus toradh na hoibre a dhéanann an Sásra Faireacháin Comhpháirteach á chur san áireamh.';

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Féadfar a chinneadh leis an gcomhaontú freisin cúraimí atá le cur ar údarás inniúil an CPL, ESMA nó comhalta eile den choláiste. I gcás easaontas idir na comhchathaoirligh, is é an t-údarás inniúil a dhéanfaidh an cinneadh críochnaitheach, a thabharfaidh míniú réasúnaithe do ESMA maidir lena chinneadh.’;

(19) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina gceanglaítear ar an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 tuairim a thabhairt de bhun an Rialacháin seo, tiocfaidh sé ar thuairim chomhpháirteach lena gcinntear cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an CPL na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo.

Gan dochar d’Airteagal 17(4), an tríú fomhír, pointe (b), mura dtiocfar ar thuairim chomhpháirteach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo, glacfaidh an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 tuairim thromlaigh laistigh den tréimhse chéanna.’;

(b) scriostar mír 4;

(20) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

‘*Airteagal 20*

Údarú a tharraingt siar

1. Gan dochar d’Airteagal 22(3), déanfaidh údarás inniúil de chuid CPL údarú a tharraingt siar, ina iomláine nó i bpáirt, i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir leis an CPL:

(a) níor bhain sé úsáid as an údarú laistigh de 12 mhí;

(b) níor bhain sé úsáid as údarú i gcás seirbhís nó gníomhaíocht imréitigh in aicme díorthach, urrús, ionstraimí airgeadais eile nó ionstraimí neamhairgeadais, laistigh de 12 mhí ón dáta a deonaíodh an t-údarú nó ón dáta is deireanaí a thairg an CPL seirbhís nó gníomhaíocht imréitigh den sórt sin;

(c) diúltaíonn sé go sainráite don údarú;

(d) ní dhearna sé aon seirbhís a sholáthar ná aon ghníomhaíocht a dhéanamh le linn an 12 mhí roimhe sin in aicme díorthach, urrús, ionstraimí airgeadais eile nó ionstraimí neamhairgeadais a chumhdaítear le húdarú;

(e) fuair sé údarú trí ráitis bhréagacha a dhéanamh nó trí aon mhodh neamhrialta eile;

(f) níl na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú á gcomhlíonadh a thuilleadh aige agus níl na gníomhaíochtaí feabhais déanta aige laistigh den tréimhse ama shocraithe; nó

(g) tá sárú córasach agus tromchúiseach déanta aige ar aon cheann de na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

2. I gcás ina ndéanann údarás inniúil an CPL údarú an CPL a tharraingt siar de bhun mhír 1, féadfaidh sé tarraingt siar an údaraithe sin a theorannú do sheirbhís imréitigh ar leith nó do ghníomhaíocht imréitigh ar leith in aicme amháin nó níos mó de dhíorthaigh, d’urrúis, d’ionstraimí airgeadais eile nó d’ionstraimí neamhairgeadais.

3. Sula ndéanfaidh údarás inniúil an CPL cinneadh i dtaobh údarú an CPL a tharraingt siar ina iomláine nó i bpáirt, lena n-áirítear i gcás seirbhís imréitigh amháin nó níos mó nó gníomhaíocht imréitigh amháin nó níos mó in aicme amháin nó níos mó de dhíorthaigh, d’urrúis, d’ionstraimí airgeadais eile nó d’ionstraimí neamhairgeadais faoi mhír 1, iarrfaidh sé, i gcomhréir le hAirteagal 17b, an tuairim ó ESMA agus ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 maidir leis an ngá atá le húdarú an CPL a tharraingt siar, ina iomláine nó i bpáirt, ach amháin i gcás ina bhfuil gá práinneach le cinneadh.

4. Féadfaidh ESMA nó aon chomhalta den choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, aon tráth, a iarraidh go ndéanfadh údarás inniúil an CPL scrúdú ar cibé acu atá nó nach bhfuil an CPL fós i gcomhréir leis na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú.

5. I gcás ina ndéanann údarás inniúil an CPL cinneadh i dtaobh údarú an CPL a tharraingt siar ina iomláine nó i bpáirt, lena n-áirítear i gcás seirbhís imréitigh amháin nó níos mó nó gníomhaíocht imréitigh amháin nó níos mó in aicme amháin nó níos mó de dhíorthaigh, d'urrúis, d'ionstraimí airgeadais eile nó d'ionstraimí neamhairgeadais, gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh sin ar fud an Aontais agus cuirfidh údarás inniúil an CPL an CPL ar an eolas, tríd an mbunachar sonraí lárnach, gan moill mhíchuí.';

(21) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 4:

'1. Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 22 an méid seo uile a leanas ar a laghad i ndáil le CPL:

(a) athbhreithniú ar na socruithe, na straitéisí, na próisis agus na sásraí a chuireann an CPL chun feidhme chun an Rialachán seo a chomhlíonadh;

(b) athbhreithniú ar na seirbhísí nó ar na gníomhaíochtaí a sholáthraíonn an CPL, go háirithe seirbhísí nó gníomhaíochtaí a sholáthraítear tar éis nós imeachta brostaithe de bhun Airteagal 17a nó 49a a chur i bhfeidhm;

(c) meastóireacht ar na rioscaí, lena n-áirítear rioscaí airgeadais agus oibríochtúla, a bhfuil CPL neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh CPL a bheith neamhchosanta orthu;

(d) athbhreithniú ar na hathruithe a chuireann an CPL chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 15a.

2. Cumhdófar leis an athbhreithniú agus leis an meastóireacht dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais uile atá ar CPLanna a leagtar síos sa Rialachán seo. Féadfaidh údarás inniúil an CPL cúnamh a iarraidh ar ESMA i dtaca le haon cheann dá ghníomhaíochtaí maoirseachta, lena n-áirítear iad siúd a liostaítear i mír 1.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla, tar éis dóibh an t-ionchur ó ESMA agus ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 a bhreithniú, minicíocht agus doimhneacht an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leagan síos, ag féachaint go háirithe do mhéid, tábhacht shistéamach, cineál, scála agus castacht na ngníomhaíochtaí agus don idirnascthacht le bonneagair eile margaidh airgeadais na CPLanna lena mbaineann agus do na tosaíochtaí maoirseachta a dhéanann ESMA a shuí i gcomhréir le hAirteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (ba). Déanfaidh na húdaráis inniúla an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ar a laghad.

Beidh CPLanna faoi réir cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag údarás inniúil an CPL uair sa bhliain ar a laghad. Cuirfidh údarás inniúil an CPL ESMA ar an eolas faoi aon chigireacht ar an láthair atá beartaithe mí amháin sula mbeidh an chigireacht sin le déanamh, mura ndéanfar an cinneadh cigireacht ar an láthair a dhéanamh i gcás éigeandála, agus sa chás sin cuirfidh údarás inniúil an CPL ESMA ar an eolas a luaithe a dhéanfar an cinneadh sin. Féadfaidh ESMA a iarraidh a bheith i láthair ag cigireachtaí ar an láthair.

I gcás, tar éis iarraidh ó ESMA de bhun an dara fomhír, ina ndiúltaíonn údarás inniúil an CPL cuireadh a thabhairt do ESMA bheith i láthair ag cigireacht ar an láthair, tabharfaidh sé míniú réasúnaithe ar dhiúltú den sórt sin.

Gan dochar don dara fomhír agus don tríú fomhír, déanfaidh údarás inniúil an CPL aon fhaisnéis ábhartha a fhaightear ón CPL i ndáil leis na cigireachtaí uile ar an láthair a dhéanann sé a chur ar aghaidh chuig ESMA agus chuig comhaltaí an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18.

4. Cuirfidh údarás inniúil an CPL tuarascáil faoi bhráid ESMA agus an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 go tráthrialta, agus go bliantúil ar a laghad, maidir leis an measúnú agus maidir le torthaí an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear i dtaobh an ndearna údarás inniúil an CPL aon ghníomhaíocht feabhais a iarraidh nó an ndearna sé pionóis a fhorchur.

Cumhdófar bliain féilire sa tuarascáil agus cuirfear faoi bhráid ESMA agus an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 í faoin 30 Márta den bhliain féilire dár gcionn. Beidh an tuarascáil sin faoi réir tuairim ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, de bhun Airteagal 19, agus tuairim ó ESMA de bhun Airteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), agus iad eisithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17b.

Féadfaidh ESMA a iarraidh go dtionólfaí cruinniú ad hoc leis an CPL agus lena údarás inniúil. Féadfaidh ESMA cruinniú den sórt sin a iarraidh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inarb ann d'éigeandáil faoi Airteagal 24;

(b) i gcás ina bhfuil ábhair imní ábhartha sainaitheanta ag ESMA maidir le comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo ag an CPL;

(c) i gcás ina measann ESMA go bhféadfadh drochthionchar trasteorann a bheith ag gníomhaíocht an CPL ar a chomhaltaí imréitigh nó ar a gcliaint.

Cuirfear in iúl don choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 go dtionólfar cruinniú agus gheobhaidh sé achoimre ar phríomhthorthaí an chruinnithe sin.

4a. Féadfaidh ESMA a cheangal ar údaráis inniúla an fhaisnéis is gá a sholáthar dó chun a chúraimí a dhéanamh de bhun an Airteagail seo i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(22) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23a:

'*Airteagal 23a*

Comhar maoirseachta idir na húdaráis inniúla agus ESMA i dtaca le CPLanna údaraithe

1. Comhlíonfaidh ESMA ról comhordúcháin idir údaráis inniúla agus ar fud na gcoláistí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cultúr maoirseachta coiteann agus cleachtais mhaoirseachta chomhsheasmhacha a fhorbairt;

(b) nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus cineálacha cur chuige comhsheasmhacha a áirithiú;

(c) comhsheasmhacht sna torthaí maoirseachta a neartú, go háirithe maidir le réimsí maoirseachta a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo nó a bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith acu;

(d) comhordú i staideanna éigeandála a neartú i gcomhréir le hAirteagal 24;

(e) measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus tuairimí á soláthar d'údaráis inniúla de bhun mhír 2 maidir le comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo ag CPLanna i ndáil le rioscaí trasteorann sainaitheanta nó rioscaí do chobhsaíocht airgeadais an Aontais, agus moltaí a thabhairt maidir leis an gcaoi a ndéanfaidh CPL rioscaí den sórt sin a mhaolú.

2. Cuirfidh údaráis inniúla a ndréachtchinntí, a dtuarascálacha nó a mbearta eile faoi bhráid ESMA chun a thuairim a fháil uaidh sula nglacfaidh siad aon ghníomhaíocht nó beart de bhun Airteagail 7, 8 agus 14, Airteagal 15(1), an dara fomhír, Airteagal 21, Airteagail 29 go 33, agus Airteagail 35, 36, 37, 41, 54 agus, ach amháin i gcás ina bhfuil gá práinneach le cinneadh, Airteagal 20.

Féadfaidh údaráis inniúla dréachtchinntí a chur faoi bhráid ESMA freisin chun a thuairim a fháil uaidh sula nglacfaidh siad aon ghníomhaíocht nó beart eile i gcomhréir lena ndualgais faoi Airteagal 22(1).';

(23) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 23b*

An Sásra Faireacháin Comhpháirteach

1. Bunóidh ESMA Sásra Faireacháin Comhpháirteach chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 2 a fheidhmiú.

Beidh an Sásra Faireacháin Comhpháirteach comhdhéanta díobh seo a leanas:

(a) ionadaithe ó ESMA;

(b) ionadaithe ó ÚBE agus ó ÚEÁPC;

(c) ionadaithe ó BERS, BCE agus BCE faoi chuimsiú na gcúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa laistigh den sásra maoirseachta aonair a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013; agus

(d) ionadaithe ó bhainc cheannais eisiúna na n-airgeadraí, cé is moite den euro, ina bhfuil na conarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6) ainmnithe.

Sa bhreis ar na heintitis dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo, féadfaidh bainc cheannais eisiúna na n-airgeadraí ina bhfuil na conarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6) ainmnithe, cé is moite díobh siúd a liostaítear i bpointe (d) den dara fomhír sin, na húdaráis inniúla náisiúnta a dhéanann maoirseacht ar an oibleagáid faoi Airteagal 7a, atá teoranta d'údarás inniúil amháin in aghaidh an Bhallstáit, agus an Coimisiún a bheith rannpháirteach freisin sa Sásra Faireacháin Comhpháirteach mar bhreathnóirí.

Déanfaidh ESMA bainistiú agus cathaoirleacht ar chruinnithe an tSásra Faireacháin Chomhpháirtigh. Féadfaidh Cathaoirleach an tSásra Faireacháin Chomhpháirtigh, arna iarraidh sin do chomhaltaí eile an tSásra Faireacháin Chomhpháirtigh nó ar thionscnamh an Chathaoirligh féin, a iarraidh ar údaráis eile a bheith rannpháirteach sna cruinnithe nuair is ábhartha do na hábhair atá le plé.

2. Déanfaidh an Sásra Faireacháin Comhpháirteach an méid seo a leanas:

(a) faireachán ar chur chun feidhme na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 7a agus 7c, ar leibhéal comhiomlán an Aontais, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:

(i) na neamhchosaintí foriomlána agus an laghdú ar neamhchosaintí ar sheirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo agus a shainaithnítear de bhun Airteagal 25(2c);

(ii) forbairtí a bhaineann le himréiteach in CPLanna a údaraítear faoi Airteagal 14 agus rochtain ar imréiteach ag cliaint ar CPLanna den sórt sin, lena n-áirítear táillí a ghearrann CPLanna den sórt sin as cuntais a bhunú de bhun Airteagal 7a agus aon táille a ghearrann comhaltaí imréitigh ar a gcliaint as cuntais a bhunú agus as imréiteach a dhéanamh de bhun Airteagal 7a;

(iii) forbairtí suntasacha eile i gcleachtais imréitigh a bhfuil tionchar acu ar an leibhéal imréitigh ag CPLanna a údaraítear faoi Airteagal 14;

(b) faireachán ar na himpleachtaí trasteorann a bhaineann le gaolmhaireachtaí imréitigh cliant, lena n-áirítear inaistritheacht agus idirthuilleamaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí comhaltaí agus cliant le bonneagair eile an mhargaidh airgeadais a imréiteach;

(c) rannchuidiú leis an bhforbairt ar mheasúnuithe ar fud an Aontais ar athléimneacht CPLanna a dhíríonn ar rioscaí leachtachta, creidmheasa agus oibríochtúla a bhaineann le CPLanna, le comhaltaí imréitigh agus le cliaint;

(d) rioscaí comhchruinnithe a shainaithint, go háirithe maidir le himréiteach cliant, mar gheall ar chomhtháthú mhargaí airgeadais an Aontais, lena n-áirítear i gcás ina mbaineann roinnt CPLanna, comhaltaí imréitigh nó cliant úsáid as na soláthraithe seirbhíse céanna;

(e) faireachán ar éifeachtacht na mbeart arb é is aidhm dóibh tarraingteacht CPLanna an Aontais a fheabhsú, imréiteach ag CPLanna an Aontais a spreagadh agus faireachán ar rioscaí trasteorann a fheabhsú.

Comhoibreoidh na comhlachtaí atá rannpháirteach sa Sásra Faireacháin Comhpháirteach, an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus comhroinnfidh siad an fhaisnéis is gá chun na cúraimí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a dhéanamh.

I gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil don Sásra Faireacháin Comhpháirteach, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7a(9), déanfaidh údarás inniúil ábhartha na CPLanna údaraithe, a gcomhaltaí imréitigh agus a gcliaint an fhaisnéis is gá a sholáthar lena gcuirtear ar chumas ESMA agus na gcomhlachtaí eile atá rannpháirteach sa Sásra Comhpháirteach Faireacháin na cúraimí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a dhéanamh.

3. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ag údarás inniúil ábhartha, cuirfidh sé de cheangal ar CPLanna údaraithe, ar a gcomhaltaí imréitigh nó ar a gcliaint an fhaisnéis sin a sholáthar. Cuirfidh an t-údarás inniúil ábhartha faisnéis den sórt sin ar aghaidh chuig ESMA gan moill mhíchuí.

4. Faoi réir chomhaontú an údaráis inniúil ábhartha, féadfaidh ESMA an fhaisnéis a iarraidh go díreach ón eintiteas ábhartha freisin. Cuirfidh ESMA an fhaisnéis uile a fhaightear ón eintiteas sin ar aghaidh chuig an údarás inniúil ábhartha gan moill mhíchuí.

5. Déanfar iarrataí ar fhaisnéis ar CPLanna a mhalartú tríd an mbunachar sonraí lárnach.

6. Déanfaidh ESMA, i gcomhar leis na comhlachtaí eile atá rannpháirteach sa Sásra Faireacháin Comhpháirteach, tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le torthaí a ghníomhaíochtaí faoi mhír 2.

Féadfar moltaí maidir le gníomhaíochtaí féideartha ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cothrománacha sainaitheanta a áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

7. Gníomhóidh ESMA i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 i gcás, ar bhonn na faisnéise a fuarthas mar chuid den Sásra Faireacháin Comhpháirteach agus tar éis an phlé a rinneadh ann:

(a) ina measann ESMA go mainníonn na húdaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonann na comhaltaí imréitigh agus cliaint na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7a; nó

(b) ina sainaithníonn ESMA riosca do chobhsaíocht airgeadais an Aontais mar gheall ar shárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais nó ar líomhain nár cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm.

Sula ngníomhóidh ESMA i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh sé treoirlínte nó moltaí a eisiúint de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

8. I gcás ina measann ESMA, ar bhonn na faisnéise a fuarthas mar chuid den Sásra Faireacháin Comhpháirteach agus tar éis an phlé a rinneadh ann, nach n-áirithítear go héifeachtach le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 7a go laghdaítear neamhchosaint iomarcach chomhaltaí imréitigh an Aontais agus a gcliant ar CPLanna Leibhéal 2, déanfaidh sé athbhreithniú ar na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 7a (8) agus, i gcás inar gá, socróidh sé tréimhse oiriúnaithe iomchuí nach faide ná 12 mhí.';

(24) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

'*Airteagal 24*

Staideanna éigeandála

1. Déanfaidh údarás inniúil an CPL nó aon údarás ábhartha eile ESMA, an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, comhaltaí ábhartha CEBC, an Coimisiún agus údaráis ábhartha eile a chur ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon staid éigeandála a bhaineann le CPL, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) cásanna nó teagmhais a mbíonn tionchar acu, nó ar dócha go mbeidh tionchar acu, ar fhóntacht stuamachta nó airgeadais nó ar athléimneacht CPLanna a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14, a gcomhaltaí imréitigh nó a gcliaint;

(b) i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag CPL a phlean téarnaimh a chur i ngníomh de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/23, ina ndearna údarás inniúil beart luath-idirghabhála de bhun Airteagal 18 den Rialachán sin nó ina ndearna údarás inniúil a chur de cheangal go ndéanfaí bainistíocht shinsearach nó bord an CPL a bhriseadh go hiomlán nó go páirteach de bhun Airteagal 19 den Rialachán sin;

(c) i gcás ina dtarlaíonn forbairtí sna margaí airgeadais, nó i margaí eile ina soláthraíonn an CPL seirbhísí imréitigh, a bhféadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith acu ar leachtacht an mhargaidh, ar tharchur an bheartais airgeadaíochta, ar oibriú rianúil na gcóras íocaíochta nó ar chobhsaíocht an chórais airgeadais in aon cheann de na Ballstáit ina bhfuil an CPL nó ceann dá chomhaltaí imréitigh bunaithe.

2. I staid éigeandála, déanfar faisnéis a sholáthar agus a nuashonrú gan moill mhíchuí chun a chur ar chumas chomhaltaí an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 anailís a dhéanamh ar thionchar na staide éigeandála sin go háirithe ar a gcomhaltaí imréitigh agus ar a gcliaint. Féadfaidh comhaltaí an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig na comhlachtaí poiblí atá freagrach as cobhsaíocht airgeadais a margaí, faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla a leagtar amach in Airteagal 83. Beidh feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir leis na comhlachtaí sin a fhaigheann an fhaisnéis sin.

3. I gcás staid éigeandála in CPL amháin nó níos mó a bhfuil nó ar dócha go mbeidh éifeachtaí díchobhsaitheacha aici ar mhargaí trasteorann, déanfaidh ESMA údaráis inniúla, na húdaráis réitigh a ainmnítear de bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/23 agus na coláistí dá dtagraítear in Airteagal 18 den Rialachán seo a chomhordú chun freagairt chomhordaithe a chur i dtoll a chéile ar staideanna éigeandála a bhaineann le CPL agus chun comhroinnt éifeachtach faisnéise a áirithiú i measc na n-údarás inniúil, na gcoláistí dá dtagraítear in Airteagal 18 den Rialachán seo agus na n-údarás réitigh.

4. I gcás staid éigeandála, ach amháin i gcás ina bhfuil gníomhaíocht réitigh á déanamh nó déanta ag údarás réitigh i ndáil le CPL de bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/23, maidir le cruinnithe ad hoc den Choiste Maoirseachta do CPLanna, chun freagairtí na n-údarás inniúil a chomhordú:

(a) féadfaidh an Cathaoirleach ar an gCoiste Maoirseachta do CPLanna iad a chomóradh;

(b) comórfaidh an Cathaoirleach ar an gCoiste Maoirseachta do CPLanna iad, arna iarraidh sin do bheirt chomhaltaí den Choiste Maoirseachta do CPLanna.

5. Tabharfar cuireadh freisin d'aon cheann de na húdaráis seo a leanas freastal ar an gcruinniú ad hoc dá dtagraítear i mír 4, i gcás inarb ábhartha, ag féachaint do na saincheisteanna atá le plé ag an gcruinniú sin:

(a) na bainc cheannais eisiúna ábhartha;

(b) na húdaráis inniúla ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhaltaí imréitigh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, BCE faoi chuimsiú na gcúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa laistigh den sásra maoirseachta aonair a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(c) na húdaráis inniúla ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar ionaid trádála;

(d) na húdaráis inniúla ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar chliaint i gcás inarb eol cé hiad féin;

(e) na húdaráis réitigh ábhartha a ainmnítear de bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/23;

(f) aon chomhalta den choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, nach gcumhdaítear cheana le pointí (a) go (d) den mhír seo.

6. I gcás ina ndéantar cruinniú ad hoc den Choiste Maoirseachta do CPLanna a chomóradh de bhun mhír 4, cuirfidh Cathaoirleach an Choiste sin ÚBE, ÚEÁPC, BERS, an Bord Réitigh Aonair a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus an Coimisiún ar an eolas faoi sin agus tabharfar cuireadh dóibh freisin a bheith rannpháirteach sa chruinniú sin arna iarraidh sin dóibh.

I gcás ina dtionóltar cruinniú tar éis staid éigeandála mar a shonraítear i mír 1, pointe (c), tabharfaidh an Cathaoirleach ar an gCoiste Maoirseachta do CPLanna cuireadh do na bainc cheannais eisiúna ábhartha a bheith rannpháirteach sa chruinniú sin.

7. Féadfaidh ESMA a chur de cheangal ar na húdaráis inniúla ábhartha uile an fhaisnéis is gá a sholáthar dó chun a fheidhm chomhordúcháin dá bhforáiltear san Airteagal seo a dhéanamh.

I gcás ina bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ag údarás inniúil ábhartha, cuirfidh sé ar aghaidh chuig ESMA í gan moill mhíchuí.

I gcás nach bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ag údarás inniúil ábhartha, cuirfidh sé de cheangal ar na CPLanna a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14, ar a gcomhaltaí imréitigh nó ar a gcliaint, ar bhonneagair nasctha an mhargaidh airgeadais nó ar thríú páirtithe gaolmhara a ndearna na CPLanna sin feidhmeanna oibríochtúla nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheachfhoinsiú chucu, de réir mar is ábhartha agus is infheidhme, an fhaisnéis sin a sholáthar dó, agus cuirfidh sé ESMA ar an eolas faoi sin. A luaithe a fhaigheann an t-údarás inniúil ábhartha an fhaisnéis a iarrtar, cuirfidh sé ar aghaidh chuig ESMA í gan moill mhíchuí.

In ionad an fhaisnéis dá dtagraítear sa tríú fomhír a éileamh, féadfaidh an t-údarás inniúil ábhartha cead a thabhairt do ESMA an fhaisnéis sin a éileamh go díreach ón eintiteas ábhartha. Cuirfidh ESMA an fhaisnéis uile a fhaightear ón eintiteas sin ar aghaidh chuig an údarás inniúil ábhartha gan moill mhíchuí.

I gcás nach bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír faighte ag ESMA laistigh de 48 n-uaire an chloig, féadfaidh sé, trí iarraidh shimplí, ceangal a chur ar CPLanna údaraithe, ar a gcomhaltaí imréitigh agus ar a gcliaint, ar bhonneagair nasctha an mhargaidh airgeadais agus ar thríú páirtithe gaolmhara a ndearna na CPLanna sin feidhmeanna oibríochtúla nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheachfhoinsiú chucu an fhaisnéis sin a sholáthar dó gan moill mhíchuí. Cuirfidh ESMA an fhaisnéis uile a fhaightear ó na heintitis sin ar aghaidh chuig an údarás inniúil ábhartha gan moill mhíchuí.

8. Féadfaidh ESMA, ar thogra ón gCoiste Maoirseachta do CPLanna, moltaí a eisiúint de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 a bheidh dírithe chuig údarás inniúil amháin nó níos mó ina moltar dóibh cinntí maoirseachta sealadacha nó buana a ghlacadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16 agus i dTeidil IV agus V den Rialachán seo chun éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais a sheachaint nó a mhaolú. Ní fhéadfaidh ESMA moltaí den sórt sin a eisiúint ach amháin i gcás ina ndéantar difear do níos mó ná CPL amháin a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 nó i gcás ina bhfuil díchobhsú á dhéanamh ag imeachtaí ar fud an Aontais ar mhargaí imréitithe trasteorann.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).';

(25) leasaítear Airteagal 24a mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d)(ii):

'(ii) i gcás ina dtagann an Coiste Maoirseachta do CPLanna le chéile i ndáil le CPLanna a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14, i gcomhthéacs pléití a bhaineann le mír 7 den Airteagal seo, bainc cheannais eisiúna na n-airgeadraí de chuid an Aontais, ar sna hairgeadraí sin atá na hionstraimí airgeadais a imréitíonn CPLanna údaraithe a bhfuil comhaltacht sa Choiste Maoirseachta do CPLanna iarrtha acu, agus nach mbeidh cead vótála acu.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3;

'3. Féadfaidh an Cathaoirleach cuireadh a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, do chomhaltaí na gcoláistí dá dtagraítear in Airteagal 18, d'ionadaithe ó údaráis ábhartha na gcliant, i gcás inarb eol sin, agus d'ionadaithe ó institiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais freastal ar chruinnithe an Choiste Maoirseachta do CPLanna mar bhreathnóirí.'

(c) leasaítear mír 7 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'I ndáil le CPLanna údaraithe nó le CPLanna a bhfuil iarratas ar údarú á dhéanamh acu i gcomhréir le hAirteagal 14, déanfaidh an Coiste Maoirseachta do CPLanna, chun críocha Airteagal 23a, cinntí a ullmhú agus na cúraimí sin a chuirtear ar ESMA in Airteagal 23a agus sna pointí seo a leanas a dhéanamh:';

(ii) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(ba) gach bliain ar a laghad, tosaíochtaí maoirseachta a phlé agus a shainaithint i gcás CPLanna a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán seo chun cur le hullmhú na dtosaíochtaí maoirseachta straitéiseacha uile-Aontais ag ESMA i gcomhréir le hAirteagal 29a de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;

(bb) breithniú a dhéanamh, i gcomhar le ÚBE, ÚEÁPC agus BCE, agus a chúraimí á ndéanamh aige laistigh de shásra maoirseachta aonair faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ar aon rioscaí trasteorann a eascraíonn as gníomhaíochtaí CPLanna, lena n-áirítear i ngeall ar idirnascthacht, idirnaisc agus rioscaí comhchruinnithe CPLanna de bharr naisc trasteorann den sórt sin;

(bc) dréacht-tuairimí a ullmhú lena nglacadh ag an mBord Maoirseoirí i gcomhréir le hAirteagail 17 agus 17b, dréachtbhailíochtuithe a ullmhú lena nglacadh ag an mBord Maoirseoirí i gcomhréir le hAirteagal 49 agus dréachtchinntí a ullmhú lena nglacadh ag an mBord Maoirseoirí i gcomhréir le hAirteagal 49a;

(bd) ionchur a sholáthar do na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 17a:

(be) an Bord Maoirseoirí a chur ar an eolas i gcás nach gcomhlíonann údarás inniúil tuairimí ó ESMA ná aon choinníoll ná aon mholadh atá iontu nó nach bhfuil sé beartaithe aige déanamh amhlaidh, lena n-áirítear an réasúnú ón údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 17(3c) agus le hAirteagal 17b(4).';

(iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Tuairisceoidh ESMA ar bhonn bliantúil don Choimisiún ar na rioscaí trasteorann a eascraíonn as gníomhaíochtaí CPLanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (bb).';

(26) in Airteagal 24b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Maidir le measúnuithe maoirseachta a dhéantar i ndáil le hAirteagail 41, 44, 46, 50 agus 54 agus cinntí a dhéantar dá mbun i ndáil le CPLanna Leibhéal 2, rachaidh an Coiste Maoirseachta do CPLanna i gcomhairle leis na bainc cheannais eisiúna dá dtagraítear in Airteagal 25(3), pointe (f). Beidh cead freagartha ag gach banc ceannais eisiúna. I gcás ina gcinneann an banc ceannais eisiúna freagairt a thabhairt, déanfaidh sé amhlaidh laistigh de 10 lá oibre ón dréachtchinneadh a fháil. I staideanna éigeandála, ní rachaidh an tréimhse sin thar 24 huaire an chloig. I gcás ina molann banc ceannais eisiúna leasuithe nó ina ndéanann sé agóid i gcoinne measúnuithe a bhaineann le hAirteagail 41, 44, 46, 50 agus 54 nó i gcoinne dréachtchinntí dá mbun, tabharfaidh sé cúiseanna iomlána mionsonraithe i scríbhinn. Nuair a thagann deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin, breithneoidh an Coiste Maoirseachta do CPLanna an fhreagairt go cuí maille le haon leasuithe arna moladh ag na bainc cheannais eisiúna agus soláthróidh sé a mheasúnú don bhanc ceannais eisiúna.

2. I gcás nach léiríonn an Coiste Maoirseachta do CPLanna na leasuithe arna moladh ag an mbanc ceannais eisiúna ina dhréachtchinneadh, cuirfidh an Coiste Maoirseachta do CPLanna an banc ceannais eisiúna sin ar an eolas i scríbhinn agus luafaidh sé na cúiseanna iomlána nár cuireadh san áireamh na leasuithe arna moladh ag an mbanc ceannais eisiúna sin, agus míniú á thabhairt ar aon imeacht ó na leasuithe sin. Cuirfidh an Coiste Maoirseachta do CPLanna na freagairtí arna bhfáil agus na leasuithe arna moladh ag na bainc cheannais eisiúna faoi bhráid an Bhoird Maoirseoirí, mar aon leis na cúiseanna nár chuir sé san áireamh iad in éineacht lena dhréachtchinneadh.';

(27) leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír;

'Is ar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 maidir le CPLanna Leibhéal 1 agus i mír 2, pointí (a) go (d), agus mír 2b maidir le CPLanna Leibhéal 2 a bhunófar an cinneadh aitheantais. Laistigh de 180 lá oibre ón tráth a chinnfear go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine i gcomhréir leis an dara fomhír, cuirfidh ESMA in iúl i scríbhinn don CPL is iarratasóir, le míniú lán-réasúnaithe, cibé acu a deonaíodh an t-aitheantas nó ar diúltaíodh dó.';

(b) i mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis an dara fomhír:

'I gcás ina ndéantar an t-athbhreithniú i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, ní cheanglófar ar an CPL iarratas nua ar aitheantas a thíolacadh ach soláthróidh sé an fhaisnéis uile is gá do ESMA chun gur féidir le EMSA athbhreithniú a dhéanamh ar a aitheantas. I gcás ina ndéanann ESMA athbhreithniú ar aitheantas CPL atá bunaithe i dtríú tír i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, ní dhéileálfaidh ESMA le hathbhreithniú den sórt sin mar iarratas ar aitheantas don CPL aitheanta ábhartha.';

(c) i mír 6, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'I gcás ina bhfuil sé chun leasa an Aontais, agus i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais mar gheall ar rannpháirtíocht ionchasach comhaltaí imréitigh agus ionad trádála atá bunaithe san Aontas in CPLanna atá bunaithe i dtríú tír, féadfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh gan beann ar phointe (c) den fhomhír sin a bheith comhlíonta nó gan é a bheith comhlíonta.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Bunóidh ESMA socruithe comhair éifeachtacha le húdaráis ábhartha inniúla na dtríú tíortha ar sainaithníodh go bhfuil a gcreataí dlí agus maoirseachta coibhéiseach leis an Rialachán seo i gcomhréir le mír 6.

7a. I gcás nár chinn ESMA leibhéal CPL go fóill nó i gcás inar chinn ESMA gur CPLanna Leibhéal 1 iad na CPLanna uile nó cuid de na CPLanna i dtríú tír ábhartha, cuirfear san áireamh sna socruithe comhair dá dtagraítear i mír 7 an riosca a bhaineann leis na CPLanna sin a bheith ag soláthar seirbhísí imréitigh agus sonrófar an méid seo a leanas iontu:

(a) an sásra chun faisnéis a mhalartú ar bhonn bliantúil idir ESMA, na bainc cheannais eisiúna dá dtagraítear i mír 3, pointe (f), agus údaráis inniúla na dtríú tíortha lena mbaineann, ionas go mbeidh ESMA in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) a áirithiú go gcomhlíonfaidh an CPL na coinníollacha maidir le haitheantas faoi mhír 2;

(ii) aon tionchar ábhartha féideartha ar leachtacht an mhargaidh nó ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ar chobhsaíocht airgeadais ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a shainaithint; agus

(iii) faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí imréitigh i gceann amháin, nó níos mó, de na CPLanna atá bunaithe sa tríú tír sin ag comhaltaí imréitigh atá bunaithe san Aontas, nó ar cuid de ghrúpa iad atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite san Aontas;

(b) go heisceachtúil, an sásra chun faisnéis a mhalartú ar bhonn ráithiúil lena gceanglaítear faisnéis mhionsonraithe lena gcumhdaítear na gnéithe dá dtagraítear i mír 2a, agus go háirithe faisnéis faoi athruithe suntasacha ar shamhlacha riosca agus ar pharaiméadair riosca, leathnú ghníomhaíochtaí agus sheirbhísí CPL agus athruithe ar struchtúr chuntas na gcliant, agus é d'aidhm aige sin a bhrath an bhféadfadh sé go bhfuil CPL gar do bheith tábhachtach go sistéamach, nó an bhféadfadh sé gur dócha go mbeidh tábhacht shistéamach leis, maidir le cobhsaíocht airgeadais an Aontais nó cobhsaíocht airgeadais ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, chomh maith leis an sásra chun faisnéis a mhalartú faoi fhorbairtí sa mhargadh a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais;

(c) an sásra chun fógra pras a thabhairt do ESMA i gcás ina measann údarás inniúil tríú tír go bhfuil coinníollacha a údaraithe nó dlí eile a bhfuil sé faoina réir á sárú ag CPL a bhfuil maoirseacht á déanamh aige air;

(d) an sásra trína ndéanann an t-údarás inniúil tríú tír fógra pras a thabhairt do ESMA i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag CPL tríú tír a ndéanann an t-údarás inniúil sin maoirseacht air a sheirbhísí imréitigh nó a ghníomhaíochtaí imréitigh a leathnú nó a laghdú;

(e) na nósanna imeachta is gá chun go ndéanfar faireachán éifeachtach ar fhorbairtí rialála agus maoirseachta i dtríú tír;

(f) na nósanna imeachta lena gcuireann údaráis tríú tír ESMA, an coláiste do CPLanna tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 25c, agus na bainc cheannais eisiúna dá dtagraítear i mír 3, pointe (f), ar an eolas gan moill mhíchuí maidir le haon staideanna éigeandála a bhaineann leis an CPL aitheanta, lena n-áirítear forbairtí i margaí airgeadais, a bhféadfadh éifeacht dhochrach a bheith acu ar leachtacht an mhargaidh agus ar chobhsaíocht an chórais airgeadais san Aontas nó i gceann dá Bhallstáit, agus na nósanna imeachta agus na pleananna teagmhasacha chun aghaidh a thabhairt ar staideanna den sórt sin;

(g) na nósanna imeachta lena n-áirithíonn údaráis tríú tír forfheidhmiú éifeachtach na gcinntí a ghlacann ESMA i gcomhréir le hAirteagail 25f agus 25j, Airteagal 25k(1), pointe (b), agus Airteagail 25l, 25m agus 25p;

(h) toiliú ó na húdaráis tríú tír maidir le haon fhaisnéis a sholáthair siad do ESMA a chomhroinnt ina dhiaidh sin faoi na socruithe comhair leis na húdaráis dá dtagraítear i mír 3 agus le comhaltaí den choláiste do CPLanna tríú tír, faoi réir na gceanglas rúndachta gairmiúla a leagtar amach in Airteagal 83.

7b. I gcás inar chinn ESMA gur CPL Leibhéal 2 é CPL amháin ar a laghad i dtríú tír ábhartha, sonrófar sna socruithe comhair dá dtagraítear i mír 7 an méid seo a leanas ar a laghad i ndáil leis na CPLanna Leibhéal 2 sin:

(a) na gnéithe dá dtagraítear i mír 7a, pointí (a), (c), (e), (f) agus (h), i gcás nach bhfuil socruithe comhair bunaithe cheana féin leis an tríú tír ábhartha de bhun na míre sin;

(b) an sásra chun faisnéis a mhalartú ar bhonn míosúil ar a laghad, de réir is iomchuí, idir ESMA, na bainc cheannais eisiúna dá dtagraítear i mír 3, pointe (f), agus údaráis inniúla na dtríú tíortha lena mbaineann, lena n-áirítear rochtain ar an bhfaisnéis uile a iarrann ESMA chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an CPL na ceanglais dá dtagraítear i mír 2b;

(c) na nósanna imeachta a bhaineann le gníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú, lena n-áirítear comhaontú údarás tríú tír i dtaobh imscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a cheadú i gcomhréir le hAirteagail 25g agus 25h faoi seach;

(d) na nósanna imeachta lena n-áirithíonn údaráis tríú tír forfheidhmiú éifeachtach na gcinntí a ghlacann ESMA i gcomhréir le hAirteagail 25b, 25f go 25m, 25p agus 25q;

(e) na nósanna imeachta trína ndéanann údaráis tríú tír an méid seo a leanas:

(i) dul i gcomhairle le ESMA maidir le hullmhú pleananna téarnaimh agus maidir le measúnú a dhéanamh orthu agus maidir le hullmhú pleananna réitigh i ndáil le gnéithe atá ábhartha don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit;

(ii) ESMA a chur ar an eolas gan moill mhíchuí faoi bhunú pleananna téarnaimh agus pleananna réitigh agus faoi aon athrú ábhartha ina dhiaidh sin ar na pleananna sin i ndáil le gnéithe atá ábhartha don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit;

(iii) ESMA a chur ar an eolas gan moill mhíchuí má tá sé beartaithe ag CPL Leibhéal 2 a phlean téarnaimh a chur i ngníomh nó i gcás inar chinn na húdaráis tríú tír go bhfuil an chosúlacht ann go bhfuil géarchéim ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibríochtaí an CPL Leibhéal 2 sin, go háirithe don chumas atá aige seirbhísí imréitigh a sholáthar nó i gcás ina mbeartaíonn na húdaráis tríú tír gníomhaíocht réitigh a dhéanamh go luath sa todhchaí.

7c. I gcás ina measann ESMA go mainníonn údarás inniúil tríú tír aon cheann de na forálacha a leagtar síos i socrú comhair arna bhunú i gcomhréir le míreanna 7, 7a agus 7b, a chur i bhfeidhm, cuirfidh sé é sin in iúl don Choimisiún faoi rún agus gan mhoill. I gcás den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an ngníomh cur chun feidhme a ghlactar i gcomhréir le mír 6.';

(28) in Airteagal 25a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Soláthrófar san iarraidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo bunús fíorasach lena chinneadh go bhfuil inchomparáideacht ann agus na cúiseanna go sásaítear na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16 agus i dTeidil IV agus V le comhlíonadh na gceanglas is infheidhme sa tríú tír. Déanfaidh CPL Leibhéal 2 a iarraidh réasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach.

Deonóidh ESMA comhlíonadh inchomparáide, go páirteach nó go hiomlán, i gcás ina gcinneann sé, bunaithe ar an iarraidh réasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go meastar go bhfuil an CPL Leibhéal 2, trí na ceanglais ábhartha is infheidhme sa tríú tír a chomhlíonadh, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16 agus i dTeidil IV agus V agus go sásaíonn sé, ar an gcaoi sin, an ceanglas maidir le haitheantas faoi Airteagal 25(2b), pointe (a).

Tarraingeoidh ESMA siar, go hiomlán nó i ndáil le ceanglas ar leith, an comhlíonadh inchomparáide, i gcás nach ndéanann CPL Leibhéal 2 na coinníollacha maidir le comhlíonadh inchomparáide a chomhlíonadh a thuilleadh agus i gcás nach ndearna CPL den sórt sin an ghníomhaíocht feabhais arna hiarraidh ag ESMA laistigh den tréimhse ama

shocraithe. Agus é ag cinneadh dháta theacht in éifeacht an chinnidh i dtaobh an comhlíonadh inchomparáide a tharraingt siar, déanfaidh ESMA a dhícheall foráil a dhéanamh do thréimhse oiriúnaithe iomchuí nach mairfidh níos faide ná 6 mhí.

I gcás ina ndeonaíonn EMSA comhlíonadh inchomparáide, leanfaidh sé de bheith freagrach as a dhualgais a chomhlíonadh agus a chúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo, go háirithe faoi Airteagail 25 agus 25b, agus leanfaidh sé dá chumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 25c, 25d, 25f go 25m, 25p agus 25q a fheidhmiú.

Gan dochar do chumas ESMA a chúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, i gcás ina ndeonaíonn ESMA comhlíonadh inchomparáide, tiocfaidh sé ar chomhaontú maidir le socruithe riaracháin leis an údarás tríú tír chun malartú iomchuí faisnéise agus comhar a áirithiú do ESMA chun faireachán a dhéanamh go gcomhlíontar na ceanglais maidir le comhlíonadh inchomparáide ar bhonn leanúnach.';

(29) in Airteagal 25b(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Éileoidh ESMA ar gach CPL Leibhéal 2 gach ceann díobh seo a leanas a thabhairt:

(a) deimhniú, ar bhonn bliantúil ar a laghad, go bhfuil na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 25(2b), pointí (a), (c) agus (d), fós á gcomhlíonadh;

(b) faisnéis agus sonraí ar bhonn tráthrialta chun a áirithiú go bhfuil ESMA in ann maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 25(2b), pointe (a), ag an CPL.';

(30) in Airteagal 25f, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfaidh ESMA, trí iarraidh shimplí nó trí chinneadh, a cheangal ar CPLanna aitheanta agus ar thríú páirtithe gaolmhara a ndearna na CPLanna sin feidhmeanna oibríochtúla nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheachfhoinsiú chucu an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun a chur ar chumas ESMA faireachán a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí imréitigh na CPLanna sin san Aontas agus a chúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo.

Féadfaidh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus a iarrtar trí iarraidh shimplí a bheith ina faisnéis thréimhsiúil nó aonuaire.';

(31) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25o:

'*Airteagal 25o*

Leasuithe ar Iarscríbhinní III agus IV

Chun leasuithe ar Airteagal 16 agus ar Theidil IV agus V a chur san áireamh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 chun a áirithiú go gcomhfhreagróidh na sáruithe faoi Iarscríbhinn III do na ceanglais faoi Airteagal 16 agus faoi Theidil IV agus V.

Chun forbairtí ar mhargaí airgeadais a chur san áireamh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 maidir le bearta chun Iarscríbhinn IV a leasú.';

(32) leasaítear Airteagal 25p mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) i gcás inar sháraigh an CPL lena mbaineann go tromchúiseach agus go córasach aon cheann de na ceanglais is infheidhme a leagtar síos sa Rialachán seo nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh aon cheann de na coinníollacha maidir le haitheantas a leagtar síos in Airteagal 25 agus nach ndearna sé an ghníomhaíocht feabhais a iarrann ESMA laistigh de thréimhse ama a shocraítear go hiomchuí a mhairfidh suas le 1 bhliain ar a mhéad.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Sula dtarraingeoidh sé siar an t-aitheantas i gcomhréir le mír 1, pointe (c), cuirfidh ESMA san áireamh an fhéidearthacht bearta a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 25q(1), pointí (a), (b) agus (c).

Má chinneann ESMA nach ndearnadh gníomhaíocht feabhais laistigh den tréimhse ama a shocraítear i gcomhréir le mír 1, pointe (c), den Airteagal seo nó nach bhfuil an ghníomhaíocht a dhéantar iomchuí, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 25(3), tarraingeoidh ESMA siar an cinneadh aitheantais.’;

(33) leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘Gan dochar do shocruithe idir-inoibritheachta faoi Theideal V ná do dhéanamh a bheartais infheistíochta i gcomhréir le hAirteagal 47, ní bheidh CPL ina chomhalta imréitigh ná ina chliant, ná ní thiocfaidh sé chun bheith ina chomhalta imréitigh ná ina chliant, ná ní bhunóidh sé socruithe indíreacha imréitigh le comhalta imréitigh agus é d’aidhm aige tabhairt faoi ghníomhaíochtaí imréitigh ag CPL.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Beidh an CPL faoi réir iniúchtaí minice agus neamhspleácha. Cuirfear torthaí na n-iniúchtaí sin in iúl do bhord an CPL agus cuirfear ar fáil do ESMA agus d’údarás inniúil an CPL iad.’;

(34) in Airteagal 27, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Tabharfar aird chuí ar phrionsabal na cothromaíochta inscne i gcomhdhéanamh bhord an CPL.’;

(35) leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Bunóidh CPL coiste riosca, ar a mbeidh ionadaithe a chomhaltaí imréitigh, comhaltaí neamhspleácha an bhoird agus ionadaithe a chliant. Féadfaidh an coiste riosca cuireadh a thabhairt d’fhostaithe an CPL agus do shaineolaithe neamhspleácha seachtracha freastal ar choistí riosca ach gan vóta a bheith acu. Féadfaidh ESMA agus údaráis inniúla a iarraidh freastal ar chruinnithe an choiste riosca ach gan vóta a bheith acu agus a bheith curtha ar an eolas mar is cuí faoi ghníomhaíochtaí agus cinntí an choiste riosca. Beidh comhairle an choiste riosca neamhspleách ar aon tionchar díreach ó lucht bainistíochta an CPL. Ní bheidh tromlach ar an gcoiste riosca ag grúpa ar bith de ghrúpaí na n-ionadaithe.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

‘4. Gan dochar do cheart ESMA agus na n-údarás inniúil a bheith curtha ar an eolas mar is cuí, beidh comhaltaí an choiste riosca faoi cheangal ag rúndacht. I gcás ina gcinneann cathaoirleach an choiste riosca go bhfuil coinbhleacht leasa nó go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag comhalta maidir le hábhar ar leith, ní bheidh cead ag an gcomhalta sin vótáil ar an ábhar sin.

5. Cuirfidh CPL ESMA, an t-údarás inniúil agus an coiste riosca ar an eolas go pras faoi aon chinneadh ina gcinneann an bord gan comhairle an choiste riosca a leanúint agus míneoidh sé cinneadh den sórt sin. Féadfaidh an coiste riosca nó aon chomhalta den choiste riosca an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi aon réimse ina measann sé nár leanadh comhairle an choiste riosca.’;

(36) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

‘*Airteagal 30*

Scairshealbhóirí agus comhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu

1. Ní údaróidh an t-údarás inniúil CPL ach amháin má tá sé curtha ar an eolas faoi chéannacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, cibé acu an scairshealbhóirí nó comhaltaí díreacha nó neamhdhíreacha iad, an daoine nádúrtha nó dlítheanacha iad, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu agus faoi mhéideanna na sealúchas sin.

2. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil CPL a údarú i gcás nach bhfuil sé sásta i dtaobh oiriúnacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu sa CPL, ag cur san áireamh an gá atá le bainistíocht fhónta agus stuama CPL a áirithiú. I gcás ina bhfuil coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 bunaithe, eiseoidh an coláiste sin tuairim i dtaobh oiriúnacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu sa CPL, de bhun Airteagal 19 agus i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 17b.

3. I gcás ina bhfuil dlúthnaisc idir an CPL agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile, ní dheonóidh an t-údarás inniúil údarú ach amháin i gcás nach gcuireann na naisc sin bac ar fheidhmiú éifeachtach na bhfeidhmeanna maoirseachta.

4. I gcás ina n-imríonn na daoine dá dtagraítear i mír 1 tionchar ar dócha é go ndéanfaidh sé dochar do bhainistíocht fhónta agus stuama an CPL, déanfaidh an t-údarás inniúil bearta iomchuí chun deireadh a chur leis an staid sin, agus d’fhéadfadh tarraingt siar údarú an CPL a bheith san áireamh sna bearta sin. Eiseoidh an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 tuairim i dtaobh an dócha go ndéanfaidh an tionchar dochar do bhainistíocht fhónta agus stuama an CPL agus maidir leis na bearta a bheartaítear chun deireadh a chur leis an staid sin, de bhun Airteagal 19 agus i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 17b.

5. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil an CPL a údarú i gcás ina ndéanann forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin tríú tír lena rialaítear duine nádúrtha nó dlítheanach nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil dlúthnaisc ag an CPL sin leo, nó deacrachtaí ó thaobh iad a chur i bhfeidhm, cosc a chur ar fheidhmiú éifeachtach na bhfeidhmeanna maoirseachta.’;

(37) leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír agus an cheathrú fomhír:

‘Ar shlí phras agus in aon chás laistigh de 2 lá oibre ón bhfógra dá dtagraítear sa mhír seo a fháil agus ón bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a fháil, déanfaidh an t-údarás inniúil admháil i scríbhinn a chur chuig an bhfaighteoir beartaithe nó chuig an díoltóir beartaithe agus comhroinnfidh sé an fhaisnéis le ESMA agus leis an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18.

Laistigh de 60 lá oibre ón dáta a admhófar i scríbhinn go bhfuarthas an fógra agus na doiciméid uile is gá a chur i gceangal leis an bhfógra ar bhonn an liosta dá dtagraítear in Airteagal 32(4) agus mura gcuirfear síneadh leis i gcomhréir leis an Airteagal seo, (“an tréimhse mheasúnúcháin”), déanfaidh an t-údarás inniúil an measúnú dá bhforáiltear in Airteagal 32(1) (“an measúnú”). Eiseoidh an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 tuairim de bhun Airteagal 19 agus eiseoidh ESMA tuairim de bhun Airteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), agus i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 17b le linn na tréimhse measúnúcháin.’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Déanfaidh an t-údarás inniúil, thar a cheann féin agus arna iarraidh sin do ESMA nó don choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, gan moill mhíchuí le linn na tréimhse measúnúcháin, i gcás inar gá, ach tráth nach déanaí ná an 50ú lá oibre den tréimhse mheasúnúcháin, cibé faisnéis bhreise a iarraidh is gá chun an measúnú a chur i gcrích. Déanfar iarraidh den sórt sin i scríbhinn agus sonrófar an fhaisnéis bhreise is gá inti.’;

(38) in Airteagal 32(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘Beidh measúnú an údaráis inniúil maidir leis an bhfógra dá bhforáiltear in Airteagal 31(2) agus maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 31(3) faoi réir tuairim ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 de bhun Airteagal 19 agus tuairim ó ESMA de bhun Airteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), agus iad eisithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17b.’;

(39) leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Ní dhéanfaidh CPL mórghníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú riosca a sheachfhoinsiú mura mbeidh an seachfhoinsiú sin formheasta ag an údarás inniúil. Beidh cinneadh an údaráis inniúil faoi réir tuairim ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 de bhun Airteagal 19 agus tuairim ó ESMA de bhun Airteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), agus iad eisithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17b.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Cuirfidh CPL an fhaisnéis uile is gá ar fáil arna iarraidh sin, chun a chur ar chumas an údaráis inniúil, ESMA agus an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht fheidhmíocht na ngníomhaíochtaí seachfhoinsithe leis an Rialachán seo.';

(40) leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Bunóidh CPL, i gcás inarb iomchuí de réir an chineáil táirge a imréitítear, catagóirí na gcomhaltaí imréitigh atá inghlactha agus na critéir iontrála, le comhairle ón gcoiste riosca de bhun Airteagal 28(3). Beidh critéir den sórt sin neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus oibiachtúil ionas gur féidir rochtain chothrom agus oscailte ar an CPL a áirithiú agus áiritheofar leo go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus acmhainneacht oibríochtúil leordhóthanach ag comhaltaí imréitigh chun na hoibleagáidí a eascraíonn as rannpháirtíocht in CPL a chomhlíonadh. Ní cheadófar critéir lena gcuirtear srian le rochtain a úsáid ach amháin a mhéid is gurb é is cuspóir dóibh an riosca atá ann don CPL a rialú. Gan dochar do shocruithe idir-inoibritheachta faoi Theideal V ná do dhéanamh bheartas infheistíochta an CPL i gcomhréir le hAirteagal 47, áiritheofar leis na critéir nach féidir le CPLanna ná na tithe imréitigh a bheith ina gcomhaltaí imréitigh, go díreach nó go hindíreach, den CPL.

1a. Ní ghlacfaidh CPL le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh ach amháin más féidir leis na contrapháirtithe neamhairgeadais sin a léiriú cén chaoi a bhfuil sé beartaithe acu na ceanglais éarlaise agus na ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana a chomhlíonadh, lena n-áirítear i ndálaí struis sa mhargadh.

Déanfaidh údarás inniúil CPL a ghlacann le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh athbhreithniú tráthrialta ar na socruithe arna mbunú ag an CPL chun faireachán a dhéanamh go gcomhlíonfar an coinníoll faoin gcéad fhomhír. Tuairisceoidh údarás inniúil an CPL ar bhonn bliantúil don choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 maidir leis na táirgí arna n-imréiteach ag na contrapháirtithe neamhairgeadais sin, maidir lena neamhchosaint fhoriomlán agus maidir le haon rioscaí sainaitheanta.

Ní fhéadfaidh contrapháirtí neamhairgeadais atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh de CPL seirbhísí imréitigh cliant a sholáthar ach do chontrapháirtithe neamhairgeadais a bhaineann leis an ngrúpa céanna leis an gcontrapháirtí neamhairgeadais sin agus ní fhéadfaidh sé cuntais a choimeád ag an CPL ach amháin do shócmhainní agus do shuíomhanna atá á sealbhú dá chuntas féin nó do chuntas na gcontrapháirtithe neamhairgeadais sin.

Féadfaidh ESMA tuairim nó moladh a eisiúint maidir le hoiriúnacht socruithe den sórt sin tar éis athbhreithniú piaraí *ad hoc*.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'7. Déanfaidh ESMA, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE agus CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na gnéithe atá le breithniú a shonrú tuilleadh nuair a dhéanann CPL an méid seo a leanas:

(a) a chritéir iontrála dá dtagraítear i mír 1 a bhunú;

(b) measúnú ar chumas contrapháirtithe neamhairgeadais a ghníomhaíonn mar chomhaltaí imréitigh ceanglais éarlaise agus ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana dá dtagraítear i mír 1a a chomhlíonadh.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt aige, cuirfidh ESMA an méid seo a leanas san áireamh:

(a) na módúlachtaí agus na sainiúlachtaí trína bhféadfadh contrapháirtithe neamhairgeadais rochtain a fháil ar sheirbhísí imréitigh, nó trína ndéanann siad cheana féin é, lena n-áirítear mar chomhaltaí imréitigh díreacha i samhlacha urraithe;

(b) an gá atá le rochtain dhíreach atá fónta ó thaobh stuamachta de a éascú do chontrapháirtithe neamhairgeadais ar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí imréitigh CPL;

(c) an gá atá le comhréireacht a áirithiú;

(d) an gá atá le bainistiú éifeachtach rioscaí a áirithiú.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(41) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38:

'*Airteagal 38*

Trédhearcacht

1. Nochtfaidh CPL agus a chomhaltaí imréitigh go poiblí na praghsanna agus na táillí a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear. Nochtfaidh siad na praghsanna agus na táillí atá ar gach seirbhís a sholáthraítear ar leithligh, lena n-airítear lascainí agus lacáistí agus na coinníollacha chun tairbhiú de na laghduithe sin. Ligfidh CPL dá chomhaltaí imréitigh agus, i gcás inarb iomchuí, dá gcliaint rochtain ar leithligh a bheith acu ar na seirbhísí sonracha a sholáthraítear.

Déanfaidh CPL cuntas a thabhairt go leithleach i dtaobh chostais agus ioncaim na seirbhísí a sholáthraítear agus nochtfaidh sé an fhaisnéis sin do ESMA agus don údarás inniúil.

2. Nochtfaidh CPL do chomhaltaí imréitigh agus do chliaint na rioscaí a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear.

3. Nochtfaidh CPL do ESMA, dá chomhaltaí imréitigh agus dá údarás inniúil an fhaisnéis faoi phraghsanna a úsáidtear chun neamhchosaintí ag deireadh an lae maidir lena chomhaltaí imréitigh a ríomh.

Nochtfaidh CPL go poiblí líon na n-idirbheart a imréitítear i leith gach aicme ionstraimí arna himréiteach ag an CPL ar bhonn comhiomlán.

4. Nochtfaidh CPL go poiblí na riachtanais oibríochtúla agus theicniúla a bhaineann leis na prótacail chumarsáide lena gcumhdaítear formáidí inneachair agus formáidí teachtaireachtaí a úsáideann sé chun idirghníomhú le tríú páirtithe, lena n-áirítear na ceanglais oibríochtúla agus theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 7.

5. Nochtfaidh CPL go poiblí aon sárú arna dhéanamh ag comhaltaí imréitigh ar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 37(1) agus na ceanglais a leagtar síos i mír 1 den Airteagal sin, ach amháin i gcás ina measann an t-údarás inniúil go mbeadh an nochtadh sin ina bhagairt ar an gcobhsaíocht airgeadais nó ar mhuinín an mhargaidh nó go gcuirfeadh sé na margaí airgeadais go mór i mbaol nó go ndéanfadh sé damáiste díréireach do na páirtithe lena mbaineann.

6. Soláthróidh CPL uirlis ionsamhlúcháin dá chomhaltaí imréitigh a chuirfidh ar a gcumas méid na héarlaise tosaigh breise ar leibhéal na punainne, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón CPL ar idirbheart nua a bheith imréitithe, a chinneadh, lena n-áirítear ionsamhlúchán ar na ceanglais éarlaise a bhféadfaidís a bheith faoina réir i gcásanna éagsúla. Is ar bhonn slánrochtana amháin a thabharfar rochtain ar an uirlis sin, agus ní bheidh torthaí an ionsamhlúcháin ina gceangal.

7. Soláthróidh CPL faisnéis dá chomhaltaí imréitigh faoi na samhlacha éarlaise tosaigh a úsáideann sé, lena n-áirítear modheolaíochtaí d'aon fhorlíontáin, ar bhealach soiléir agus trédhearcach. Maidir leis an bhfaisnéis sin:

(a) tabharfar míniú soiléir léi ar dhearadh na samhla éarlaise tosaigh agus an dóigh ina n-oibríonn sí, lena n-áirítear i ndálaí struis sa mhargadh;

(b) tabharfar míniú soiléir léi ar phríomhthoimhdí agus príomhtheorainneacha na samhla éarlaise tosaigh agus na cúinsí faoi nach bhfuil na toimhdí sin bailí a thuilleadh;

(c) beidh sí doiciméadaithe.

8. Déanfaidh comhaltaí imréitigh a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh agus cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh an méid seo a leanas ar a laghad a sholáthar dá gcliaint:

(a) faisnéis faoin gcaoi a n-oibríonn samhlacha éarlaise an CPL;

(b) faisnéis faoi na staideanna agus na coinníollacha a d'fhéadfadh glaonna ar éarlais a spreagadh;

(c) faisnéis faoi na nósanna imeachta a úsáidtear chun an méid atá le breacadh ag na cliaint a shuí; agus

(d) ionsamhlúchán de na ceanglais éarlaise a bhféadfadh cliaint a bheith faoina réir i gcásanna éagsúla.

Chun críocha phointe (d), áireofar in ionsamhlúchán na gceanglas éarlaise na héarlaisí a éilíonn an CPL agus aon éarlais bhreise a éilíonn na comhaltaí imréitigh agus na cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh. Ní bheidh torthaí ionsamhlúcháin den sórt sin ina gceangal.

Arna iarraidh sin do chomhalta imréitigh, déanfaidh CPL, gan moill mhíchuí, an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar don chomhalta imréitigh sin ionas gur féidir leis an gcomhalta imréitigh sin an chéad fhomhír den mhír seo a chomhlíonadh, ach amháin má sholáthraítear an fhaisnéis sin cheana de bhun mhíreanna 1 go 7. I gcás ina soláthraíonn an comhalta imréitigh nó cliant seirbhísí imréitigh, agus i gcás inarb iomchuí, tarchuirfidh siad an fhaisnéis sin chuig a gcliaint.

9. Cuirfidh comhaltaí imréitigh an CPL agus na cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh a gcuid cliant reatha agus féideartha ar an eolas go soiléir faoi na caillteanais fhéideartha nó costais fhéideartha eile a d'fhéadfaidís a iompar mar thoradh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta bainistithe mainneachtana agus socruithe leithdháilte caillteanais agus suíomhanna faoi rialacha oibríochta an CPL, lena n-áirítear an cineál cúitimh a d'fhéadfaidís a fháil, agus Airteagal 48(7) á chur san áireamh. Soláthrófar faisnéis atá mionsonraithe a dhóthain do chliaint chun a áirithiú go dtuigfidh siad na caillteanais sa chás is measa nó na costais eile a d'fhéadfadh a bheith i ndán dóibh i gcás ina ndéanfadh an CPL bearta téarnaimh.

10. Déanfaidh ESMA, i gcomhairle le ÚBE agus CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an méid seo a leanas a shonrú tuilleadh:

(a) na ceanglais atá le comhlíonadh ag an uirlis ionsamhlúcháin agus an cineál aschuir atá le soláthar de bhun mhír 6;

(b) an fhaisnéis atá le soláthar ag CPLanna do chomhaltaí imréitigh maidir le trédhearcacht samhlacha éarlaise de bhun mhír 7;

(c) an fhaisnéis atá le soláthar ag comhaltaí imréitigh agus cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh dá gcliaint faoi mhíreanna 7 agus 8; agus

(d) na ceanglais ionsamhlúchán éarlaisí atá le soláthar do chliaint agus an cineál aschuir atá le soláthar de bhun mhír 8.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(42) in Airteagal 40, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'Gan dochar d'Airteagal 1(4) agus (5), agus é mar chuspóir leis imréiteach lárnach ag eintitis earnála poiblí a éascú, déanfaidh ESMA, faoin 25 Meitheamh 2026, treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena sonraítear an modh atá le húsáid ag CPLanna a údaraítear faoi Airteagal 14 den Rialachán seo chun neamhchosaintí agus ranníocaíochtaí, más ann dóibh, le hacmhainní airgeadais CPLanna ó eintitis earnála poiblí atá rannpháirteach i CPLanna den sórt sin a ríomh, agus aird chuí á tabhairt ar shainordú eintiteas earnála poiblí.';

(43) in Airteagal 41, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

'1. Déanfaidh CPL éarlaisí a fhorchur, a ghlaoch agus a bhailiú óna chomhaltaí imréitigh, agus, i gcás inarb iomchuí, ó CPLanna lena bhfuil socruithe idir-inoibritheachta aige chun teorainn a chur lena neamhchosaintí creidmheasa. Beidh na héarlaisí sin leordhóthanach chun neamhchosaintí féideartha a mheasann an CPL a thiocfaidh chun cinn a chumhdach go dtí leachtú na suíomhanna ábhartha. Beidh siad leordhóthanach freisin chun caillteanais a chumhdach a eascraíonn as 99 % ar a laghad de ghluaiseachtaí na neamhchosaintí thar thréimhse ama iomchuí agus áiritheoidh siad go ndéanfaidh CPL a neamhchosaintí a chomhthaobhú go hiomlán lena chomhaltaí imréitigh ar fad, agus, i gcás inarb ábhartha, le CPLanna lena bhfuil socruithe idir-inoibritheachta aige, ar bhonn laethúil ar a laghad. Déanfaidh CPL faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar leibhéil a éarlaisí i bhfianaise dhálaí reatha an mhargaidh agus aon iarmhairt chomh-thimthriallach a d'fhéadfadh a bheith ag athbhreithnithe den sórt sin á cur san áireamh.

2. Glacfaidh CPL samhlacha agus paraiméadair agus a cheanglais éarlaise á socrú aige lena léirítear saintréithe riosca na dtáirgí a imréitítear agus cuirfidh sé san áireamh an tréimhse idir éarlaisí a bhailiú, leachtacht an mhargaidh agus athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann i gcaitheamh an idirbhirt. Déanfaidh an t-údarás inniúil na samhlacha agus na paraiméadair a bhailíochtú agus beidh siad faoi réir tuairim ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcomhréir le hAirteagal 19 agus faoi réir tuairim ó ESMA i gcomhréir le hAirteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), agus iad eisithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17b.

3. Déanfaidh CPL éarlaisí a ghlaoch agus a bhailiú ar bhonn ionlae, ar a laghad nuair a sháraítear tairseacha réamhshainithe. Agus é sin á dhéanamh aige, déanfaidh CPL, a mhéid is féidir, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a bhailiúcháin éarlaisí ionlae agus a íocaíochtaí éarlaisí ionlae ar staid leachtachta a rannpháirtithe agus ar athléimneacht an CPL a chur san áireamh. Ní shealbhóidh CPL, a mhéid is féidir, íocaíochtaí éarlaise athrúcháin ionlae tar éis dó na híocaíochtaí uile den sórt sin atá dlite a bhailiú.';

(44) in Airteagal 44(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Tomhaisfidh CPL, ar bhonn laethúil, na riachtanais leachtachta a d'fhéadfadh a bheith aige. Cuirfear san áireamh ann an riosca leachtachta a ghintear le mainneachtain dhá eintiteas ar a laghad a bhfuil na neamhchosaintí is mó aige ina leith agus ar comhaltaí imréitigh nó soláthraithe leachtachta iad, cé is moite de bhainc cheannais.';

(45) leasaítear Airteagal 46 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Glacfaidh CPL le comhthaobhacht fhíorleachtach lena mbaineann riosca íosta creidmheasa agus margaidh chun a neamhchosaint tosaigh agus leanúnach ar a chomhaltaí imréitigh a chumhdach.

Féadfaidh CPL, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha ábhartha, glacadh le ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí nó ráthaíochtaí bainc tráchtála, ar choinníoll go bhfuil siad ar fáil go neamhchoinníollach arna iarraidh sin laistigh den tréimhse leachtaithe dá dtagraítear in Airteagal 41.

Socróidh CPL ina rialacha oibríochta an t-íosleibhéal soláthair urrúis chomhthaobhaigh is inghlactha do na ráthaíochtaí a nglacann sé leo agus féadfaidh sé a shonrú gur féidir leis glacadh le ráthaíochtaí bainc phoiblí nó ráthaíochtaí bainc tráchtála atá go hiomlán neamh-chomhthaobhaithe. Ní fhéadfaidh CPL glacadh le ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí ná ráthaíochtaí bainc tráchtála ach amháin chun a neamhchosaint tosaigh agus

leanúnach ar a chomhaltaí imréitigh ar contrapháirtithe neamhairgeadais iad nó ar chliaint comhaltaí imréitigh a chumhdach, ar choinníoll gur contrapháirtithe neamhairgeadais iad na cliaint sin.

I gcás ina soláthraítear sócmhainní, ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí nó ráthaíochtaí bainc tráchtála do CPL, déanfaidh an CPL sin an méid seo a leanas:

(a) na ráthaíochtaí bainc phoiblí nó na ráthaíochtaí bainc tráchtála a chur san áireamh, agus a neamhchosaint ar an mbanc, ar comhalta imréitigh é freisin, a eisíonn iad á ríomh aige;

(b) ráthaíochtaí bainc phoiblí neamh-chomhthaobhaithe nó ráthaíochtaí bainc tráchtála neamh-chomhthaobhaithe a chur faoi réir teorainneacha comhchruinnithe;

(c) caolchorrlaigh leormhaithe a chur i bhfeidhm ar luachanna sócmhainní, ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí agus ráthaíochtaí bainc tráchtála chun a léiriú go bhféadfadh laghdú teacht ar na luachanna sin i gcaitheamh na tréimhse idir a n-athluacháil deiridh agus an tráth faoinar féidir glacadh leis go réasúnach go ndearnadh iad a leachtú nó a fheidhmiú, de réir mar is infheidhme;

(d) an riosca leachtachta a chur san áireamh tar éis mainneachtain rannpháirtí sa mhargadh agus an riosca comhchruinnithe a chur san áireamh ar shócmhainní áirithe i mbunú na comhthaobhachta inghlactha agus na gcaolchorrlach ábhartha don CPL;

(e) a chur san áireamh gur gá aon éifeachtaí comh-thimthriallachta a d'fhéadfadh a bheith ag athbhreithnithe den sórt sin a íoslaghdú agus athbhreithniú á dhéanamh ar leibhéal na gcaolchorrlach a chuireann sé i bhfeidhm maidir leis na sócmhainní agus na ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí nó ráthaíochtaí bainc tráchtála a nglacann sé leo mar chomhthaobhacht.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Forbróidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, agus tar éis dó dul i gcomhairle le BERS agus le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an méid seo a leanas a shonrú:

(a) an cineál comhthaobhachta a d'fhéadfaí a mheas a bheith fíorleachtach, amhail airgead tirim, ór, bannaí rialtais agus bannaí ardcháilíochta corparáide agus bannaí faoi chumhdach,

(b) na caolchorrlaigh dá dtagraítear i mír 1, agus an cuspóir chun a gcomh-thimthriallacht a theorannú á chur san áireamh; agus

(c) na coinníollacha ábhartha faoinar féidir glacadh le ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí agus ráthaíochtaí bainc tráchtála mar chomhthaobhacht faoi mhír 1, lena n-áirítear teorainneacha tiúchana iomchuí, ceanglais maidir le cáilíocht chreidmheasa agus diancheanglais riosca comhghaolmhaireachta le haghaidh ráthaíochtaí bainc phoiblí agus ráthaíochtaí bainc tráchtála.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(46) leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'I gcás ina dtaifeadtar i dtaifid agus cuntais CPL go bhfuil sócmhainní agus suíomhanna á sealbhú do chuntas cliant, ar cliaint iad de chomhalta imréitigh mainneachtana i gcomhréir le hAirteagal 39(2), tabharfaidh an CPL, ar a laghad, tiomantas conarthach go dtionscnóidh sé na nósanna imeachta le haghaidh na sócmhainní agus na suíomhanna arna sealbhú ag an gcomhalta imréitigh mainneachtana do chuntas a chliant uile a aistriú chuig comhalta imréitigh eile atá ainmnithe ag na cliaint sin go léir, agus aistreoidh sé na sócmhainní agus suíomhanna sin mura rud é go ndéanfaidh na cliaint uile agóid i gcoinne aistriú den sórt sin sula gcuirfear an t-aistriú sin i gcrích agus gan toiliú ón gcomhalta imréitigh mainneachtana. Ní bheidh aon oibleagáid ar an gcomhalta

imréitigh eile sin glacadh leis na sócmhainní agus na suíomhanna sin ach amháin i gcás ina ndearna sé caidreamh conarthach roimhe sin leis na cliaint sin a bhfuil sé tar éis tiomantas a thabhairt dóibh go ndéanfaidh sé amhlaidh. Más rud é nach ndearnadh an t-aistriú sin chuig an gcomhalta imréitigh eile ar chúis ar bith laistigh de thréimhse aistrithe réamhshainithe a shonraítear ina rialacha oibríochta, féadfaidh an CPL na céimeanna go léir a cheadaítear lena rialacha a ghlacadh chun na rioscaí i ndáil leis na suíomhanna sin a bhainistiú go gníomhach, lena n-áirítear na sócmhainní agus na suíomhanna arna sealbhú ag an gcomhalta imréitigh mainneachtana do chuntas a chliant a leachtú.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'8. I gcás mainneachtain comhalta imréitigh agus i gcás ina mbeidh sé de thoradh mainneachtain den sórt sin go n-aistreofar, go hiomlán nó go páirteach, sócmhainní agus suíomhanna arna sealbhú ag cliaint ón gcomhalta imréitigh mainneachtana chuig comhalta imréitigh eile i gcomhréir le míreanna 5 agus 6, féadfaidh an comhalta imréitigh eile sin, ar feadh 3 mhí ó dháta an aistrithe sin, brath ar an dícheall cuí a dhéanann an comhalta imréitigh mainneachtana de bhun Roinn 4 de Chaibidil II de Threoir (AE) 2015/849 chun ceanglais na Treorach sin a chomhlíonadh.

I gcás ina bhfuil an comhalta imréitigh ar aistríodh sócmhainní agus suíomhanna, dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, chuige faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, comhlíonfaidh sé na ceanglais chaipitil maidir le neamhchosaintí na gcomhaltaí imréitigh i leith cliant faoin Rialachán sin laistigh de thréimhse arna comhaontú lena údarás inniúil, ar tréimhse í nach faide ná 3 mhí ó dháta an aistrithe sin.';

(47) leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 1e:

'1. Déanfaidh CPL athbhreithniú tráthrialta ar na samhlacha agus ar na paraiméadair a glacadh chun a cheanglais éarlaise, ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana, ceanglais chomhthaobhachta agus sásraí eile rialaithe riosca a ríomh. Cuirfidh sé tástálacha struis diana agus tráthrialta i bhfeidhm ar na samhlacha chun measúnú a dhéanamh ar a n-athléimneacht faoi dhálaí margaidh foircneacha ach sochreidte agus déanfaidh sé cúltástálacha chun measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na modheolaíochta a glacadh. Gheobhaidh an CPL bailíochtú neamhspleách, cuirfidh sé a údarás inniúil agus ESMA ar an eolas faoi thorthaí na dtástálacha a rinneadh agus gheobhaidh sé a mbailíochtú i gcomhréir le míreanna 1a go 1e sula nglacfaidh sé aon athrú suntasach ar na samhlacha agus ar na paraiméadair.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag CPL athrú a ghlacadh ar shamhail nó ar pharaiméadar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh sé ceann amháin de na nithe seo a leanas:

(a) i gcás ina measann an CPL gur athrú suntasach é an t-athrú atá beartaithe de bhun mhír 1i, déanfaidh sé iarratas ar bhailíochtú an athraithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal seo;

(b) i gcás ina measann an CPL nach athrú suntasach é an t-athrú atá beartaithe de bhun mhír 1i den Airteagal seo, déanfaidh sé iarratas ar bhailíochtú an athraithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 49a.

1a. Gach athrú ar shamhlacha agus ar pharaiméadair nach ndéantar measúnú air faoi Airteagal 49a, déanfar measúnú air i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal seo.

Beidh na samhlacha agus na paraiméadair a ghlactar, lena n-áirítear aon athrú suntasach a dhéantar orthu, faoi réir tuairim ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Áiritheoidh ESMA go gcuirfear an fhaisnéis faoi thorthaí na dtástálacha struis ar aghaidh chuig na ÚMEnna, chuig CEBC agus chuig an mBord Réitigh Aonair chun a chur ar a gcumas measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint na ngnóthas airgeadais ar mhainneachtain na CPLanna.

1b. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag CPL aon athrú ar shamhail nó ar pharaiméadar dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh, tíolacfaidh sé iarratas ar bhailíochtú an athraithe sin i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach. Déanfar an t-iarratas sin a chomhroinnt láithreach le húdarás inniúil an CPL, le ESMA agus leis an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18. Cuirfidh an CPL faoi iamh bailíochtú neamhspleách ar an athrú atá beartaithe ar a iarratas.

Laistigh de 2 lá oibre ó iarratas den sórt sin a thíolacadh, seolfar admháil chuig an CPL tríd an mbunachar sonraí lárnach go bhfuarthas an t-iarratas.

1c. Déanfaidh údarás inniúil an CPL agus ESMA araon measúnú, laistigh de 10 lá oibre tar éis na hadmhála go bhfuarthas an t-iarratas, i dtaobh an bhfuil na doiciméid is gá san iarratas agus i dtaobh an bhfuil an fhaisnéis uile a cheanglaítear de bhun mhír 5, pointe (d), sna doiciméid sin.

I gcás ina gcinneann údarás inniúil an CPL nó ESMA nár tíolacadh na doiciméid ná an fhaisnéis uile is gá, iarrfaidh údarás inniúil an CPL ar an CPL is iarratasóir doiciméid bhreise nó faisnéis bhreise a thíolacadh a shainaithin sé nó ESMA a bheith in easnamh, tríd an mbunachar sonraí lárnach. Sa chás sin, féadfar síneadh 10 lá oibre ar a mhéad a chur leis an tréimhse ama a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo. Diúltófar don iarratas i gcás ina gcinneann údarás inniúil an CPL nó ESMA gur mhainnigh an CPL aon iarraidh den sórt sin a chomhlíonadh agus, i gcás den sórt sin, an t-údarás a tháinig ar an gconclúid go bhfuil an t-iarratas le diúltú, cuirfidh sé an t-údarás eile ar an eolas faoin méid sin. Cuirfidh údarás inniúil an CPL an CPL ar an eolas faoi na cinntí an t-iarratas a dhiúltú tríd an mbunachar sonraí lárnach agus cuirfidh sé an CPL ar an eolas freisin faoi na doiciméid nó faoin bhfaisnéis a shainaithnítear mar dhoiciméid nó faisnéis atá in easnamh.

1d. Laistigh de 40 lá oibre ón gcinneadh go ndearnadh na doiciméid agus an fhaisnéis uile a thíolacadh i gcomhréir le mír 1c:

(a) déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú riosca ar an athrú suntasach agus cuirfidh sé a thuarascáil faoi bhráid ESMA agus an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18; agus

(b) déanfaidh ESMA measúnú riosca ar an athrú suntasach agus cuirfidh sé a thuarascáil faoi bhráid údarás inniúil an CPL agus an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18.

Le linn na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh údarás inniúil an CPL, ESMA nó aon duine de chomhaltaí an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 ceisteanna a chur go díreach chuig an CPL is iarratasóir agus faisnéis chomhlántach a iarraidh air, tríd an mbunachar sonraí lárnach, agus socróidh siad sprioc-am faoina bhfuil ar an CPL is iarratasóir faisnéis den sórt sin a sholáthar.

Laistigh de 15 lá oibre ó na tuarascálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil, glacfaidh an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 tuairim de bhun Airteagal 19 agus tarchuirfidh sé chuig ESMA agus chuig an údarás inniúil í. D'ainneoin glacadh sealadach i gcomhréir le mír 1g, ní ghlacfaidh an t-údarás inniúil agus ESMA cinneadh maidir le bailíochtú na n-athruithe suntasacha ar na samhlacha agus ar na paraiméadair a dheonú nó a dhiúltú go dtí go nglacfaidh an coláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 tuairim den sórt sin, ach amháin i gcás nár ghlac an coláiste an tuairim sin faoin sprioc-am.

1e. Laistigh de 10 lá oibre ó thuairim an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 a fháil, nó tar éis dhul in éag an sprioc-ama chun an tuairim sin a thabhairt, cibé acu is luaithe, deonóidh údarás inniúil an CPL agus ESMA araon an bailíochtú nó diúltóidh siad dó araon, agus na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1d, an chéad fhomhír, den Airteagal seo, agus an tuairim sin, á gcur san áireamh, agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas i scríbhinn faoi sin, agus míniú lánréasúnaithe á thabhairt ar dheonú nó diúltú an bhailíochtaithe. I gcás nach bhfuil an t-athrú bailíochtaithe ag údarás inniúil an CPL nó ag ESMA, diúltófar don bhailíochtú.

I gcás nach n-aontaíonn údarás inniúil an CPL leis an tuairim ó ESMA nó ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18, lena n-áirítear aon cheann de na coinníollacha nó moltaí atá inti, beidh cúiseanna iomlána agus míniú ina chinneadh maidir le haon imeacht suntasach ón tuairim sin nó ó na coinníollacha nó moltaí sin.

1f. Cuirfidh údarás inniúil an CPL an CPL ar an eolas, laistigh den sprioc-am dá dtagraítear i mír 1e, i dtaobh ar deonaíodh nó ar diúltaíodh an bailíochtú agus tabharfaidh sé míniú lánréasúnaithe ina leith.

1g. Ní fhéadfaidh an CPL aon athrú suntasach ar shamhail nó ar pharaiméadar dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh sula bhfaighidh sé an bailíochtú óna údarás inniúil agus ó ESMA araon.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, arna iarraidh sin don CPL, féadfaidh an t-údarás inniúil, le comhaontú ó ESMA, cead a thabhairt athrú suntasach ar shamhail nó ar pharaiméadar a ghlacadh go sealadach sula mbailíochtófar iad i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin. Ní cheadófar athrú sealadach den sórt sin ach ar feadh tréimhse áirithe arna sonrú

ag údarás inniúil an CPL agus ESMA go comhpháirteach. Tar éis dhul in éag na tréimhse sin, ní cheadófar don CPL athrú den sórt sin a úsáid ach amháin má tá sé bailíochtaithe de bhun an Airteagail seo.

1h. Maidir le hathruithe ar pharaiméadair ar de thoradh iad ar mhodheolaíocht a chur i bhfeidhm atá mar chuid de shamhail bhailíochtaithe, mar gheall ar ionchur seachtrach nó mar gheall ar athbhreithniú tráthrialta nó cleachtadh calabrúcháin, ní mheasfar gur athruithe ar shamhlacha ná ar pharaiméadair iad chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 49a.

1i. Measfar gur athrú suntasach é athrú i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) fágann an t-athrú go dtiocfaidh laghdú nó méadú suntasach ar acmhainní airgeadais réamh-mhaoinithe iomlána an CPL, lena n-áirítear ceanglais éarlaise, ciste mainneachtana agus acmhainní dílse tiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 45(4);

(b) athraítear struchtúr nó gnéithe struchtúracha na samhla éarlaise;

(c) déantar comhpháirt den tsamhail éarlaise, lena n-áirítear paraiméadar éarlaise nó forlíontán, a thabhairt isteach, a bhaint nó a leasú ar bhealach a fhágann go dtiocfaidh laghdú nó méadú suntasach ar aschur na samhla éarlaise ar leibhéal an CPL;

(d) athraítear an mhodheolaíocht a úsáidtear chun fritháirimh phunainne a ríomh, rud a fhágann go dtiocfaidh laghdú nó méadú suntasach ar na ceanglais éarlaise iomlána le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais laistigh den phunann;

(e) athraítear an mhodheolaíocht chun cásanna tástála struis a shainiú agus a chalabrú chun méid chistí mainneachtana an CPL agus méid ranníocaíochtaí na gcomhaltaí imréitigh aonair leis na cistí mainneachtana sin a chinneadh, rud a fhágann go dtiocfaidh laghdú nó méadú suntasach ar mhéid aon cheann de na cistí mainneachtana nó ar aon ranníocaíocht aonair le ciste mainneachtana;

(f) athraítear an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar riosca leachtachta, rud a fhágann go dtiocfaidh laghdú nó méadú suntasach ar na riachtanais leachtachta a mheastar in airgeadra ar bith nó ar na riachtanais leachtachta iomlána;

(g) athraítear an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun an riosca comhchruinnithe atá ag CPL i leith contrapháirtí aonair a chinneadh, sa chaoi go dtiocfaidh laghdú nó méadú suntasach ar neamhchosaint fhoriomlán an CPL ar an gcontrapháirtí sin;

(h) athraítear an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun comhthaobhacht a luacháil, nó caolchorrlaigh chomhthaobhachta a chalabrú, sa chaoi go dtiocfaidh laghdú nó méadú suntasach ar luach iomlán na comhthaobhachta;

(i) d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag an athrú ar riosca foriomlán an CPL.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Déanfaidh ESMA, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an méid seo a leanas a shonrú tuilleadh;

(a) cad is méadú nó laghdú suntasach ann chun críocha mhír 1i, pointí (a) agus (c) go (h);

(b) na gnéithe atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1i;

(c) athruithe eile ar shamhlacha ar féidir a mheas go bhfuil siad cumhdaithe cheana leis an tsamhail fhormheasta agus, dá bhrí sin, nach meastar gur athrú samhla iad agus nach bhfuil siad faoi réir na nósanna imeachta a bhunaítear san Airteagal seo nó in Airteagal 49a; agus

(d) na liostaí de na doiciméid a cheanglaítear agus atá le bheith ag gabháil le hiarratas ar bhailíochtú de bhun mhír 1c den Airteagal seo agus Airteagal 49a agus an fhaisnéis atá le bheith i ndoiciméid den sórt sin chun a léiriú go gcomhlíonann an CPL ceanglais ábhartha uile an Rialacháin seo.

Beidh na doiciméid agus an leibhéal faisnéise a cheanglaítear i gcomhréir le cineál an bhailíochtaithe samhla ach beidh dóthain mionsonraí iontu chun anailís chuí ar an athrú a áirithiú.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), féadfaidh ESMA luachanna éagsúla a shocrú i gcás na bpointí éagsúla i mír 1i.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'6. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun formáid leictreonach an iarratais atá le tíolacadh chuig an mbunachar sonraí lárnach maidir leis an mbailíochtú dá dtagraítear i mír 1b den Airteagal seo agus Airteagal 49a a shonrú.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(48) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 49a*

Nós imeachta brostaithe maidir le hathruithe neamhshuntasacha ar shamhlacha agus paraiméadair de chuid CPL

1. I gcás ina measann CPL nach gcomhlíonann athrú ar shamhail nó ar pharaiméadar dá dtagraítear in Airteagal 49(1) atá beartaithe aige a ghlacadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 1i den Airteagal sin, féadfaidh sé a iarraidh go mbeidh an t-iarratas ar an athrú a bhailíochtú faoi réir an nós imeachta brostaithe faoin Airteagal seo.

2. Beidh feidhm ag an nós imeachta brostaithe maidir le hathrú atá beartaithe ar shamhail nó ar pharaiméadar i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) d'iarr an CPL go ndéanfaí bailíochtú ar athrú a bhfuil measúnú le déanamh air faoin Airteagal seo; agus

(b) chinn údarás inniúil an CPL agus ESMA araon nach bhfuil an t-athrú atá beartaithe suntasach de bhun mhír 4.

3. Déanfaidh an CPL a iarratas, lena n-áirítear na doiciméid agus an fhaisnéis uile a cheanglaítear de bhun Airteagal 49(5), pointe (d), a thíolacadh i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach. Cuirfidh an CPL an fhaisnéis uile is gá ar fáil chun a léiriú cén fáth a measfar an t-athrú atá beartaithe a bheith neamhshuntasach agus, dá bhrí sin, incháilithe le haghaidh measúnú faoin nós imeachta brostaithe faoin Airteagal seo.

Seolfar admháil chuig an CPL tríd an mbunachar sonraí lárnach laistigh de 2 lá oibre ón iarratas sin a thíolacadh go bhfuarthas an t-iarratas.

4. Cinnfidh údarás inniúil an CPL agus ESMA araon, laistigh de 10 lá oibre tar éis na hadmhála go bhfuarthas an t-iarratas, cibé an athrú suntasach nó neamhshuntasach é an t-athrú atá beartaithe.

5. I gcás ina gcinneann údarás inniúil an CPL nó ESMA, i gcomhréir le mír 4, gur athrú suntasach é an t-athrú, cuirfidh siad é sin in iúl dá chéile i scríbhinn agus ní bheidh an t-iarratas ar an athrú sin a bhailíochtú faoi réir an nós imeachta brostaithe faoin Airteagal seo.

Tabharfaidh údarás inniúil an CPL fógra don CPL is iarratasóir tríd an mbunachar sonraí lárnach, lena n-áirítear míniú lánréasúnaithe, laistigh de 2 lá oibre ón gcinneadh a dhéantar faoi mhír 4. Laistigh de 10 lá oibre ón bhfógra a fháil, déanfaidh an CPL an t-iarratas a tharraingt siar nó comhlánóidh sé é chun na ceanglais maidir le hiarratas faoi Airteagal 49 a chomhlíonadh.

6. I gcás ina gcinneann údarás inniúil an CPL agus ESMA, i gcomhréir le mír 4, nach athrú suntasach é an t-athrú, déanfaidh siad araon, laistigh de 3 lá oibre ón gcinneadh sin, an méid seo a leanas:

(a) an bailíochtú a dheonú, i gcás ina gcomhlíonann an CPL an Rialachán seo, nó é a dhiúltú, i gcás nach gcomhlíonann an CPL an Rialachán seo; agus

(b) a chur in iúl dá chéile i scríbhinn, lena n-áirítear míniú lánréasúnaithe, cibé ar deonaíodh nó ar diúltaíodh an bailíochtú.

I gcás nár dheonaigh aon cheann díobh an bailíochtú samhla, diúltófar don bhailíochtú.

7. Cuirfidh údarás inniúil an CPL an CPL is iarratasóir ar an eolas i scríbhinn, tríd an mbunachar sonraí lárnach, lena n-áirítear míniú lánréasúnaithe, laistigh de 2 lá oibre ó na cinntí a rinneadh faoi mhír 6 i dtaobh ar deonaíodh nó ar diúltaíodh an bailíochtú.';

(49) leasaítear Airteagal 54 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh socrú idir-inoibritheachta, nó aon athrú ábhartha ar shocrú formheasta idir-inoibritheachta faoi Theideal V, faoi réir formheas a fháil roimh ré ó údaráis inniúla na CPLanna lena mbaineann. Iarrfaidh údaráis inniúla na CPLanna an tuairim ó ESMA i gcomhréir le hAirteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), agus ón gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcomhréir le hAirteagal 19, agus iad eisithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17b.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Faoin 25 Meitheamh 2026, eiseoidh ESMA treoirlínte nó moltaí d'fhonn measúnuithe comhsheasmhacha, éifeachtúla agus éifeachtacha a bhunú ar shocruithe idir-inoibritheachta arna ndéanamh ag údaráis inniúla náisiúnta, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. Forbróidh ESMA dréachtaí do na treoirlínte nó na moltaí sin tar éis dó dul i gcomhairle le comhaltaí CEBC.

5. Déanfaidh ESMA, tar éis dó dul i gcomhairle le comhaltaí CEBC agus BERS, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na ceanglais i gcás CPLanna a shonrú tuilleadh chun bainistiú leormhaith a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as socruithe idir-inoibritheachta. Chun na críche sin, cuirfidh ESMA san áireamh na treoirlínte arna n-eisiúint faoi mhír 4 agus déanfaidh sé measúnú i dtaobh an iomchuí na forálacha a áirítear iontu i gcás socruithe idir-inoibritheachta lena gcumhdaítear gach cineál táirge nó conartha, lena n-áirítear conarthaí díorthach agus ionstraimí neamhairgeadais.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 25 Nollaig 2025.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.'

(50) in Airteagal 81(3), an chéad fhomhír, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

'(t) na húdaráis náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu an beartas macrastuamachta a stiúradh.';

(51) leasaítear Airteagal 82 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 1(6), Airteagal 3(5), Airteagal 4(3a), Airteagal 7a(7), Airteagal 11(3a), Airteagal 11(12a), Airteagal 25(2a), Airteagal 25(6a), Airteagal 25a(3), Airteagal 25d(3), Airteagal 25i(7), Airteagal 25o, Airteagal 64(7), Airteagal 70 agus Airteagal 72(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 24 Nollaig 2024.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(6), Airteagal 3(5), Airteagal 4(3a), Airteagal 7a(7), Airteagal 11(3a), Airteagal 11(12a), Airteagal 25(2a), Airteagal 25(6a), Airteagal 25a(3), Airteagal 25d(3), Airteagal 25i(7), Airteagal 25o, Airteagal 64(7), Airteagal 70 agus Airteagal 72(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 6:

‘6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1(6), Airteagal 3(5), Airteagal 4(3a), Airteagal 7a(7), Airteagal 11(3a), Airteagal 11(12a), Airteagal 25(2a), Airteagal 25(6a), Airteagal 25a(3), Airteagal 25d(3), Airteagal 25i(7), Airteagal 25o, Airteagal 64(7), Airteagal 70 nó Airteagal 72(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

(52) leasaítear Airteagal 85 mar a leanas;

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Faoin 25 Nollaig 2029, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ullmhóidh sé tuarascáil ghinearálta. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, mar aon le haon tograí iomchuí.’;

(b) scriostar mír 2;

(c) scriostar mír 4;

(d) scriostar mír 7;

(e) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘7. Faoin 25 Nollaig 2026, cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an bhféidearthacht agus an indéantacht leithscaradh cuntas a cheangal feadh shlabhra imréitigh na gcontrapháirtithe neamhairgeadais agus airgeadais. Beidh anailís costais is tairbhe ag gabháil leis an tuarascáil.

8. Faoin 25 Nollaig 2026, cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir lena iomchuí atá sé an sainmhíniú ar CPL, dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1), den Rialachán seo, a leathnú chuig margaí eile lasmuigh de na margaí airgeadais, amhail margaí tráchtearraí, lena n-áirítear margaí mórdhíola fuinnimh, nó margaí i gcripteashócmhainní faoi Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus maidir leis na himpleachtaí a ghabhann leis sin.

9. Faoin 25 Nollaig 2026, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéantar measúnú ar chothrom iomaíochta agus ar bhreithnithe cobhsaíochta airgeadais maidir le rochtain ghinearálaithe ar an mbanc ceannais do CPLanna an Aontais gan an coinníoll i dtaobh ceadúnas baincéireachta a choimeád. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin an staid i ndlínsí tríú tír.

10. Faoin 25 Nollaig 2027, cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir leis an ngníomhaíocht fhoriomlán in idirbhearta díorthach contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir an Rialacháin seo, ina soláthraítear, inter alia, an fhaisnéis seo a leanas faoi na contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais sin, agus idirdhealú á dhéanamh idir a gcineál airgeadais nó neamhairgeadais:

(a) na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a d'fhéadfadh eascairt as an gcineál sin gníomhaíochta;

(b) na suíomhanna i ndíorthaigh tráchtearraí thar an gcuntar atá os cionn EUR 1 bhilliún, ina sonraítear méid beacht na suíomhanna lena mbaineann;

(c) méid iomlán na gconarthaí díorthach fuinnimh arna dtrádáil, agus idirdhealú á dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, idir na conarthaí díorthach fuinnimh sin arna dtrádáil a úsáidtear chun críoch fálaithe agus na conarthaí díorthach fuinnimh sin arna dtrádáil nach n-úsáidtear chun críoch fálaithe;

(d) méid iomlán na gconarthaí díorthach talmhaíochta arna dtrádáil, agus idirdhealú á dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, idir na conarthaí díorthach talmhaíochta sin arna dtrádáil a úsáidtear chun críoch fálaithe agus na cinn nach n-úsáidtear chun na críche sin;

(e) sciar na gconarthaí díorthach thar an gcuntar agus na gconarthaí díorthach fuinnimh nó talmhaíochta arna dtrádáil ar an malartán a shocraítear go fisiceach i dtoirt iomlán na gconarthaí díorthach fuinnimh nó na gconarthaí díorthach talmhaíochta a thrádáiltear.

11. Faoin 25 Nollaig 2026, déanfaidh ESMA, i gcomhar le BERS, tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Sa tuarascáil, déanfar an méid seo a leanas:

(a) sainmhíniú mionsonraithe a thabhairt ar choincheap na comh-thimthriallachta i gcomhthéacs Airteagal 41 maidir le héarlaisí a ghlaonn CPL agus Airteagal 46 i gcás caolchorrlaigh a chuirtear i bhfeidhm ar chomhthaobhacht arna sealbhú ag CPL;

(b) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh forálacha frith-chomh-thimthriallachta an Rialacháin seo agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 ón gCoimisiún (**) i bhfeidhm thar na blianta agus ar cibé an bhfuil gá le bearta breise chun feabhas a chur ar úsáid uirlisí frith-chomh-thimthriallachta;

(c) eolas a thabhairt maidir leis an gcaoi a bhféadfadh nó nach bhféadfadh méadú ar éarlaisí a bheith mar thoradh ar uirlisí frith-chomh-thimthriallachta a bheadh níos mó ná mar a bheadh mura ndéanfaí na huirlisí sin a chur i bhfeidhm, agus forlíontáin fhéideartha nó fritháirimh fhéideartha á gcur san áireamh a cheadaítear do CPL a chur i bhfeidhm faoin Rialachán seo.

Agus an tuarascáil á hullmhú aige, déanfaidh ESMA measúnú freisin ar na rialacha is infheidhme maidir le CPLanna tríú tír agus ar chleachtais na CPLanna sin, chomh maith le forbairtí idirnáisiúnta a bhaineann le comh-thimthriallacht.

12. Faoin 25 Nollaig 2027, déanfaidh ESMA, i ndlúthchomhar le BERS agus leis an Sásra Faireacháin Comhpháirteach, measúnú ar an gcaoi ar cuireadh Airteagail 15a, 17, 17a, 17b, 49 agus 49a i bhfeidhm.

Go háirithe, bunófar leis an measúnú sin an méid seo a leanas:

(a) cé acu a rinne nó nach ndearna na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) an éifeacht inmhianaithe a bhaint amach maidir le hiomaíochas CPLanna an Aontais a mhéadú agus an t-ualach rialála atá orthu a laghdú;

(b) cé acu a laghdaigh na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2987 an t-am go dtí an margadh i gcás seirbhísí imréitigh nua agus táirgí nua gan tionchar diúltach a imirt ar an riosca do na CPLanna, dá gcomhaltaí imréitigh ná dá gcliaint;

(c) cé acu a bhí nó nach raibh tionchar diúltach ag tabhairt isteach na féidearthachta atá ag CPLanna athruithe dá dtagraítear in Airteagal 15a a chur chun feidhme go díreach ar a bpróifíl riosca nó cé acu a mhéadaigh nó nár mhéadaigh sé na rioscaí foriomlána don chobhsaíocht airgeadais don Aontas, agus cé acu ba cheart nó nár cheart an fhéidearthacht sin a leasú.

Cuirfidh ESMA tuarascáil ar thoradh an mheasúnaithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.

13. Faoin 25 Nollaig 2026, cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin i dtaobh ar tháinig feabhas soiléir go leor ar sheoladh chúraimí ESMA mar thoradh ar na leasuithe a rinneadh ar Airteagal 9 a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2987 agus i dtaobh an raibh tionchar diúltach iomarcach acu ar rannpháirtithe sa mhargadh. Beidh anailís costais is tairbhe ag gabháil leis an tuarascáil.

14. Faoin 25 Nollaig 2028, cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin, i gcomhar le BERS, i dtaobh na nithe seo a leanas:

(a) ar cheart a mheas go bhfuil tábhacht shistéamach le seirbhísí PTRR;

(b) an bhfuil riosca méadaithe ann d'éiceachóras airgeadais an Aontais mar thoradh ar sheirbhísí PTRR a bheith á soláthar ag soláthraithe seirbhíse PTRR; agus

(c) arbh é an toradh a bhí ar an díolúine gur thángthas timpeall ar an oibleagáid imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4.

Laistigh de 18 mí ó tharchur na tuarascála dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis na gnéithe a chuir ESMA i láthair ina thuarascáil. Cuirfidh an Coimisiún a thuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar aon le haon tograí iomchuí.

(*) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála a bhaineann leis na ceanglais ar chontrapháirtithe lárnacha (IO L 52, 23.2.2013, lch. 41).

(***) Rialachán (AE) 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú (IO L, 2024/2987, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2987/oj).';

(53) in Airteagal 89, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'10. I gcás inar comhalta imréitigh nó cliant de chuid CPL eile é CPL, nó i gcás ina bhfuil socruithe imréitigh indíreacha bunaithe aige roimh an 24 Nollaig 2024, beidh sé faoi réir Airteagal 26(1) an 25 Nollaig 2026.

De mhaolú ar Airteagal 37(1), is féidir le CPL cead a thabhairt do CPLanna eile nó do thithe imréitigh eile arbh iad a chomhaltaí imréitigh iad, go díreach nó go hindíreach, amhail ón 31 Nollaig 2023, fanacht mar chomhaltaí imréitigh dó go dtí an 25 Nollaig 2026 ar a dhéanaí.

11. Go dtí an 25 Nollaig 2025 nó 30 lá tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 17c(1), an dara fomhír, cibé dáta is túisce, déanfar an malartú faisnéise, tíolacadh na faisnéise agus na doiciméadachta, agus na fógraí a cheanglaítear chun an bunachar sonraí lárnach a úsáid, a chur i gcrích trí shocruithe malartacha a úsáid.

12. CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 a rinne socrú idir-inoibritheachta in ionstraimí airgeadais seachas urrúis inaistrithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (44), de Threoir 2014/65/AE, agus ionstraimí margaidh airgid le CPL eile a údaraítear faoi Airteagal 14 nó CPL tríú tír a dtugtar aitheantas dó faoi Airteagal 25 roimh an 24 Nollaig 2024, iarrfaidh sé formheas óna údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 54 roimh an 25 Nollaig 2026.

Scoirfear de shocrú idir-inoibritheachta a bhunaítear idir CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 agus CPL nach n-údaraítear faoi Airteagal 14 ná nach dtugtar aitheantas dó faoi Airteagal 25 roimh an 25 Meitheamh 2025. Má dhéantar an CPL lena mbunaítear an socrú idir-inoibritheachta sin a údarú faoi Airteagal 14 nó má thugtar aitheantas dó faoi Airteagal 25 roimh an 25 Meitheamh 2025, iarrfaidh na CPLanna atá ina bpáirtithe sa socrú idir-inoibritheachta sin formheas óna n-údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 54 roimh an 25 Meitheamh 2027.

13. De mhaolú ar Airteagal 11(3), an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír, agus ar Airteagal 11(12a), go dtí go mbeidh sé fógartha go poiblí ag ÚBE go bhfuil a fheidhm bailíochtaithe lárnach curtha ar bun aige, déanfaidh na húdaráis inniúla bailíochtú ar shamhlacha *pro forma*.';

(54) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 90:

'*Airteagal 90*

Foireann agus acmhainní ESMA

Faoin 25 Nollaig 2027, déanfaidh ESMA measúnú ar na riachtanais foirne agus ar na riachtanais acmhainní a eascraíonn as a chumhachtaí agus a dhualgais a ghlacadh de láimh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.';

(55) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) leasaítear Roinn II mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 26(1) mura bhfuil socruithe daingne rialachais aige lena n-áirítear struchtúr soiléir eagraíochtúil ag a bhfuil freagrachtaí dea-shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha, próisis éifeachtacha chun na rioscaí a bhfuil sé neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu agus sásraí leormhaithe um rialú inmheánach, lena n-áirítear nósanna imeachta fónta riaracháin agus cuntasaíochta nó má thagann sé chun bheith ina chomhalta imréitigh nó ina chliant, nó má bhunaíonn sé socruithe imréitigh indíreacha le comhalta imréitigh agus é mar aidhm aige sin tabhairt faoi ghníomhaíochtaí imréitigh ag CPL eile, mura rud é go ndéantar gníomhaíochtaí imréitigh den sórt sin faoi shocrú idir-inoibritheachta faoi Theideal V nó i gcás ina gcuirtear a bheartais infheistíochta i gcrích faoi Airteagal 47;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ab):

'(ab) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 37(1) nó (2) má úsáideann sé, ar bhonn leanúnach, critéir iontrála idirdhealaitheacha, neamh-thrédhearcacha nó shuibiachtúla, nó mura ndéanann sé ar bhealaí eile rochtain chothrom agus oscailte ar an CPL sin a áirithiú ar bhonn leanúnach nó mura n-áirithíonn sé ar bhonn leanúnach go mbíonn acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus acmhainneacht oibríochtúil leordhóthanach ag a chomhaltaí imréitigh chun na hoibleagáidí a bhaineann le bheith páirteach sa CPL sin a chomhlíonadh, nó mura bhfuil critéir iontrála aige lena n-áirithítear nach féidir le CPLanna nó tithe imréitigh a bheith ina gcomhaltaí imréitigh, go díreach nó go hindíreach, ag an CPL, nó mura ndéanann sé, ar bhonn bliantúil, athbhreithniú cuimsitheach ar chomhlíontacht a chomhaltaí imréitigh;';

(iii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(aba) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 37(1a) má ghlacann sé le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh i gcás nach bhfuil sé léirithe ag contrapháirtithe den sórt sin conas a bheartaíonn siad na ceanglais éarlaise agus na ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana a chomhlíonadh, nó mura ndéanann sé athbhreithniú ar na socruithe arna mbunú chun faireachán a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonfar an coinníoll go ngníomhóidh contrapháirtithe neamhairgeadais den sórt sin mar chomhaltaí imréitigh;';

(b) leasaítear Roinn III mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

'(h) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 41(1) mura ndéanann sé éarlaisí a fhorchur, a ghlaoch agus a bhailiú óna chomhaltaí imréitigh nó, i gcás inarb iomchuí, ó CPLanna lena bhfuil socrú idir-inoibritheachta tugtha i gcrích aige chun teorainn a chur lena neamhchosaintí creidmheasa, nó má dhéanann sé éarlaisí a fhorchur, a ghlaoch agus a bhailiú nach bhfuil leordhóthanach chun neamhchosaintí a mheasann an CPL a d'fhéadfadh a bheith ann a chumhdach roimh leachtú na suíomhanna ábhartha nó chun na caillteanais a chumhdach a eascraíonn as ar a laghad 99 % de ghluaiseachtaí na neamhchosaintí thar thréimhse ionchais iomchuí nó a áirithiú go ndéanann an CPL urrús comhthaobhach a sholáthar go hiomlán dá

neamhchosaintí ar a chomhaltaí imréitigh ar fad, agus, nuair is iomchuí, ar na CPLanna uile a bhfuil socruithe idir-inoibritheachta aige leo, ar bhonn laethúil ar a laghad, nó mura ndéanann sé faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar leibhéal na n-éarlaisí chun dálaí margaidh reatha a léiriú agus aon iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith comh-thimthriallach á gcur san áireamh;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

'(j) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 41(3) mura ndéanann sé éarlaisí a ghlaoch agus a bhailiú ar bhonn ionlae, ar a laghad nuair a sháraítear tairseacha réamhshainithe nó má bhíonn íocaíochtaí éarlaise athrúcháin ionlae ina seilbh aige tar éis dó na híocaíochtaí sin ar fad atá dlite a bhailiú, seachas iad a chur ar aghaidh, i gcás inar féidir;';

(iii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(oa) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 45a(1) más rud é go ndéanann sé aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear faoi phointí (a), (b) agus (c) den mhír sin i gcás ina gceanglaíonn ESMA ar an CPL staonadh ó aon ghníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse arna sonrú ag ESMA;';

(iv) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(pa) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 46(1) má ghlacann sé le ráthaíochtaí poiblí, le ráthaíochtaí bainc phoiblí nó le ráthaíochtaí bainc tráchtála, i gcás nach bhfuil na ráthaíochtaí sin ar fáil gan choinníoll arna iarraidh sin laistigh den tréimhse leachtaithe dá dtagraítear in Airteagal 41, nó mura socraíonn sé, ina rialacha oibríochta, an t-íosleibhéal soláthair urrúis chomhthaobhaigh is inghlactha do na ráthaíochtaí a nglacann sé leo, nó má ghlacann sé le ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí nó ráthaíochtaí bainc tráchtála chun neamhchosaintí a chumhdach seachas a neamhchosaint tosaigh agus leanúnach ar a chomhaltaí imréitigh ar contrapháirtithe neamhairgeadais iad nó ar chliaint na gcomhaltaí imréitigh, ar choinníoll gur contrapháirtithe neamhairgeadais iad cliaint sin na gcomhaltaí imréitigh sin nó, i gcás ina soláthraítear ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí nó ráthaíochtaí bainc tráchtála don CPL, nach gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach faoin tríú fomhír, pointí (a) go (e), den mhír sin;';

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ai):

'(ai) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 54(1) más rud é go ndéanann sé socrú idir-inoibritheachta, nó go ndéanann sé athrú ábhartha ar shocrú idir-inoibritheachta formheasta faoi Theideal V, gan formheas ESMA a fháil roimh ré;';

(c) leasaítear Roinn IV mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

'(g) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 38(6) más rud é nach soláthraíonn sé uirlis ionsamhlúcháin dá chomhaltaí imréitigh a chuireann ar a gcumas méid na héarlaise tosaigh breise, ar leibhéal na punainne, a fhéadfaidh a bheith ag teastáil ón CPL ar idirbheart nua a bheith imréitithe, a chinneadh, lena n-áirítear ionsamhlúchán ar na ceanglais éarlaise a bhféadfaidís a bheith faoina réir i gcásanna éagsúla, nó mura ndéanann sé an uirlis sin inrochtana ar bhonn slánrochtana;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

'(h) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 38(7) mura soláthraíonn sé faisnéis faoi na samhlacha don éarlais tosaigh a úsáideann sé dá chomhaltaí imréitigh, mar a shonraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den mhír sin, ar bhealach soiléir agus trédhearcach;';

(iii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(ha) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 38(8) mura soláthraíonn sé an fhaisnéis a iarrtar, nó má sholáthraíonn sé í le moill shuntasach, mar fhreagairt ar iarraidh ó chomhalta imréitigh, chun ligean don chomhalta imréitigh sin an chéad fhomhír den mhír sin a chomhlíonadh, i gcás nár soláthraíodh faisnéis den sórt sin cheana.’;

(d) leasaítear Roinn V mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) soláthraíonn CPL Leibhéal 2 nó a ionadaithe freagraí míchearta nó míthreoracha ar cheisteanna a cuireadh de bhun Airteagal 25g(1), pointe (c);’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) sáraíonn CPL Leibhéal 2 pointe (e) d’Airteagal 25g(1) mura gcomhlíonann sé iarraidh ó ESMA ar thaifid tráchta teileafóin nó sonraí;’.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Leasaítear Airteagal 382 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leanas:

(1) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(aa) idirbhearta laistigh de ghrúpa a dhéantar le contrapháirtithe neamhairgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 atá mar chuid den ghrúpa céanna ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) áirítear an institiúid agus na contrapháirtithe neamhairgeadais sa chomhdhlúthú céanna ar bhonn iomlán agus tá siad faoi réir maoirseacht ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le Cuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2;

(ii) tá siad faoi réir nósanna imeachta iomchuí láraithe rialaithe, tomhais agus meastóireachta riosca; agus

(iii) tá na contrapháirtithe neamhairgeadais bunaithe san Aontas nó, má tá siad bunaithe i dtríú tír, tá gníomh cur chun feidhme glactha ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 4c maidir leis an tríú tír sin;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) idirbhearta laistigh de ghrúpa a dhéantar le contrapháirtithe airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, institiúidí airgeadais nó gnóthais seirbhísí coimhdeacha atá bunaithe san Aontas nó atá bunaithe i dtríú tír a chuireann ceanglais stuamachta agus mhaoirseachta i bhfeidhm maidir leis na contrapháirtithe airgeadais, na hinstitiúidí airgeadais nó na gnóthais seirbhísí coimhdeacha sin atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas, mura rud é go nglacfaidh Ballstáit dlí náisiúnta lena gceanglaítear deighilt struchtúrach laistigh de ghrúpa baincéireachta, agus sa chás sin féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal go n-áireofar na hidirbhearta sin laistigh de ghrúpa idir na heintitis atá deighilte go struchtúrtha sna ceanglais cistí dílse;’;

(2) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4c. Chun críocha mhír 4, pointí (aa) agus (b), féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus faoi réir an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 464(2), cinneadh a ghlacadh i dtaobh an gcuireann tríú tír ceanglais stuamachta mhaoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá ar a laghad coibhéiseach leis na socruithe sin a chuirtear i bhfeidhm san Aontas.’.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1131

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1131 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(24) ciallaíonn "CPL" CPL mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).';

(2) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) ní mó ná 10 % dá shócmhainní an t-airgead tirim a bheidh faighte ag CMA mar chuid den chomhaontú athcheannaigh nach bhfuil imréitithe go lárnach trí CPL a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a dtugtar aitheantas dó i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin;

(da) ní mó ná 15 % dá shócmhainní an t-airgead tirim a bheidh faighte ag CMA mar chuid den chomhaontú athcheannaigh atá imréitithe go lárnach trí CPL a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a dtugtar aitheantas dó i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin;';

(3) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. An neamhchosaint chomhiomlán ar riosca atá ag an gcontrapháirtí céanna de CMA a eascraíonn as idirbhearta díorthach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13 agus nach ndéantar a imréiteach go lárnach trí CPL a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a dtugtar aitheantas dó i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin, ní rachaidh sí thar 5 % de shócmhainní an CMA.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Maidir le méid comhiomlán an airgid thirim a sholáthraítear don chontrapháirtí céanna de CMA i gcomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais nach ndéantar a imréiteach go lárnach trí CPL a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a dtugtar aitheantas dó i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin, ní rachaidh sé thar 15 % de shócmhainní an CMA.

I gcás ina ndéantar comhaontú athcheannaigh droim ar ais a imréiteach go lárnach trí CPL a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a dtugtar aitheantas dó i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin, ní rachaidh an t-airgead tirim arna fháil ag CMA mar chuid de gach comhaontú athcheannaigh droim ar ais thar 15 % de shócmhainní an CMA.';

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (c):

'(c) ionstraimí díorthacha airgeadais nach ndéantar a imréiteach go lárnach trí CPL a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a dtugtar aitheantas dó i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin, a fhágann go bhfuil neamhchosaint ar riosca contrapháirtí ag an gcomhlacht sin.'.

Airteagal 4

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010

In Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Gníomhóidh an tÚdarás laistigh de na cumhachtaí a thugtar leis an Rialachán seo agus laistigh de raon feidhme Threoracha 97/9/CE, 98/26/CE, 2001/34/CE, 2002/47/CE, 2004/109/CE, 2009/65/CE, Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***), Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (****), Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*****) agus a mhéid atá feidhm ag na gníomhartha sin maidir le gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta nó maidir le gnóthais chomhinfheistíochta a dhéanann margaíocht ar a n-aonaid nó ar a scaireanna, eisitheoirí nó táirgeoirí cripteashócmhainní, daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu nó soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht orthu, laistigh de na codanna ábhartha de Threoracha 2002/87/CE agus 2002/65/CE, lena n-áirítear gach treoir, gach rialachán agus gach cinneadh atá bunaithe ar na gníomhartha sin, agus d’aon ghníomh breise de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena dtugtar cúraimí don Údarás.

(*) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

(**) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(***) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

(****) Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

(*****) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).’

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 24 Nollaig 2024 cé is moite d’Airteagal 1, pointí (4) agus (9) lena leasaítear Airteagal 4a(1), (2) agus (3) agus Airteagal 10(1), (2) agus (3), faoi seach, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, nach mbeidh feidhm aige go dtí dáta theacht i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúil rialála dá dtagraítear in Airteagal 10(4) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, arna leasú ag Airteagal 1, pointe (9), den Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 27 Samhain 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	BÓKA J.